RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/4 ÓN gCOIMISIÚN

an 17 Nollaig 2024

lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí dé-ocsaíde tíotáiniam de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus lena mbailítear go cinntitheach an dleacht shealadach arna forchur ar na hallmhairí sin

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad ('an bun-Rialachán') ([1]), agus go háirithe Airteagal 9(4) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

1. NÓS IMEACHTA

1.1. Tionscnamh

(1) An 13 Samhain 2023, thionscain an Coimisiún Eorpach ('an Coimisiún') imscrúdú frithdhumpála i ndáil le hallmhairí dé-ocsaíde tíotáiniam ('TiO_2'), de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne ('an tír lena mbaineann' nó 'an tSín') ar bhonn Airteagal 5 den bhun-Rialachán. D'fhoilsigh sé fógra tionscnaimh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ([2]) ('an fógra tionscnaimh').

(2) Thionscain an Coimisiún an t-imscrúdú tar éis gearán a rinne an Chomhghuaillíocht Eorpach *Ad Hoc* um Dhé-ocsaíd Tíotáiniam ('an gearánach') an 29 Meán Fómhair 2023. Rinneadh an gearán thar ceann thionscal TiO_2 an Aontais Eorpaigh ('an tAontas') de réir bhrí Airteagal 5(4) den bhun-Rialachán. Ba leor an fhianaise sa ghearán maidir le dumpáil agus díobháil ábhartha dá thoradh sin chun údar a thabhairt le tionscnamh an imscrúdaithe.

1.2. Clárú

(3) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1617 ón gCoimisiún ([3]) an 6 Meitheamh 2024 ('an Rialachán maidir le clárú'), chuir an Coimisiún allmhairí an táirge lena mbaineann faoi réir a gcláraithe.

1.3. Bearta sealadacha

(4) I gcomhréir le hAirteagal 19a den bhun-Rialachán, an 13 Meitheamh 2024, thug an Coimisiún achoimre ar na dleachtanna beartaithe do na páirtithe, agus thug sé sonraí dóibh faoi ríomh na gcorrlach dumpála agus na gcorrlach ar leor iad chun deireadh a chur leis an díobháil do thionscal an Aontais. Iarradh ar na páirtithe leasmhara barúlacha a thabhairt maidir le cruinneas na ríomhanna laistigh de 3 lá oibre.

(5) Thug trí úsáideoir, is iad sin Plastika Kritis SA ('Plastika Kritis'), Munksjö Paper AB ('Munksjö') agus Felix Schoeller GmbH & Co. KG ('Felix'), barúlacha nár bhain le cruinneas na ríomhanna.

([1]) IO L 176, 30.6.2016, lch. 21, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/1036/oj.
([2]) Fógra Tionscnaimh maidir le himeachtaí frithdhumpála i ndáil le hallmhairí dé-ocsaíde tíotáiniam ('TiO_2'), de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, (IO C, C/2023/786, 13.11.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2023/786/oj).
([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1617 ón gCoimisiún an 6 Meitheamh 2024 lena gcuirtear allmhairí dé-ocsaíde tíotáiniam de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne faoi réir a gcláraithe (IO L 2024/1617, 7.6.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/1617/oj).

(6) Mhaígh Plastika Kritis, táirgeoir máistirbhaisce báine nach bhfuil aon dumpáil á déanamh de réir a chuid eolais. D'athdhearbhaigh sé freisin na maímh a rinneadh roimhe seo go mbeidh iarmhairtí tubaisteacha ag na dleachtanna frithdhumpála atá beartaithe do thionscal máistirbhaisce an Aontais.

(7) Go háirithe, mhaígh Plastika Kritis go n-éireoidh máistirbhaisceanna ó thríú tíortha eile i bhfad níos iomaíche i margaí an Aontais agus i margaí onnmhairiúcháin araon ós rud é go leanfaidh siad de rochtain a bheith acu ar TiO_2 saor ón tSín. Ina theannta sin, d'áitigh sé, mar gheall ar acmhainneacht theoranta thionscal an Aontais, nach mbeidh soláthar leordhóthanach TiO_2 ann má fhorchuirtear bearta. Ar deireadh, i gcás chur i bhfeidhm cúlghabhálach na ndleachtanna, bainfidh caillteanais níos mó fós d'úsáideoirí ós rud é gur tháinig méadú ar an aga seachadta ar sheachadtaí ón tSín i ngeall ar na hionsaithe ar shoithí tráchtála sa Mhuir Rua sa chéad leath de 2024.

(8) Tugtar aghaidh ar na barúlacha sin sna ranna ábhartha den Rialachán seo i gcomhthéacs na hanailíse ar leas an Aontais agus ar bhailiú cúlghabhálach na ndleachtanna (féach Ranna 7.3.2 agus 8.3).

(9) Chuir Munksjö agus Felix, táirgeoirí páipéir maisiúcháin, barúlacha isteach, agus iad easaontú le cinneadh an Choimisiúin gan díolúine úsáide deiridh a dheonú d'allmhairí TiO_2 de ghrád lannáin agus ag athdhearbhú na maíomh a rinne siad roimhe seo maidir leis an gcúis a gcomhlíontar na coinníollacha chun é a dheonú.

(10) Mhaígh sé freisin go leanfaidh a staid de bheith ag dul in olcas gan díolúine úsáide deiridh den sórt sin fiú in ainneoin gur thionscain an Coimisiún imscrúdú frithdhumpála in aghaidh allmhairí páipéir maisiúcháin ón tSín an 14 Meitheamh 2024. ([4]) Is é is cúis leis sin, má fhorchuirtear dleachtanna san imscrúdú seo, go dtiocfaidh méadú ar a gcostas táirgthe agus go laghdófar praghas TiO_2 ar mhargadh intíre na Síne araon, rud a fhágann go laghdófar an costas táirgthe a thuilleadh do tháirgeoirí páipéir maisiúcháin de chuid na Síne. Ní chuirfear ceachtar de na forbairtí sin san áireamh, áfach, ach a dtiocfar ar na conclúidí sa chás páipéir maisiúcháin, ós rud é go gcríochnaíonn tréimhse imscrúdúcháin an cháis sin roimh fhorchur na ndleachtanna san imscrúdú reatha.

(11) Tugtar aghaidh ar na barúlacha sin i Roinn 7.3.4.

(12) An 11 Iúil 2024, le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1923 ón gCoimisiún ([5]) ('an Rialachán sealadach'), d'fhorchuir an Coimisiún dleachtanna frithdhumpála sealadacha ar allmhairí TiO_2 de thionscnamh na Síne.

1.4. **Nós imeachta ina dhiaidh sin**

(13) Tar éis nochtadh na mbunfhíoras agus na mbunbhreithnithe ar ar a mbonn a forchuireadh dleacht frithdhumpála shealadach ('an nochtadh sealadach'), chuir roinnt páirtithe leasmhara aighneachtaí i scríbhinn isteach inar chuir siad a dtuairimí in iúl maidir leis na torthaí sealadacha laistigh den sprioc-am dá bhforáiltear le hAirteagal 2(1) den Rialachán sealadach. Áirítear orthu sin:

(a) an gearánach;

(b) úsáideoirí an táirge: Siegwerk Druckfarben AG & CO. KGaA ('Siegwerk'), Plastika Kritis, Munksjö, Felix, Teknos Group Oy ('Teknos'), Flint Group GmbH ('Flint'), Akzo Nobel Sourcing BV ('AkzoNobel'), PPG Industries Europe Sarl ('PPG'), Emil FreiLacke GmbH & Co KG ('Emil FreiLacke'), agus Mauvilac;

(c) comhlachais úsáideoirí: Asociación Española de Fabricantes de Pinturas y Tintas de Imprimir ('ASEFAPI'), comhlachas de tháirgeoirí péinteanna agus dúch priontála de chuid na Spáinne; Cónaidhm Thionscail Pháipéir na hEorpa ('CEPI'), comhlachas de chuideachtaí táirgthe páipéir (páipéar lannáin agus páipéar feidhmeanna speisialtachta); Comhlachas na mBratuithe Heilléanacha ('HCA'), comhlachas de mhonaróirí péinteanna agus dúch de chuid na Gréige; agus Comhairle Eorpach um Thionscal na bPéinteanna, na nDúch Priontála agus na nDathanna Ealaíontóirí ('CEPE'), comhlachas de tháirgeoirí péinteanna, dúch priontála agus dathanna ealaíontóirí san Eoraip;

([4]) Fógra Tionscnaimh maidir le himeachtaí frithdhumpála i ndáil le hallmhairí páipéar maisiúcháin de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (IO C, C/2024/3695, 14.6.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/3695/oj).

([5]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1923 ón gCoimisiún an 10 Iúil 2024 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála shealadach ar allmhairí dé-ocsaíde tíotáiniam de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (IO L, 2024/1923, 11.7.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/1923/oj).

(d) allmhaireoirí: AAKO B.V. ('AAKO'); agus

(e) táirgeoirí onnmhairiúcháin: LB Group ('LB') chomh maith le Comhlachas Náisiúnta Thionscal Bratuithe na Síne ('CNCIA'), comhlachas a dhéanann ionadaíocht ar tháirgeoirí onnmhairiúcháin.

(14) Tugadh deis chainte do na páirtithe a d'iarr éisteacht. Reáchtáladh éisteachtaí le Munksjö, Felix, Plastika Kritis, Flint, ASEFAPI, Kleverkem SRL, CEPE, LB, Mauvilac agus an gearánach. Níor tionóladh aon éisteacht leis an Oifigeach Éisteachta i gcomhair imeachtaí trádála.

(15) Lean an Coimisiún air ag lorg agus ag fíorú na faisnéise uile a mheas sé a bheith riachtanach dá gcinntí cinntitheacha. Agus an Coimisiún ag teacht ar a thorthaí cinntitheacha, mheas sé na barúlacha a chuir na páirtithe leasmhara isteach agus rinne sé athbhreithniú ar a chonclúidí sealadacha i gcás inarbh iomchuí.

(16) Chuir an Coimisiún na páirtithe leasmhara uile ar an eolas maidir leis na bunfhíorais agus na bunbhreithnithe ar ar a mbonn a raibh sé beartaithe aige dleacht frithdhumpála chinntitheach a fhorchur ar allmhairí dé-ocsaíde tíotáiniam de thionscnamh na Sine ('an nochtadh deiridh'). Tugadh tréimhse do na páirtithe leasmhara uile ina raibh siad in ann a barúlacha a thabhairt maidir leis an nochtadh.

(17) Tugadh deis chainte do na páirtithe a d'iarr éisteacht freisin. Tharla éisteachtaí le CEPE agus LB. Níor iarr aon pháirtí idirghabháil ón Oifigeach Éisteachta.

1.5. **Maímh maidir le tionscnamh**

(18) In éagmais aon bharúil, dheimhnigh an Coimisiún aithris (6) den Rialachán sealadach.

1.6. **Sampláil**

(19) In éagmais aon bharúil, dheimhnigh an Coimisiún a chuid conclúidí a leagtar amach in aithrisí (7) go (13) den Rialachán sealadach.

1.7. **Scrúdú aonair**

(20) In éagmais aon bharúil, dheimhnigh an Coimisiún a chuid conclúidí a leagtar amach in aithris (14) den Rialachán sealadach.

1.8. **Freagraí ar an gceistneoir agus cuairteanna fíorúcháin**

(21) In éagmais aon bharúil, dheimhnigh an Coimisiún a chuid conclúidí a leagtar amach in aithrisí (15) go (19) den Rialachán sealadach.

1.9. **An tréimhse imscrúdúcháin agus an tréimhse faoi bhreathnú**

(22) In éagmais aon bharúil, dheimhnigh an Coimisiún a chuid conclúidí a leagtar amach in aithris (20) den Rialachán sealadach.

2. **AN TÁIRGE LENA mBAINEANN AGUS AN TÁIRGE COMHCHOSÚIL**

(23) Thug an Coimisiún tuairisc ar an táirge faoi imscrúdú, ar an táirge lena mbaineann agus ar an táirge comhchosúil in aithrisí (21) go (26) den Rialachán sealadach. In éagmais aon bharúil, dheimhnigh an Coimisiún a chuid conclúidí a leagtar amach sna haithrisí sin den Rialachán Sealadach.

2.1. **Maímh maidir le raon feidhme an táirge**

(24) Tar éis na dtorthaí sealadacha, chuir roinnt páirtithe i gcoinne chonclúidí an Choimisiúin maidir le hiarrataí a bhaineann le raon feidhme an táirge. Chuir roinnt páirtithe maímh nua chun cinn freisin maidir le raon feidhme an táirge.

(25) Ina theannta sin, mar a shonraítear in aithris (33) den Rialachán sealadach, ós rud é go ndearnadh roinnt maíomh maidir le raon feidhme an táirge tar éis an sprioc-ama chun na maímh sin a chur isteach, ní raibh an Coimisiún in ann iad a mheas ag an gcéim shealadach. Tá measúnú déanta ar na maímh sin anois agus tugtar aghaidh orthu sna foranna iomchuí thíos.

2.1.1. *Máistirbhaisc Bhán*

(26) In éagmais aon bharúil maidir le raon feidhme an táirge a leathnú chun Máistirbhaisc Bhán ('MB') a chumhdach, deimhnítear aithrisí (34) go (37) den Rialachán sealadach.

2.1.2. *Maímh maidir le struchtúr na códuimhreach táirge*

(27) Ina bharúlacha maidir leis an Rialachán sealadach, mhaígh AkzoNobel nár thug an Coimisiún aghaidh ar thogra AkzoNobel chun struchtúr na códuimhreach táirge a leasú, agus gur cheart don Choimisiún breithniú a dhéanamh ar an gcóduimhir tháirge a bheachtú trí níos mó catagóirí a chur leis an réimse 'cion TiO_2 de réir meáchain' den chóduimhir tháirge.

(28) Rinne an Coimisiún anailís ar gach maíomh a bhaineann leis an leasú ar struchtúr na códuimhreach táirge agus luaigh sé in aithris (42) den Rialachán sealadach nár cuireadh aon fhianaise ar fáil chun a léiriú go ndéanfadh na ceimiceáin sa bhratú difear do phraghsanna. Tá feidhm ag an gconclúid chéanna maidir le maíomh AkzoNobel a ndéantar achoimre air in aithris (27). Níor cuireadh aon fhianaise isteach go mbeadh gá leis an gcóduimhir tháirge a bheachtú trí níos mó catagóirí a chur leis an réimse 'cion TiO_2 de réir meáchain' chun comparáid chothrom praghsanna a áirithiú.

(29) Thairis sin, mar a shonraítear in aithris (43) den Rialachán sealadach, níor chuir aon cheann de na táirgeoirí onnmhairiúcháin i gcoinne struchtúr na códuimhreach táirge atá beartaithe ar an bhforas go mbeadh comparáid éagórach praghsanna mar thoradh air, toisc nach ndéanann na códuimhreacha táirge idirdhealú idir táirgí bunaithe ar na ceimiceáin a théann isteach sa bhratú nó toisc nach bhfuil siad gráinneach go leor sa réimse 'cion TiO_2 de réir meáchain'. Dá bhrí sin, ní raibh aon bhunús ag an gCoimisiún lena chinneadh go mbeadh gá ann an réimse sin a dhéanamh níos gráinní chun comparáid chothrom praghsanna a áirithiú faoi Airteagal 2(10) den bhun-Rialachán.

(30) Dá bhrí sin, mheas an Coimisiún nach raibh bunús leis an maíomh sin agus dhiúltaigh sé do mholadh AkzoNobel.

(31) In éagmais aon argóint agus fianaise nua maidir leis an méid thuas, dheimhnigh an Coimisiún na torthaí ó aithrisí (38) go (44) den Rialachán sealadach.

2.1.3. *Iarrataí ar eisiamh táirgí*

(32) Mheabhraigh an Coimisiún ón tús go leanann sé ó chásdlí socair na Cúirte gurb é cuspóir an tsainmhínithe ar an táirge lena mbaineann in imscrúdú frithdhumpála cuidiú le liosta na dtáirgí a tharraingt suas a bheidh, más gá, faoi réir fhorchur na ndleachtanna frithdhumpála. Chun críocha an phróisis sin, féadfaidh an Coimisiún roinnt tosca a chur san áireamh, amhail, *inter alia*, saintréithe fisiceacha, teicniúla agus ceimiceacha na dtáirgí, a n-úsáid, a n-inmhalartacht, braistint tomhaltóirí, bealaí dáileacháin, an próiseas monaraíochta, costais táirgthe agus cáilíocht. ([6]) Is cásdlí socair é freisin go bhfuil lánrogha leathan ag an gCoimisiún agus an táirge lena mbaineann á shainiú aige. ([7])

(33) Maidir leis an scrúdú i dtaobh ar áiríodh táirge sonrach go bailí ar liosta na dtáirgí a bheidh, más gá, faoi réir fhorchur na ndleachtanna frithdhumpála, ní mór an scrúdú sin a dhéanamh i bhfianaise shaintréithe an táirge lena mbaineann mar atá sainithe ag an gCoimisiún, ní i bhfianaise shaintréithe na dtáirgí a chuimsíonn an táirge lena mbaineann ná a fhochatagóirí. ([8]) Maidir le táirgí nach bhfuil comhionann ar gach bealach, toisc go gcomhfhreagraíonn siad do na tosca a chuir an Coimisiún san áireamh agus an táirge lena mbaineann á shainiú aige, féadfaidh siad teacht faoi shainmhíniú an táirge sin agus, sa chomhthéacs sin, féadfaidh siad a bheith faoi réir imscrúdú frithdhumpála. ([9])

([6]) Féach mar shampla breithiúnais an 13 Meán Fómhair 2010, *Whirlpool Europe v an Chomhairle,* T-314/06, EU:T:2010:390, mír 138, agus an 17 Nollaig 2010, *EWRIA agus Eile v an Coimisiún,* T-369/08, EU:T:2010:549, mír 82.

([7]) Féach, chuige sin, breithiúnais an 17 Márta 2016, Portmeirion Group, C-232/14, EU:C:2016:180, míreanna 46 agus 47, agus an 10 Deireadh Fómhair 2012, *Gem-Year agus Jinn-Well Auto-Parts (Zhejiang) v an Chomhairle*, T-172/09, EU:T:2012:532, mír 62.

([8]) Féach breithiúnas an 18 Samhain 2014, *Photo USA Electronic Graphic v an Chomhairle,* T-394/13, EU:T:2014:964, mír 30.

([9]) Féach, chuige sin, breithiúnais an 18 Samhain 2014, *Photo USA Electronic Graphic v an Chomhairle,* T-394/13, EU:T:2014:964, mír 31, agus an 28 Feabhra 2017, *JingAo Solar agus Eile v an Chomhairle,* T-157/14, EU:T:2017:127, mír 112 agus an cásdlí dá dtagraítear.

(34) De réir an chásdlí, ní mór maíomh nach bhfuil an táirge lena mbaineann sainithe go maith a bheith bunaithe ar argóintí a léiríonn go ndearna an Coimisiún earráid ina mheasúnú maidir leis na tosca a mheas sé a bheith ábhartha nó gur ghá srian a chur le sainmhíniú an táirge lena mbaineann mar gheall ar thosca níos ábhartha a chur i bhfeidhm. ([10])

(35) Mar a mhínítear in aithrisí (24) agus (25), thug roinnt páirtithe iarrataí isteach le haghaidh eisiamh táirgí tar éis an sprioc-ama chun maímh faoin raon táirge a chur isteach nó chuir siad i gcoinne chonclúid shealadach an Choimisiúin maidir lena n-iarraidh. Chun scrúdú a dhéanamh ar na hiarrataí sin ar eisiamh táirgí, mar a shonraítear in aithris (45) den Rialachán sealadach, scrúdaigh an Coimisiún (i) buntréithe fisiceacha, ceimiceacha agus teicniúla na gcineálacha táirgí sin, (ii) a n-úsáid deiridh agus a n-idirmhalartacht, (iii) braistint na gcustaiméirí deiridh. Ar mhaithe le hiomláine, mheas an Coimisiún freisin eilimintí eile a d'fhéadfadh údar a thabhairt le heisiamh táirgí bunaithe ar bhreithnithe maidir le leas an Aontais amhail: (iv) tionchar na ndleachtanna ar an úsáideoir, (v) foinsí malartacha soláthair, agus (vi) tionchar na díolúine ar dhleachtanna. Níor chuir aon pháirtí i gcoinne na n-eilimintí a scrúdaigh an Coimisiún chun measúnú a dhéanamh ar an iarraidh ar eisiamh táirgí.

2.1.3.1. Iarrataí nár breithníodh ag an gcéim shealadach

2.1.3.1.1. $TiO2_{neamhbhrataithe}$ le haghaidh líocha neamhbhána

(36) Rinne Sun Chemical Ltd. ('Sun Chemical') a iarraidh ar eisiamh táirgí in aighneacht dhéanach ag céim shealadach an imscrúdaithe. San aighneacht chéanna, d'iarr sé díolúine úsáide deiridh le haghaidh gráid TiO_2 neamhbhrataithe má úsáidtear iad agus nuair a úsáidtear iad mar idirmheánach chun líocha neamhbhána eile a tháirgeadh ina bhfuil tiontú an chriostalstruchtúir. Dá bhrí sin, mar a mhínítear in aithris (62) den Rialachán sealadach agus mar a léirítear in aithris (25) thuas, níor breithníodh an iarraidh sin ag céim shealadach an imscrúdaithe.

(37) Níor sholáthair Sun Chemical ach roinnt faisnéise maidir le buntréithe fisiceacha, ceimiceacha, agus teicniúla an táirge sin, úsáid deiridh agus idirmhalartacht, tionchar na ndleachtanna ar a ngnó, agus tionchar na díolúine a d'fhéadfadh a bheith ann ar dhleachtanna, ach níor sholáthair sé faisnéis ar bhraistint an chustaiméara deiridh maidir le hathruithe ar an táirge nó ar fhoinsí malartacha soláthair.

(38) Ina theannta sin, níor thug Sun Chemical freagra ar an gceistneoir ná níor chuir sé na sonraí ábhartha infhíoraithe isteach, rud a chuirfeadh ar chumas an Choimisiúin measúnú ceart a dhéanamh ar an maíomh, i bhformáid mhalartach. Dá bhrí sin, níor thug Sun Chemical bunús lena iarraidh fiú maidir leis na chéad trí eilimint a liostaítear in aithris (32) thuas, ná ní raibh an Coimisiún in ann aon chuid den fhaisnéis a cuireadh i láthair a fhíorú.

(39) Mar shampla, ní raibh aon fhaisnéis ag an gCoimisiún maidir le sciar na n-allmhairí ón tSín i meascán soláthair Sun Chemical. Thairis sin, in éagmais fianaise, níorbh fhéidir leis an gCoimisiún an sciar de TiO_2 a mhaítear a bheith i gcostas táirgthe Sun Chemical a fhíorú agus dá bhrí sin ní raibh sé in ann teacht ar chonclúid chruinn maidir leis an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag na dleachtanna air.

(40) Ar an gcaoi chéanna, ní raibh faisnéis fhíoraithe ag an gCoimisiún maidir leis na cineálacha de TiO_2 a cheannaíonn Sun Chemical agus na táirgí ina n-úsáideann sé iad. Dá bhrí sin, ní raibh an Coimisiún in ann idirmhalartacht ná sainiúlacht úsáide a fhíorú ná an bonn a d'fhéadfaí a bhaint d'éifeachtúlacht na ndleachtanna i gcás ina ndeonófaí an t-eisiamh táirge nó na díolúintí úsáide deiridh.

(41) Thairis sin, mhaígh Sun Chemical gurb iad saintréithe ceimiceacha agus fisiceacha idirdhealaitheacha TiO_2 a cheannaíonn sé chun líocha neamhbhána a tháirgeadh nach bhfuil aon bhratú air agus nach mór luach íseal miotal trom a bheith aige. Níor shonraigh sé, áfach, cén tairseach de mhiotail throma é sin agus conas a d'fhéadfadh na húdaráis chustaim í a thomhas, chun inrianaitheacht a áirithiú i gcás ina ndeonófaí eisiamh táirge. Ar a bharr seo, léiríonn faisnéis ar an gcomhad go n-úsáidtear TiO_2 neamhbhrataithe i dtionscail eile freisin, mar shampla táirgeadh criadóireachta, agus go n-úsáidtear é i dtáirgí bia, cógaisíochta agus cosmaideacha.

([10]) Breithiúnais an 28 Feabhra 2017, *JingAo Solar agus Eile v an Chomhairle,* T-157/14, EU:T:2017:127, mír 100, agus an 28 Feabhra 2017, *Canadian Solar Emea agus Eile v an Chomhairle,* T-162/14, EU:T:2017:124, mír 99.

(42) I bhfianaise an mhéid thuas, níor léirigh Sun Chemical gur ceanglaíodh le cur i bhfeidhm tosca eile atá níos ábhartha ná na tosca a bhreithnigh an Coimisiún agus an táirge lena mbaineann á shainiú go gcuirfí srian le sainmhíniú an táirge lena mbaineann trí TiO_2 neamhbhrataithe a eisiamh le haghaidh líocha neamhbhána nó go raibh údar le díolúine úsáide deiridh. Thairis sin, tagann TiO_2 neamhbhrataithe faoin sainmhíniú ar an táirge dá bhforáiltear in aithris (21) den Rialachán sealadach agus níor chuir páirtithe leasmhara aon fhianaise ar fáil a léiríonn nach bhfuil an fhochatagóir TiO_2 sin a allmhairítear ón tSín in iomaíocht le haon táirge eile atá ar fáil ar mhargadh an Aontais. Dá bhrí sin, diúltaítear don iarraidh.

2.1.3.1.2. TiO_2 de ghrád bia

(43) Rinne CEPI an iarraidh seo ar eisiamh táirgí tar éis don sprioc-am chun maímh maidir le raon feidhme an táirge a dhéanamh a bheith caite. Dá bhrí sin, mar a mhínítear in aithris (64) den Rialachán sealadach agus mar a léirítear in aithris (25) thuas, ní fhéadfaí an iarraidh sin a mheas ag céim shealadach an imscrúdaithe. Ní dhearna CEPI maímh bhreise maidir leis an iarraidh sin ina aighneacht maidir leis an Rialachán sealadach. Chuir an gearánach i gcoinne na hiarrata sin ar eisiamh táirgí.

(44) Níor sholáthair CEPI ach roinnt faisnéise maidir le buntréithe fisiceacha, ceimiceacha agus teicniúla an táirge sin, úsáid deiridh agus idirmhalartacht, dearcadh an chustaiméara deiridh maidir le hathruithe ar an táirge, agus foinsí malartacha soláthair, ach níor sholáthair sé faisnéis maidir le tionchar na díolúine féideartha ar dhleachtanna ná maidir leis an tionchar a bheadh ag na dleachtanna ar úsáideoirí.

(45) Tá sé léirithe ag CEPI go bhfuil saintréith cheimiceach speisialta ag TiO_2 de ghrád bia, a mhéid nach mór dó an cion íseal miotail throm agus ceanglais eile maidir le breiseáin bhia E-171 a chomhlíonadh, a leagtar amach le Rialachán (AE) Uimh. 231/2012 ón gCoimisiún. ([11]) Ina theannta sin, d'fhéadfadh na húdaráis chustaim na tairseacha sin a sheiceáil go héasca trí na modhanna caighdeánacha a úsáidtear chun breiseáin bhia a thástáil.

(46) Cé nár thug CEPI aghaidh go sonrach ar shaincheist na húsáide deiridh agus na hidirmhalartachta, thug an Coimisiún dá aire ina leith sin go sonraítear an tairseach miotal trom do TiO_2 de ghrád bia sa dlí. ([12]) Ní fhéadfaí aon ghrád eile TiO_2 a sháraíonn na tairseacha sin a úsáid go dlíthiúil mar bhreiseán bia (E-171).

(47) Mhaígh CEPI freisin nach bhfuil ach dhá tháirgeoir nó trí tháirgeoir de chuid an Aontais in ann TiO_2 de ghrád bia a sholáthar, agus nach bhfuil ach méideanna teoranta díobh ann.

(48) Chuir an gearánach i gcoinne an choincheapa go bhféadfaí idirdhealú a dhéanamh idir TiO_2 de ghrád bia agus cineálacha eile TiO_2 bunaithe ar fhosfar a bheith sa bhratú nó bunaithe ar dhifríochtaí sna próisis táirgthe. Thug an Coimisiún dá aire nach ndearna CEPI maímh den sórt sin riamh agus dá bhrí sin dhiúltaigh sé d'argóintí an ghearánaigh mar argóintí gan bhunús.

(49) Ar bhonn na fianaise a bhí ar fáil, chinn an Coimisiún, fiú más gá do TiO_2 de ghrád bia ceanglais shonracha a chomhlíonadh maidir le breiseáin E-171, nach féidir teacht ar an gconclúid nach bhfuil na buntréithe fisiceacha, ceimiceacha agus teicniúla céanna aige agus atá ag cineálacha eile TiO_2. Níl ann ach fo-chineál de TiO_2. De réir na faisnéise atá ar fáil don Choimisiún, is táirge é a bhfuil na príomh-amhábhair chéanna ag teastáil ina leith agus atá ag teastáil i gcás táirgí a bhfuil feidhmeanna eile acu, ach le híonacht níos airde, agus líne tháirgthe a chosnaítear níos fearr ar éilleáin a thabhairt isteach le linn an phróisis táirgthe chun na tairseacha rialála is gá a bhaint amach.

(50) Thug an Coimisiún dá aire freisin nár sholáthair CEPI aon mheastachán ar an sciar de TiO_2 de ghrád bia a d'fhéadfadh a bheith san éileamh iomlán ar TiO_2. Dá bhrí sin, ní fhéadfadh an Coimisiún measúnú a dhéanamh ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an eisiamh táirge sin ar éifeachtacht na ndleachtanna.

(51) Ina theannta sin, in éagmais na meastachán sin, ní léir fós an mbeadh an dá tháirgeoir nó na trí tháirgeoir de chuid an Aontais, a mhaíonn CEPI atá in ann TiO_2 de ghrád bia a tháirgeadh, in ann éileamh an Aontais ar an ngrád sin a sholáthar. Níor soláthraíodh aon fhianaise bhreise ina leith sin, ach léirigh an t-imscrúdú gur ann d'fhoinsí TiO_2 de ghrád bia i dtríú tíortha eile freisin, amhail Ceanada.

([11]) Rialachán (AE) Uimh. 231/2012 ón gCoimisiún an 9 Márta 2012 lena leagtar síos sonraíochtaí le haghaidh breiseáin bhia a liostaítear in Iarscríbhinní II agus III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle Téacs atá ábhartha maidir le LEE, IO L 83, 22.3.2012, lgh. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/231/oj.

([12]) Rialachán (AE) Uimh. 231/2012 ón gCoimisiún an 9 Márta 2012 lena leagtar síos sonraíochtaí le haghaidh breiseáin bhia a liostaítear in Iarscríbhinní II agus III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, IO L 83, 22.3.2012, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/231/oj.

(52) Dá bhrí sin, níor aimsigh an Coimisiún aon fhoras chun a áitiú nach bhfuil foinsí leordhóthanacha soláthair ar fáil don chineál sin táirge.

(53) Ar deireadh, níor tháinig úsáideoirí eile TiO_2 de ghrád bia chun tosaigh san imscrúdú le haon sonraí maidir leis an tionchar a bheadh ag dleachtanna frithdhumpála ar a ngnó, ná níor sholáthair CEPI ná foinsí eile fianaise den sórt sin. Dá bhrí sin, ní raibh aon fhaisnéis iontaofa ag an gCoimisiún maidir leis an gcineál tionchair a d'fhéadfadh a bheith ag na dleachtanna ar úsáideoirí TiO_2 den chineál sin.

(54) I bhfianaise an mhéid thuas, níor léirigh CEPI gur ceanglaíodh le cur i bhfeidhm tosca eile atá níos ábhartha ná na tosca a bhreithnigh an Coimisiún agus an táirge lena mbaineann á shainiú go gcuirfí srian le sainmhíniú an táirge lena mbaineann trí TiO_2 de ghrád bia a eisiamh. Thairis sin, tagann TiO_2 de ghrád bia faoin sainmhíniú ar an táirge dá bhforáiltear in aithris (21) den Rialachán sealadach agus níor chuir páirtithe leasmhara aon fhianaise ar fáil a léiríonn nach bhfuil an fhochatagóir TiO_2 sin a allmhairítear ón tSín in iomaíocht le haon táirge eile atá ar fáil ar mhargadh an Aontais.

(55) Dá bhrí sin, níorbh fhéidir leis an gCoimisiún teacht ar an gconclúid gur comhlíonadh na heilimintí le haghaidh eisiamh táirgí maidir le TiO_2 de ghrád bia agus dhiúltaigh sé don iarraidh sin.

2.1.3.1.3. Eisiamh TiO_2 a tháirgtear tríd an bpróiseas clóiríde a chur i bhfeidhm

(56) Rinne AkzoNobel iarraidh gur cheart TiO_2 a táirgeadh agus an próiseas clóiríde á chur i bhfeidhm ('próiseas clóiríde TiO_2') a eisiamh ó raon feidhme an imscrúdaithe tar éis an sprioc-am chun maímh maidir leis an raon táirge a dhéanamh a bheith caite cheana féin.. Mar a léirítear in aithris (66) den Rialachán sealadach agus in aithris (25) thuas, níorbh fhéidir dá bhrí sin an iarraidh a mheas ag céim shealadach an imscrúdaithe.

(57) Ar an gcéad dul síos, mhaígh AkzoNobel, ag an tús, nach féidir an próiseas clóiríde TiO_2 agus TiO_2 a tháirgtear trí úsáid a bhaint as an bpróiseas sulfáite ('próiseas sulfáite TiO_2')a ionadú.

(58) Chun bunús a thabhairt leis an maíomh sin, thug AkzoNobel tuairisc ar an gcaoi a dtugann próiseas clóiríde TiO_2 i bpéinteanna friotaíocht aimsire níos fearr, dath níos doimhne a bhraitear a bheith níos gile mar gheall ar a lí ghorm (i gcomparáid le lí scothbhuí an phróisis sulfáite TiO_2), agus na difríochtaí a eascraíonn as sin i bhfeidhmeanna idir an dá cheann (ní úsáidtear próiseas clóiríde TiO_2 ach amháin le haghaidh feidhmeanna lasmuigh, agus úsáidtear próiseas clóiríde agus sulfáite TiO_2 le haghaidh feidhmeanna laistigh).

(59) D'áitigh AkzoNobel freisin, dá mbeadh an próiseas clóiríde TiO_2 agus an próiseas sulfáite TiO_2 inionadaithe, go ndéanfadh an tionscal péinteanna agus bratuithe an t-aistriú go sulfáit TiO_2 cheana féin chun costais táirgthe a laghdú. Ós rud é go bhfuil an t-éileamh ar chlóiríd TiO_2 fós láidir, léiríonn sé nach bhfuil siad inionadaithe.

(60) Ar an dara dul síos, mhaígh AkzoNobel gur cheart próiseas clóiríde TiO_2 a eisiamh ó raon feidhme an imscrúdaithe, ós rud é gur próiseas sulfáite atá i bhformhór an táirgthe sa tSín (agus in allmhairí ón tSín freisin), agus gur próiseas clóiríde TiO_2 atá i bhformhór an táirgthe agus an tomhaltais san Aontas.

(61) Ar an tríú dul síos, mhaígh AkzoNobel, bunaithe ar a shonraí ceannaigh féin, go bhfuil difríochtaí sa phraghas idir próiseas clóiríde TiO_2 na Síne agus próiseas sulfáite $TiO_{2\ \text{na Síne,}}$ chomh maith le próiseas clóiríde TiO_2 ó fhoinsí eile.

(62) Mhaígh AkzoNobel, mar gheall ar an dá eilimint thuas, nach mór an anailís díobhála agus cúisíochta a shaobhadh.

(63) Sna barúlacha uaidh maidir leis an Rialachán sealadach, d'athdhearbhaigh AkzoNobel na hargóintí thuas go bunúsach.

(64) Rinne AkzoNobel agóid in aghaidh chonclúid an Choimisiúin go bhfuil an príomh-idirdhealú ar an margadh idir TiO_2 anatáise agus TiO_2 rúitíle. Chuige sin, tharraing AkzoNobel aird ar roinnt tuarascálacha faisnéise margaidh a sholáthair sé roimhe seo, ina líomhnaítear go léiríonn siad go bhfuil an príomh-idirdhealú iarbhír ar phróiseas clóiríde agus sulfáite TiO_2.

(65) Ar deireadh, níor chuir AkzoNobel in aghaidh chonclúid an Choimisiúin ó aithrisí (68) agus (69) den Rialachán sealadach ach mhaígh sé, fiú agus 66 % d'allmhairí na Síne a bheith ina bpróiseas sulfáite TiO_2, nach bhfuil siad in iomaíocht le 90 % de tháirgeadh an Aontais atá bunaithe ar phróiseas clóiríde. Dá bhrí sin, is cinnte go ndéantar anailísí díobhála agus cúisíochta a shaobhadh (seachas ríomhanna a dhéantar ar leibhéal PCN) chun dochair d'allmhairí TiO_2 na Síne.

(66) Agus anailís á déanamh ar iarraidh AkzoNobel, thug an Coimisiún dá aire go bhfuil a iarraidh ar eisiamh táirgí bunaithe go bunúsach ar an maíomh a) nach bhfuil próiseas clóiríde agus sulfáite TiO_2 inionadaithe, b) go bhfuil difríocht sa phraghas idir na cineálacha TiO_2 a dhíorthaítear ó gach ceann de na próisis, agus c) gur próiseas sulfáite é formhór TiO_2 a tháirgtear agus a thagann ón tSín, agus gur próiseas clóiríde TiO_2 atá i bhformhór an táirgthe agus an tomhaltais san Aontas.

(67) Scrúdaigh an Coimisiún an fhianaise ar a dtugtar tuairisc in aithris (64) thuas agus thug sé dá aire nach léirítear sna tuarascálacha sin ach an méid acmhainneachta a mheastar a bheith ag táirgeoirí aonair faoi gach ceann den dá phróiseas táirgthe. Ní bhaineann an fíoras gur ann do dhá phróiseas táirgthe éagsúla, agus go ndéantar a n-acmhainneachtaí faoi seach a rianú, leis an gceist cé acu a dhéanann nó nach ndéanann na gníomhaithe margaidh idirdhealú lárnach ar an mbonn sin.

(68) Dá bhrí sin, níor tugadh aon fhianaise nua ar aghaidh chun cur i gcoinne chonclúid an Choimisiúin go ndéanann an margadh idirdhealú go ginearálta idir TiO_2 mar anatáis nó rúitíl. Os a choinne sin, rinne táirgeoir onnmhairiúcháin neamhshampláilte Guanxi Jinmao Titanium Co., Ltd., iarraidh ar eisiamh táirgí le haghaidh anatáis TiO_2 fiú, ag maíomh difríochtaí suntasacha agus easpa inionadaitheachta idir anatáis agus rúitíl TiO_2.

(69) Maidir le maíomh AkzoNobel go bhfuil feidhmeanna éagsúla ag próiseas clóiríde agus sulfáite TiO_2, thug an Coimisiún dá aire ar dtús go ndearna AkzoNobel an maíomh sin ar bhonn feidhmeanna laistigh vs. lasmuigh dá tháirgí féin, nach bhfuil ábhartha ach amháin sa tionscal péinteanna agus bratuithe. D'fhéadfadh tionscail eile próiseas clóiríde agus sulfáite TiO_2 a cheannach le húsáid go hinmhalartaithe sna feidhmeanna céanna (mar is amhlaidh, e.g., i dtáirgeadh páipéir maisiúcháin nó máistirbhaisceanna). Ar a bharr sin, luaigh fiú AkzoNobel féin ina fhreagra ar an gceistneoir go n-úsáideann sé próiseas clóiríde agus sulfáite TiO_2 araon i gcás roinnt feidhmeanna dá tháirgí.

(70) Dá bhrí sin, fiú dá mbeadh scoilt shoiléir idir úsáid a bhaint as próiseas clóiríde TiO_2 amháin i roinnt feidhmeanna péinteanna agus bratuithe agus gan ach sulfáit a úsáid i gcásanna eile (*quod non*), éilíodh é seo le haghaidh cineál amháin úsáide agus ní gá go mbeadh sé seo amhlaidh i gcás na dtionscal eile uile. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún don argóint sin.

(71) Go deimhin, léirigh an t-imscrúdú go bhfuil tionscail iartheachtacha iomadúla ann ina n-úsáidtear táirgí TiO_2 a cuireadh in oiriúint chun feidhmiú go maith i bhfeidhm ar leith nó fiú i roinnt feidhmeanna.

(72) Tá táirgí éagsúla le haghaidh feidhmeanna éagsúla laistigh de gach tionscal úsáideora: péinteanna ailtireachta, bratuithe tionsclaíocha (laistigh de thionscail péinteanna agus bratuithe), páipéir lannáin le haghaidh dromchlaí éagsúla an troscáin nó an urláir (tionscal an pháipéir mhaisiúcháin), dúigh ghrafacha le haghaidh lipéid ghréasáin chúnga, le haghaidh pacáistiú solúbtha, agus le haghaidh feidhmeanna páipéir agus cláir (tionscal dúigh ghrafaigh), agus gan ach roinnt díobh á liostú.

(73) Laistigh de gach ceann de na deighleoga liostaithe den mhargadh, agus fiú feidhmeanna aonair, is minic a bheidh foirmlithe iolracha dá dtáirgí ag úsáideoirí, ag brath ar an úsáid deiridh shonrach agus ar riachtanais na gcustaiméirí.

(74) Léirigh an t-imscrúdú freisin gur minic a dhéanfaidh úsáideoirí tástáil ar ghráid shonracha TiO_2 a thairgeann táirgeoirí TiO_2 le haghaidh feidhmíochta sna foirmlithe a úsáideann siad agus dá réir sin cruthóidh siad oidis/foirmlí amháin nó níos mó a fheidhmeoidh ar bhealach sonrach dá dtáirgí. Dá bhrí sin, díolfar an táirge sin le haghaidh úsáid shonrach laistigh d'fheidhm áirithe.

(75) Braithfidh feidhmíocht na dtáirgí sin, i measc rudaí eile, ar an gcineál TiO_2 a úsáideann siad, lena n-áirítear méid cáithníní TiO_2, moirfeolaíocht criostail (anatáis nó rúitíl), cé acu atá nó nach bhfuil na móilíní TiO_2 brataithe nó neamhbhrataithe agus cé acu ar táirgeadh nó nach táirgeadh an TiO_2 trí phróiseas clóiríde nó tríd an bpróiseas sulfáite.

(76) Ar ndóigh, beidh tionchar ag idirghníomhú na n-eilimintí seo uile, i measc tosca eile, ar an bpraghas.

(77) Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach bhfuil aon fhianaise dhiongbháilte ann chun údar a thabhairt leis an bpróiseas clóiríde TiO_2 a bhaint ó raon feidhme an táirge ar bhonn buntréithe fisiceacha, ceimiceacha agus teicniúla atá éagsúil go leor leis an bpróiseas sulfáite TiO_2. Úsáidtear an próiseas clóiríde agus sulfáite TiO_2 araon sna tionscail chéanna, uaireanta fiú sna feidhmeanna céanna.

(78) Ina theannta sin, tá neart foinsí malartacha soláthair ann ós rud é, mar a dúirt AkzoNobel féin, go bhfuil formhór acmhainneacht táirgeachta thionscal an Aontais bunaithe ar phróiseas clóiríde, mar is amhlaidh i Meiriceá Thuaidh.

(79) Ós rud é gur tháinig an Coimisiún ar an gconclúid cheana féin in aithris (433) den Rialachán sealadach agus go ndeimhnítear i roinn 7.3.3 thíos é, ní dhéanfadh na dleachtanna difear suntasach do AkzoNobel agus d'fhéadfadh sé iad a sheasamh. Ar an taobh eile, má dhéantar níos mó ná aon trian d'allmhairí an táirge faoi imscrúdú a eisiamh ó raon feidhme an táirge, is dócha go mbeidh tionchar nach beag aige sin ar éifeachtacht na mbeart.

(80) I bhfianaise an mhéid thuas, níor léirigh AkzoNobel gur ceanglaíodh le cur i bhfeidhm tosca eile atá níos ábhartha ná na tosca a bhreithnigh an Coimisiún agus an táirge lena mbaineann á shainiú go gcuirfí srian le sainmhíniú an táirge lena mbaineann trí phróiseas clóiríde TiO_2 a eisiamh. Thairis sin, tagann próiseas clóiríde TiO_2 faoin sainmhíniú ar an táirge dá bhforáiltear in aithris (21) den Rialachán sealadach agus níor chuir páirtithe leasmhara aon fhianaise ar fáil a léiríonn nach bhfuil an fhochatagóir TiO_2 sin a allmhairítear ón tSín in iomaíocht le haon táirge eile atá ar fáil ar mhargadh an Aontais. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún don iarraidh próiseas clóiríde TiO_2 a eisiamh ó raon feidhme an táirge.

(81) D'athdhearbhaigh AkzoNobel a mhaímh freisin gur cheart don Choimisiún anailísí díobhála agus cúisíochta ar leithligh a dhéanamh maidir leis an bpróiseas clóiríde agus sulfáite TiO_2, ar fhorais na n-argóintí a chuirtear i láthair in aithrisí (60), (61) agus (65) thuas.

(82) Mar sin féin, níor thug AkzoNobel argóintí nó fianaise nua chun cinn chun tacú leis an dearbhú sin.

(83) Dheimhnigh an Coimisiún freisin a chonclúid in aithris (69) den Rialachán sealadach, toisc go dtáirgeann táirgeoirí na Síne níos mó TiO_2 faoi láthair agus úsáid á baint as an bpróiseas sulfáite, agus ar an gcúis sin amháin, nach gciallaíonn sé sin go bhfanfaidh sé amhlaidh amach anseo. Thairis sin, mar a mhínítear in aithris (90) den Rialachán sealadach, léiríodh san imscrúdú go bhfuil tionscal na Síne tiomanta do dhlús a chur leis an aistriú ón bpróiseas sulfáite chuig an bpróiseas clóiríde chun TiO_2 a tháirgeadh.

(84) Dá bhrí sin, chloígh an Coimisiún lena chonclúid in aithrisí (70) agus (71) den Rialachán sealadach agus dhiúltaigh sé don iarraidh sin.

2.1.3.1.4. Eisiamh anatáis TiO_2

(85) Rinne táirgeoir onnmhairiúcháin neamhshampláilte Guanxi Jinmao Titanium Co., Ltd. ('Jinmao Titanium') iarraidh chun TiO_2 anatáise a eisiamh ó raon feidhme an imscrúdaithe. Rinneadh an iarraidh sin ag céim an-déanach den imscrúdú, tar éis don Rialachán sealadach a bheith foilsithe cheana féin. Níor thug aon pháirtí barúil maidir leis an iarraidh sin.

(86) Mar a chuir an Coimisiún i dtábhacht cheana féin in aithris (62) den Rialachán sealadach, ba cheart na barúlacha maidir le raon feidhme an táirge a bheith curtha isteach i gcéimeanna luatha an imscrúdaithe, chun dóthain ama a thabhairt chun a bhfiúntas a mheas agus chun deis a thabhairt do pháirtithe leasmhara eile freagairt dóibh.

(87) Mar sin féin, scrúdaigh an Coimisiún an iarraidh i bhfianaise na faisnéise atá ar fáil ag an gcéim seo.

(88) Ní féidir anatáis TiO_2 a tháirgeadh ach tríd an bpróiseas sulfáite amháin, mar a thug Jinmao Titanium le fios. D'áitigh Jinmao Titanium go bhfuil acmhainneacht táirgeachta phróiseas sulfáite tháirgeoirí an Aontais i bhfad níos ísle ná an próiseas clóiríde agus nach leor é chun freastal ar éileamh an Aontais ar tháirgí anatáise, agus an tráth céanna spreagann dinimic an mhargaidh agus rialacháin an Aontais táirgeoirí an Aontais infheistíocht a dhéanamh i saoráidí táirgthe clóiríde.

(89) Mhaígh Jinmao Titanium freisin go bhfuil difríocht nach beag idir táirgí anatáise agus táirgí eile (i.e., rúitíl) ar fud na méadrachtaí seo a leanas: cruas, dlús coibhneasta, innéacs athraonta, cumhacht scaipthe, cobhsaíocht cheimiceach, fuinneamh bearna banna, agus gníomhaíocht fhótacatalaíoch, ag lua roinnt foinsí acadúla chuige sin. Mhaígh Jinmao Titanium go múnlaíonn na hairíonna sin braistintí úsáideoirí deiridh agus go gcinneann siad a n-oiriúnacht d'fheidhmeanna éagsúla.

(90) Ina theannta sin, thug Jinmao Titanium faoi deara go ndéanann rannpháirtithe an mhargaidh idirdhealú go coitianta idir cé acu is táirge anatáise nó rúitíle atá i dtáirge agus go bhfuil tionchar aige seo ar an bpraghas.

(91) Thairis sin, mhaígh siad go bhfuil inionadaitheacht theoranta ann idir táirgí anatáise agus táirgí rúitíle. Cé gur féidir rúitíl a chur in ionad anatáise i réimsí áirithe, is annamh a dhéantar an t-ionadú seo le haghaidh indéantacht eacnamaíoch.

(92) Dá bhrí sin, tháinig Jinmao Titanium ar an gconclúid go seachnódh úsáideoirí agus feidhmeanna an Aontais a bhraitheann níos mó ar tháirgí anatáise costais mhéadaithe agus praghsanna níos airde do thomhaltóirí dá ndéanfaí TiO_2 anatáise a eisiamh ó raon feidhme an táirge. An tráth céanna, tá riosca teoranta imchéimniúcháin ann ós rud é nach bhfuil anatáis in iomaíocht dhíreach le táirgeadh ghráid rúitíle an Aontais.

(93) Thug an Coimisiún dá aire ar dtús nach raibh aon fhianaise ag comhthacú leis an maíomh maidir le hacmhainneachtaí neamhleora san Aontas chun an t-éileamh ar TiO_2 anatáise a shásamh. Cé go raibh acmhainneacht an Aontais beagán níos ísle le linn na tréimhse imscrúdúcháin ná éileamh iomlán an Aontais ar TiO_2 ar an iomlán, níor léiríodh gur easpa acmhainneachta ar leith a bheadh ann a mhéid a bhaineann le táirgí TiO_2 anatáise. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún don argóint sin toisc nach raibh bunús léi.

(94) Maidir leis na hargóintí ar dhifríochtaí líomhnaithe idir táirgí anatáise agus táirgí rúitíle, a n-inionadaitheacht, a n-úsáidí deiridh, a bpraghsáil, agus a mbraistintí custaiméirí, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid cheana féin in aithrisí (71) go (76) thuas go ndéanann roinnt tosca difear do na heilimintí sin go léir i ngach feidhm aonair táirgí ina bhfuil TiO_2. Ag brath ar an bhfeidhm, is féidir leis an idirdhealú idir TiO_2 rúitíle agus anatáise agus bheith ábhartha a bheag nó a mhór.

(95) Ina theannta sin, admhaíonn Jinmao Titanium féin go bhfuil méid inionadaitheachta táirgí rúitíle agus anatáise fiú sna feidhmeanna céanna.

(96) Dá bhrí sin, níorbh fhéidir leis an gCoimisiún teacht ar an gconclúid go mbeadh údar le heisiamh táirge de bharr na sainiúlachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag TiO_2 anatáise in aon cheann de na heilimintí sin.

(97) Ar deireadh, níor cuireadh aon fhianaise isteach chun a thaispeáint nach raibh méid na n-allmhairí TiO_2 anatáise chuig an Aontas suntasach. Ar bhonn na faisnéise atá ar fáil don Choimisiún, d'fhéadfadh suas le 30 % d'iomlán na n-allmhairí sa tréimhse imscrúdúcháin a bheith ina TiO_2 anatáise. Ós rud é go ndíolann tionscal an Aontais táirgí anatáise freisin, d'fhéadfadh tionchar nach beag a bheith ag eisiamh den sórt sin ar éifeachtacht na ndleachtanna.

(98) I bhfianaise an mhéid thuas, níor léirigh Jinmao Titanium gur ceanglaíodh le cur i bhfeidhm tosca eile atá níos ábhartha ná na tosca a bhreithnigh an Coimisiún agus an táirge lena mbaineann á shainiú go gcuirfí srian le sainmhíniú an táirge lena mbaineann trí TiO_2 anatáise a eisiamh. Thairis sin, tagann TiO_2 anatáise faoin sainmhíniú ar an táirge dá bhforáiltear in aithris (21) den Rialachán sealadach agus níor chuir páirtithe leasmhara aon fhianaise ar fáil a léiríonn nach bhfuil an fhochatagóir TiO_2 sin a allmhairítear ón tSín in iomaíocht le haon táirge eile atá ar fáil ar mhargadh an Aontais. Dhiúltaigh an Coimisiún don iarraidh sin.

2.1.3.1.5. TiO_2 a úsáidtear i ngriansciatha

(99) Tar éis na bearta sealadacha a fhorchur, d'iarr AAKO B.V. ('AAKO'), allmhaireoir beag TiO_2 brataithe a úsáidtear i ngriansciatha, go ndéanfaí eisiamh táirgí don chineál sin TiO_2.

(100) Mhaígh AAKO go raibh saintréithe speisialta fisiceacha, ceimiceacha agus teicniúla ag an gcineál sin TiO_2, sa mhéid nach féidir ach gráid shonracha TiO_2 a úsáid i ngriansciatha. Sainmhínítear na ceimiceáin ar féidir leo a bheith i mbratú na ngrád sin agus a leibhéal le hIarscríbhinn VI a ghabhann leis an Rialachán maidir le Táirgí Cosmaideacha. ([13])

(101) Chuige sin, ní mór gráid soláthróirí a thástáil agus a fhormheas le haghaidh foirmlí sonracha, agus ní féidir soláthróirí eile a chur ina n-ionad gan srian.

(102) Thairis sin, mhaígh AAKO go bhfuil praghas na gcineálacha TiO_2 a allmhairíonn siad thart ar ocht n-uaire níos airde ná na gráid chaighdeánacha TiO_2 neamhbhrataithe, rud a fhágann go bhfuil na margaí le haghaidh TiO_2 brataithe agus neamhbhrataithe beagnach neamh-inchomparáide.

(103) Thug an Coimisiún dá aire go raibh faisnéis theoranta san iarraidh thuas agus gur tíolacadh í ag céim an-déanach san imeacht.

(104) Thug an Coimisiún dá aire freisin ar dtús nach é TiO_2 a dtugann AAKO tuairisc air an t-aon TiO_2 brataithe ar an margadh. A mhalairt ar fad, tá bratú ceimiceach de chineál éigin sa chuid is mó de chineálacha TiO_2 atá le fáil ar mhargadh an Aontais.

(105) Thairis sin, d'admhaigh an Coimisiún go rialaítear comhdhéanamh TiO_2 a úsáidtear i ngriansciatha leis an dlí, agus, dá bhrí sin, tá ciall leis gur gá tástáil fhorleathan a dhéanamh chun soláthróirí a athrú.

(106) Mar a léiríodh san imscrúdú, áfach, ní bhaineann tástáil TiO_2 leis an earnáil sin amháin sula n-úsáidtear í in aon cheann d'fhoirmlí/d'fheidhmeanna na n-úsáideoirí. Tá sé léirithe ag cuid mhaith úsáideoirí eile gur gá tástáil roimh ré a dhéanamh ar athfhoirmlithe dá gcuid táirgí. Dá bhrí sin, níorbh fhéidir leis an gCoimisiún teacht ar an gconclúid go raibh saintréithe speisialta fisiceacha, ceimiceacha agus teicniúla ag TiO_2a úsáidtear i ngriansciatha, rud a d'fhágfadh go mbeadh údar le heisiamh táirgí.

(107) Ina theannta sin, níor chuir AAKO aon fhaisnéis ná fianaise ar fáil maidir le heaspa soláthair a d'fhéadfadh a bheith laistigh den Aontas ná maidir le foinsí malartacha soláthair.

(108) Ar deireadh, níor tháinig aon táirgeoir grianscéithe chun tosaigh san imscrúdú seo ag cur in aghaidh na mbeart lena léirítear nach mbeadh tionchar mór ag na dleachtanna ar a ngnó.

(109) I bhfianaise an mhéid thuas, níor léirigh AAKO gur ceanglaíodh le cur i bhfeidhm tosca eile atá níos ábhartha ná na tosca a bhreithnigh an Coimisiún agus an táirge lena mbaineann á shainiú go gcuirfí srian le sainmhíniú an táirge lena mbaineann trí TiO_2 a úsáidtear i ngriansciatha a eisiamh. Thairis sin, tagann TiO_2 a úsáidtear i ngriansciatha faoin sainmhíniú ar an táirge dá bhforáiltear in aithris (21) den Rialachán sealadach agus níor chuir páirtithe leasmhara aon fhianaise ar fáil a léiríonn nach bhfuil an fhochatagóir TiO_2 sin a allmhairítear ón tSín in iomaíocht le haon táirge eile atá ar fáil ar mhargadh an Aontais. Dhiúltaigh an Coimisiún d'iarraidh AAKO ar eisiamh táirgí.

2.1.3.2. Iarrataí a breithníodh ag an gcéim shealadach

2.1.3.2.1. TiO_2 de ghrád lannáin

(110) Tar éis fhoilsiú an Rialacháin shealadaigh, tionóladh éisteacht le Munksjö agus Felix. Chuir siad barúlacha isteach go comhpháirteach maidir le torthaí an Choimisiúin sa Rialachán sealadach. Chuir CEPI barúlacha isteach freisin, ag iarraidh ar an gCoimisiún athmheasúnú a dhéanamh ar a chonclúidí maidir le TiO_2 de ghrád lannáin a eisiamh.

(111) D'athdhearbhaigh Munksjö agus Felix a maímh maidir le heisiamh táirgí nó, de rogha air sin, díolúine úsáide deiridh, agus sholáthair siad fianaise bhreise nua agus d'áitigh siad gur comhlíonadh na critéir uile a bhreithnigh an Coimisiún le haghaidh na n-iarrataí sin i gcásanna roimhe sin. Dá bhrí sin, rinne an Coimisiún athmheasúnú ar a chonclúidí de bharr fianaise nua.

([13]) Rialachán (CE) Uimh. 1223/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le táirgí cosmaideacha (athmhúnlú), IO L 342, 22.12.2009, lgh. 59-209, ELI: Rialachán - 1223/2009 - EN - Rialachán maidir le Táirgí Cosmaideacha - EUR-Lex (europa.eu); agus Rialachán (AE) 2021/850 ón gCoimisiún an 26 Bealtaine 2021 lena leasaítear agus lena gceartaítear Iarscríbhinn II agus lena leasaítear Iarscríbhinní III, IV agus VI a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1223/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosmaideacha, IO L 188, 28.5.2021, lgh. 44-50. ELI: Rialachán - 2021/850 - GA - EUR-Lex (europa.eu).

(112) Ar an gcéad dul síos, mhaígh an dá úsáideoir gur sháraigh an Coimisiún an oibleagáid scrúdú cuí a dhéanamh ar an bhfaisnéis uile a bhí ar fáil dó, agus prionsabal an chomhionannais arm á shárú aige. D'áitigh siad gur mheas an Coimisiún go roghnaitheach gnéithe ó aighneachtaí an ghearánaigh agus neamhaird á tabhairt aige ar fhreagraí an dá úsáideoir ar na maímh sin.

(113) Mar a léirítear in aithris (47) den Rialachán sealadach, níor chuir an Coimisiún san áireamh na barúlacha maidir le raon feidhme an táirge a chuir an gearánach isteach an 2 Bealtaine 2024, ná na barúlacha sin a chuir Munksjö agus Felix isteach go comhpháirteach an 22 Bealtaine 2024 agus an 30 Bealtaine 2024.

(114) Chinn an Coimisiún gur fhógair táirgeoirí onnmhairiúcháin áirithe TiO_2 de ghrád lannáin lena úsáid in PVC agus i bplaistigh mharthanacha ([14]). Mhaígh Munksjö agus Felix, áfach, go raibh tionchar ag na barúlacha a rinne an gearánach an 2 Bealtaine 2024 ar an gCoimisiún i ndáil leis sin, agus neamhaird á tabhairt acu ar fhrithmhaímh na n-úsáideoirí ar an ábhar céanna.

(115) Chuir an Coimisiún in iúl ina leith sin go bhfuil na sonraí dá dtagraítear in aithris (114) ar fáil go poiblí ar líne agus go raibh an Coimisiún in ann iad a aisghabháil gan breithniú a dhéanamh ar na barúlacha a thug na páirtithe, lena n-áirítear na barúlacha a chuir an gearánach isteach déanach. Go deimhin, ina bhfreagraí ar an gceistneoir luaigh na húsáideoirí na cineálacha táirgí beachta a cheannaigh siad ó sholáthróirí aonair, a sheiceáil an Coimisiún in aghaidh na faisnéise atá ar fáil go poiblí ar líne.

(116) Mar sin féin, sa chéim chinntitheach, bhreithnigh an Coimisiún na haighneachtaí uile, lena n-áirítear iad siúd a tháinig ródhéanach lena mbreithniú sa chéim shealadach agus rinne sé athmheasúnú ar a thorthaí i bhfianaise aon fhíorais agus fianaise nua a cuireadh i láthair iontu.

(117) Ar an dara dul síos, mhaígh na húsáideoirí nár thacaigh an fhianaise a bhí ar fáil le roinnt conclúidí ar tháinig an Coimisiún orthu sa Rialachán sealadach.

(118) Sa chomhthéacs sin, chuir an dá úsáideoir i gcoinne thorthaí an Choimisiúin ar dtús go bhfuil na buntréithe fisiceacha, ceimiceacha agus teicniúla céanna ag TiO_2 de ghrád lannáin agus atá ag cineálacha eile TiO_2. ([15])

(119) D'athdhearbhaigh siad a maíomh go raibh saintréithe fisiceacha sonracha ag TiO_2 de ghrád lannáin, ag freagairt do riachtanais uathúla thionscal an pháipéir maisiúcháin, eadhon, gile éadrom níos fearr a áirithiú tar éis sáithiú an pháipéir le roisín atá bunaithe ar mhealaimín agus a áirithiú go gcoinníonn an páipéar a dhath tar éis tuile. Tá an ghné seo ríthábhachtach maidir le páipéar maisiúcháin a úsáid sna tionscail mhaisiúcháin agus troscáin.

(120) Chuir na húsáideoirí lena maíomh agus leag siad amach na saintréithe ceimiceacha sonracha atá ag TiO_2 de ghrád lannáin, rud a cheadaíonn feidhmíocht den sórt sin. Is é an bratú dromchla tiubh ar mhóilín TiO_2, arb é atá ann go príomha na heilimintí ceimiceacha peantocsaíd fosfair (P_2O_5), ocsaíd alúmanaim (Al_2O_3) agus dé-ocsaíd sileacain (SiO_2), leibhéil arda go háirithe de P_2O_5, a sháraíonn 0.5 % mar chóimheas sa táirge tirim i gcomparáid le gráid TiO_2 eile.

(121) Chuir CEPI argóint den chineál céanna chun cinn, ag maíomh gurb é an tiúchan fosfair i bhfad níos airde atá i ngrád lannáin TiO_2 an rud a fhágann go bhfuil sé oiriúnach go huathúil lena úsáid i bhfeidhm páipéir lannáin, chomh maith le hidirdhealú soiléir ó chineálacha eile TiO_2.

(122) Chuir na húsáideoirí saintréith theicniúil shonrach in iúl freisin trína n-iompraíonn TiO_2 de ghrád lannáin ar bhealach difriúil ó chineálacha eile: tá lucht dromchla leictreach aige mar thoradh ar a bhratú dromchla tiubh, rud a chabhraíonn leis an móilín a cheangal leis na snáithíní laín adhmaid. Fágann an muirear dromchla céanna sin agus méid na gcáithníní nach bhfuil sé oiriúnach d'fheidhmeanna eile, amhail péint ailtireachta, toisc go ndéantar an phéint ar na ballaí a 'screamhú' mar thoradh air.

(123) Ar deireadh, chuir na húsáideoirí in iúl go bhfuil modhanna simplí ar fáil go forleathan chun láithreacht agus tiúchan fosfair sa bhratú a bhrath, go háirithe trí thástáil fluaraiseachta x-gha (XRF) nó plasma cúpláilte ar bhonn ionduchtach (ICP).

(124) Ina aighneacht an 2 Bealtaine 2024 dá dtagraítear in aithris (114), mhaígh an gearánach agus chuir sé fianaise ar fáil nach féidir le fosfar sa bhratú a bheith ina ghné idirdhealaitheach toisc go bhfuil leibhéal éigin fosfair i mbeagnach gach táirge TiO_2.

([14]) Aithris (51) den Rialachán sealadach.
([15]) Aithris (51) den Rialachán sealadach.

(125) Ina theannta sin, mhaígh an gearánach nach mbeadh údaráis chustaim in ann fosfar a shainaithint go cruinn in allmhairí TiO_2 agus, fiú dá bhféadfaidís, nach mbeidís in ann idirdhealú cruinn a dhéanamh idir TiO_2 de ghrád lannáin agus cineálacha eile.

(126) Dúirt an gearánach freisin nach dteastaíonn trealamh uathúil breise ná teicneolaíocht speisialaithe ó chineálacha éagsúla cóireálacha dromchla a dhéantar ar ghráid TiO_2, rud a threisíonn a thuilleadh an argóint nár cheart TiO_2 de ghrád lannáin a mheas mar tháirge ar leithligh.

(127) Rinne an Coimisiún anailís ar an bhfaisnéis bhreise a chuir páirtithe leasmhara isteach maidir le buntréithe TiO_2 de ghrád lannáin. Deimhnítear leis an bhfianaise a cuireadh isteach toradh an Choimisiúin a leagtar amach in aithris (51) den Rialachán sealadach go bhfuil fosfar níos suntasaí in TiO_2 de ghrád lannáin ná i gcineálacha eile agus go bhfágann cineál ar leith an bhrataithe sin go bhfuil TiO_2 de ghrád lannáin oiriúnach do tháirgeadh páipéir maisiúcháin.

(128) Ina n-aighneacht tar éis fhoilsiú an Rialacháin shealadaigh, d'easaontaigh na húsáideoirí le conclúid an Choimisiúin go bhfógraíonn roinnt táirgeoirí onnmhairiúcháin an cineál céanna TiO_2 lena úsáid i dtáirgeadh páipéir maisiúcháin, agus in PVC agus plaistigh mharthanacha freisin, rud a léiríonn gur féidir é a úsáid le haghaidh roinnt cuspóirí.

(129) I ndáil leis sin, san aighneacht ón ngearánach an 2 Bealtaine 2024, mhaígh sé go dtairgeann roinnt táirgeoirí TiO_2 táirgí atá ildánach ó thaobh a n-úsáide de, i.e., gur féidir le húsáideoirí éagsúla iad a cháiliú le haghaidh roinnt feidhmeanna ar leith (bratuithe, plaisteach, páipéar lannáin, etc.). Chuige sin, sholáthair siad bileoga sonraí táirge le haghaidh trí tháirge éagsúla TiO_2 a mhonaraíonn táirgeoirí an Aontais agus trí tháirge eile a mhonaraíonn táirgeoirí sa tSín.

(130) Ina n-aighneacht an 22 Bealtaine 2024, chuir Felix agus Munksjö i gcoinne an mhaímh sin agus chuir siad fianaise ar fáil a léiríonn nach bhféadfaí roinnt de na gráid TiO_2 thuas a úsáid, go deimhin, i dtáirgeadh páipéir maisiúcháin, agus iad ag maíomh nach bhfuil gráid eile ar mhargadh an Aontais fiú agus nach eol, dá bhrí sin, cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann siad na caighdeáin is gá lena n-úsáid i dtáirgeadh páipéir maisiúcháin.

(131) Ba iad cuid de na táirgí a luaitear in aithris (130) thuas na táirgí a thuairiscigh úsáideoirí gur cheannaigh siad ina bhfreagraí ar an gceistneoir, a ndearna an Coimisiún cros-seiceáil orthu leis na sonraí atá ar fáil go poiblí. Go sonrach maidir le LR-952, táirge TiO_2 de ghrád lannáin arna tháirgeadh ag Lomon Billions, sholáthair na húsáideoirí fianaise nach bhfuil sé oiriúnach lena úsáid in PVC ná i bplaistigh mharthanacha, d'ainneoin mhaíomh an ghearánaigh agus chonclúid an Choimisiúin sa Rialachán sealadach. Tugadh suíomh gréasáin Lomon Billions cothrom le dáta ina leith sin ó shin.

(132) Tar éis dleachtanna sealadacha a fhorchur, rinne CEPI maíomh den chineál céanna, ag áitiú nach bhféadfaí TiO_2 de ghrád lannáin a úsáid i bhfeidhmeanna eile, toisc nach scaipfeadh sé i gceart in ábhair phlaisteacha.

(133) Leis an bhfianaise ar fad a cuireadh isteach le déanaí, níorbh fhéidir leis an gCoimisiún teacht ar an gconclúid go bhfuil aon cheann de na cineálacha táirgí TiO_2 a mhaígh an gearánach á ndíol iarbhír i margadh an Aontais le haghaidh táirgeadh páipéir maisiúcháin agus roinnt úsáidí eile an tráth céanna. Cé go bhfógraítear roinnt cineálacha táirgí TiO_2 eile (agus, mar a léiríodh san imscrúdú, go deimhin, go ndíoltar iad) chun críoch éagsúil, níor léiríodh an rud céanna i gcás TiO_2 de ghrád lannáin.

(134) Cé go n-aithníonn an Coimisiún go bhfógraíonn roinnt foinsí ar líne táirgí áirithe TiO_2 lena n-úsáid i dtáirgeadh páipéir maisiúcháin agus i gcineálacha eile táirgí iartheachtacha araon, níor léiríodh go ndíoltar na gráid arb eol go n-úsáidtear iad chun páipéar maisiúcháin a tháirgeadh le haghaidh úsáidí eile freisin.

(135) Os a choinne sin, cruthaíonn an fhianaise atá ar fáil, cé go bhféadfadh idirmhalartacht a bheith ann le haghaidh cineálacha eile táirgí, go deimhin tá líon (teoranta) de chineálacha táirgí TiO_2 ann a tháirgtear agus a mhargaítear mar TiO_2 de ghrád lannáin amháin.

(136) Ós rud é gur tháinig an Coimisiún ar an gconclúid in aithrisí (71) go (75) thuas, tá ról ag cur i bhfeidhm an táirge faoi imscrúdú (amhail é a úsáid i dtáirgeadh páipéir maisiúcháin) in úsáid deiridh ar leith maidir le comhdhéanamh ceimiceach agus/nó saintréithe eile TiO_2 a shainiú, ionas go gcuirfí in oiriúint i gceart é don fheidhm shonrach sin.

(137) Mhaígh Munksjö agus Felix go bhfuil sé sin fíor freisin maidir le TiO_2 de ghrád lannáin. Mar a dheimhnigh an Coimisiún cheana féin sa Rialachán sealadach, is é an ghné cheimiceach ar leith atá in TiO_2 de ghrád lannáin ná go bhfuil tiúchan ard fosfair sa bhratú. Léiríodh i bhfianaise nua go gcaithfeadh an cion fosfair a bheith 0,5 % ar a laghad ar mhais thirim an táirge chun go mbeadh sé úsáideach i bhfeidhmeanna páipéir maisiúcháin.

(138) An tráth céanna, maidir leis an tsaintréith theicniúil shonrach a bhaineann le TiO_2 de ghrád lannáin a mhaígh an dá úsáideoir go raibh sé ina sheilbh aige (féach aithris (122) thuas), níor deimhníodh leis an imscrúdú go raibh sí eisiach do TiO_2 de ghrád lannáin nó d'fheidhm ar leith.

(139) Eadhon, fiú má tá lucht dromchla leictreach ag TiO_2 de ghrád lannáin mar thoradh ar a bhratú dromchla tiubh, rud a chabhraíonn leis an móilín a cheangal leis na snáithíní laín adhmaid, níor léiríodh nach mbeadh saintréithe teicniúla comhchosúla ag cineálacha eile TiO_2. Cé go bhféadfadh lucht dromchla den sórt sin TiO_2 de ghrád lannáin a dhéanamh mí-oiriúnach go deimhin d'fheidhmeanna péinteanna agus bratuithe, ní fhéadfadh an Coimisiún a chur as an áireamh nach mbeadh saintréith chomhchosúil ag teastáil ó TiO_2 a úsáidtear i dtáirgeadh táirgí eile (amhail cineálacha eile páipéir).

(140) Mar sin féin, rinne an Coimisiún measúnú féachaint cé acu is leor nó nach leor cion fosfair sa bhratú chun údar a thabhairt le heisiamh táirgí.

(141) Tar éis dó anailís a dhéanamh ar an bhfianaise uile atá ar comhad, níorbh fhéidir leis an gCoimisiún teacht ar an gconclúid go mbeadh buntréithe fisiceacha, ceimiceacha agus teicniúla atá éagsúil go leor ag TiO_2 de ghrád lannáin i gcomparáid le cineálacha eile TiO_2 atá le heisiamh ón raon táirge.

(142) Go deimhin, mar a rinne an Coimisiún anailís air thuas, tá ceanglais shonracha ag cineálacha éagsúla TiO_2 maidir le heilimintí áirithe dá gcomhdhéanamh ceimiceach ag brath ar a gcur i bhfeidhm (amhail TiO_2 de ghrád bia nó TiO_2 a úsáidtear i ngriansciatha).

(143) Dá bhrí sin, cé go bhféadfadh an ceanglas go gcaithfidh an cion fosfair a bheith 0,5 % ar a laghad ar mhais thirim an táirge chun go mbeadh sé úsáideach i bhfeidhmeanna páipéir maisiúcháin a bheith uathúil maidir le TiO_2 a chur i bhfeidhm i dtáirgeadh páipéir maisiúcháin (nó, i bhfocail eile, uathúil do TiO_2de ghrád lannáin), níl TiO_2 de ghrád lannáin uathúil ó thaobh comhdhéanamh ceimiceach atá coigeartaithe de bheagán a éileamh chun go mbeidh sé inúsáidte ina fheidhm ainmnithe. Is é sin le rá, ní leor an tréith áirithe seo chun idirdhealú a dhéanamh idir TiO_2 de ghrád lannáin agus cineálacha eile TiO_2 ná níl sé uathúil ó shaintréithe áirithe eile a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil ó fheidhmeanna sonracha eile chun údar a bheith ann le heisiamh.

(144) Dá bhrí sin, chloígh an Coimisiún lena chonclúid sa Rialachán sealadach gur theip ar na páirtithe leasmhara a léiriú gur ceanglaíodh le cur i bhfeidhm tosca eile atá níos ábhartha ná na tosca a bhreithnigh an Coimisiún agus an táirge lena mbaineann á shainiú go gcuirfí srian le sainmhíniú an táirge lena mbaineann trí TiO_2 de ghrád lannáin a eisiamh. Thairis sin, tagann TiO_2 de ghrád lannáin faoin sainmhíniú ar an táirge dá bhforáiltear in aithris (21) den Rialachán sealadach agus níor chuir páirtithe leasmhara aon fhianaise ar fáil a léiríonn nach bhfuil an fhochatagóir TiO_2 sin a allmhairítear ón tSín in iomaíocht le haon táirge eile atá ar fáil ar mhargadh an Aontais. Dhiúltaigh an Coimisiún don iarraidh sin ar eisiamh táirgí.

(145) Tar éis an nochta deiridh, thug Felix, Munksjö, agus LB barúlacha uathu lenar easaontaigh siad le diúltú an Choimisiúin don iarraidh ar eisiamh táirge.

(146) Ar an gcéad dul síos, mhaígh an dá úsáideoir gur chuir an Coimisiún an tástáil chun anailís a dhéanamh ar shainiúlacht shaintréithe an táirge i bhfeidhm go mícheart. In aithrisí (140) go (142) thuas, mheas an Coimisiún nár leor saintréithe sonracha chun idirdhealú a dhéanamh idir táirge ach amháin dá mbeadh an táirge sin ar an aon táirge amháin lena gceanglófaí foirmle cheimiceach áirithe a bheith feidhmiúil ina chur i bhfeidhm beartaithe. Mhaígh na húsáideoirí nach í an cheist cé acu atá nó nach bhfuil an táirge eisiach ina leith sin, ach cé acu atá nó nach bhfuil na hairíonna ceimiceacha ar leith uathúil maidir leis an táirge ábhartha.

(147) Ar an dara dul síos, d'athdhearbhaigh dhá úsáideoir a maímh faoi uathúlacht na saintréithe fisiceacha, ceimiceacha agus teicniúla atá ag TiO_2 de ghrád lannáin agus é á rá acu gur i dteannta a chéile fágann na húsáidí sin go bhfuil TiO_2 éagsúil le táirgí eile. Ar an gcaoi chéanna, d'athdhearbhaigh LB a mhaíomh roimhe seo maidir le uathúlacht cheimiceach agus saintréithe eile TiO_2 de ghrád lannáin. Is é sin, gurb é an t-aon chineál TiO_2 ina gcuirtear comhdhúile fosfair lena mbratú, agus toisc nach mór coinneáil mhaith a bheith aige sa laíon páipéir sainordaíodh méid mór cáithníní agus pointe isileictreach rialaithe go cúramach.

(148) Chuir an dá úsáideoir i dtábhacht gur aithin an Coimisiún féin go bhfágann a shaintréithe ceimiceacha nach bhfuil TiO_2 de ghrád lannáin oiriúnach lena úsáid i bhfeidhmeanna ginearálta eile, amhail péinteanna agus bratuithe (aithris (400) thíos). Mhaígh na húsáideoirí ina leith sin gur bhreithnigh an Coimisiún i gcásanna roimhe seo (*Bradán Feirme* ón Iorua ([16]) agus *Scragall alúmanaim áirithe* ón tSín agus ón Rúis ([17])) go bhfuil difríochtaí in úsáid nó i gcur i bhfeidhm táirge ina n-iarmhairt láithreach ar shaintréithe bunúsacha éagsúla an táirge.

(149) D'athdhearbhaigh an Coimisiún i ndáil leis sin gur cleachtadh í an anailís ar eisiamh táirge a dhéantar ar bhonn cás ar chás, ina ndéanann an Coimisiún meastóireacht iomlánaíoch ar na heilimintí uile atá ar fáil chun a chinneadh an bhfuil cineál táirge laistigh de raon feidhme an táirge, mar a shainítear é, nó nach bhfuil. I gcásanna áirithe, is leor go bhfuil airíonna ceimiceacha uathúla ar leith ann chun an táirge a eisiamh ón raon feidhme.

(150) Sa chás seo áfach, tá roinnt cineálacha TiO_2 a bhfuil foirmlí ceimiceacha uathúla acu ar an margadh. Mar a forbraíodh cheana in aithrisí (71) go (76) thuas, déantar roinnt de na cineálacha/foirmlí sin a shaincheapadh agus a mhargú le haghaidh úsáidí sonracha (i bhfianaise an chaoi a bhfeidhmíonn siad sna húsáidí sin a bhuí leis na saintréithe sin i gcomparáid le saintréithe eile). Cumhdaítear gach ceann de na cineálacha sin leis an tuairisc ar an táirge in aithris (21) den Rialachán sealadach.

(151) Dá bhrí sin, is gné a bhaineann le táirgí TiO_2 é uathúlacht a saintréithe ceimicí. Sa chomhthéacs sin, níorbh fhéidir leis an gCoimisiún teacht ar an gconclúid gur leor sainiúlacht fhoirmle cheimiceach TiO_2 de ghrád lannáin chun í a mheas mar rud atá lasmuigh den tuairisc ar an táirge dá bhforáiltear in aithris (21) den Rialachán sealadach.

(152) Dá bhrí sin, nuair atá nádúr an táirge mar atá sé haghaidh TiO_2, is é sin go ndéantar saintréithe TiO_2 a mhodhnú díreach chun go bhfeidhmeoidh sé níos fearr i bhfeidhmeanna áirithe ná i bhfeidhmeanna eile, ní mór an cheist a bhaineann le heisiachas foirmle ceimicí áirithe atá beartaithe le haghaidh úsáid ar leith a bheith mar chuid den tástáil eisiaimh táirge ar a laghad. Thairis sin, mheabhraigh an Coimisiún go dtagann TiO_2 de ghrád lannáin faoin sainmhíniú ar an táirge dá bhforáiltear in aithris (21) den Rialachán sealadach agus gurb amhlaidh atá an fhochatagóir TiO_2 sin a allmhairítear ón tSín in iomaíocht le táirgí atá ar fáil ar mhargadh an Aontais. Níor cuireadh aon fhianaise bhreise ar fáil dá mhalairt.

(153) Is cás é seo atá contrártha go hiomlán leis na cásanna *bradán feirme* agus *scragall alúmanaim áirithe*, a ndearna na húsáideoirí comparáid leo. Sa dá chás sin, ba léir nár cumhdaíodh na táirgí eisiata sa tuairisc ar an táirge.

(154) Dá bhrí sin, chloígh an Coimisiún lena sheasamh agus dhiúltaigh sé don iarraidh sin ar eisiamh táirge.

(155) Rinne an Coimisiún measúnú ar na maímh agus ar an bhfianaise nua maidir le díolúine úsáide deiridh TiO_2 ghrád lannáin i roinn 7.3.4 thíos.

2.1.3.2.2. TiO_2 ag a bhfuil íonacht 99,9 % nó níos mó

(156) In éagmais aon bharúil, dheimhnigh an Coimisiún a chuid conclúidí a leagtar amach in aithris (54) den Rialachán sealadach.

([16]) Rialachán (CE) Uimh. 319/2009 ón gComhairle an 16 Aibreán 2009 lena soiléirítear raon feidhme na ndleachtanna frithdhumpála cinntitheacha arna bhforchur le Rialachán (CE) Uimh. 85/2006 ar allmhairí bradán saothraithe de thionscnamh na hIorua, IO L 101, 21.4.2009, lgh. 1-4, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2009/319/oj, aithris 18.

([17]) Rialachán (CE) Uimh. 950/2001 ón gComhairle an 14 Bealtaine 2001 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí scragaill alúmanaim áirithe de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus na Rúise, IO L 134, 17.5.2001, lgh. 1–17, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2001/950/oj, aithris 14.

2.1.3.2.3. TiO_2 grafach

(157) Ina aighneacht maidir leis an Rialachán sealadach agus le linn na héisteachta, chuir Flint i gcoinne chonclúidí an Choimisiúin maidir lena iarraidh ar dhíolúine úsáide deiridh don chineál TiO_2 nach n-úsáidtear amháin ach mar lí i dtáirgeadh dúch bán sa tionscal dúigh ghrafaigh ('TIO_2grafach').

(158) Níor chuir Flint i gcoinne chonclúid an Choimisiúin, áfach, maidir lena iarraidh ar eisiamh táirgí a dhiúltú. An tráth céanna, níor sholáthair Siegwerk ná Sun Chemical fianaise bhreise seachas an fhianaise a chuir Flint ar fáil cheana féin, rud a d'fhágfadh go mbeadh gá le hathmheastóireacht a dhéanamh ar chinneadh an Choimisiúin diúltú don iarraidh ar eisiamh táirgí.

(159) Dá bhrí sin, chloígh an Coimisiún lena sheasamh nach bhfuil buntréithe fisiceacha, ceimiceacha agus teicniúla éagsúla ag TiO2 grafach i gcomparáid le cineálacha eile TiO_2 atá le heisiamh ó raon feidhme an táirge. Thairis sin, theip ar na páirtithe leasmhara a léiriú gur ceanglaíodh le cur i bhfeidhm tosca eile atá níos ábhartha ná na tosca a bhreithnigh an Coimisiún agus an táirge lena mbaineann á shainiú go gcuirfí srian le sainmhíniú an táirge lena mbaineann trí ghrafaic TiO_2 a eisiamh. Thairis sin, tagann grafaic TiO_2 faoin sainmhíniú ar an táirge dá bhforáiltear in aithris (21) den Rialachán sealadach agus níor chuir páirtithe leasmhara aon fhianaise ar fáil a léiríonn nach bhfuil an fhochatagóir TiO_2 sin a allmhairítear ón tSín in iomaíocht le haon táirge eile atá ar fáil ar mhargadh an Aontais.

(160) Rinne an Coimisiún measúnú ar na maímh agus ar an bhfianaise nua maidir le díolúine úsáide deiridh TiO_2 grafach i roinn 7.3.5 thíos.

3. DUMPÁIL

(161) Tar éis an nochta shealadaigh, rinne táirgeoir onnmhairiúcháin sampláilte amháin, LB Group, an gearánach agus duine de na húsáideoirí, Akzo Nobel, trácht ar na torthaí sealadacha dumpála.

3.1. An Gnáthluach

(162) Leagadh amach na mionsonraí maidir le ríomh an ghnáthluacha in aithrisí (80) go (242) den Rialachán sealadach.

3.2. Foinsí arna n-úsáid chun costais agus tagarmharcanna a shuí

(163) Tar éis an nochta shealadaigh, d'ardaigh LB barúlacha maidir leis na tagarmharcanna arna n-úsáid le haghaidh ilminíte, púdar iarainn, saothair, agus costais SGA.

(164) Maidir le hilminít, thug LB dá aire gurbh é tagarmharc an phróisis sulfáite ilminíte ('SP ilminít') an meánphraghas CAL mar a shuigh Fastmarkets é. Mheas LB, cé go dtagraíonn Fastmarkets do phraghas na hilminíte SP le hábhar TiO_2 idir 47-49 %, go raibh ábhar TiO_2 níos ísle san ilminít SP a fuair LB sa bhaile. Dá réir sin, d'áitigh LB nach mbeadh sé réasúnach tagarmharc Fastmarkets a úsáid le haghaidh tomhaltas ilminíte SP LB.

(165) Ar an gcéad dul síos, agus mar a leagtar amach in aithris (228) den Rialachán sealadach, d'úsáid an Coimisiún praghsanna a tuairiscíodh in TZMI (agus ní Fastmarkets) mar bhonn le haghaidh praghsanna neamhshaofa mianta agus tiúcháin tíotáiniam, lena n-áirítear ilminít SP. Is ardán tionscail tíotáiniam idirnáisiúnta a aithnítear go forleathan é TZMI (fíoras nach raibh aon cheist ag páirtithe leasmhara faoi le linn na n-imeachtaí seo) lena n-áirítear sonraí atá beacht agus ilroinnte go leor a ligeann don Choimisiún tagarmharcanna iomchuí a aimsiú le haghaidh mianta tíotáiniam agus tiúcháin a úsáidtear sna próisis táirgthe éagsúla a úsáideann onnmhaireoirí a tháirgeann TiO_2. Chlúdaigh an tagarmharc ilminíte SP mar a léirítear in TZMI an ilminít SP le raon fairsing den chion TiO_2. Eintitis a tháirgeann LB a úsáideann ilminít SP i gcónaí sa phróiseas táirgthe ilminíte SP ina bhfuil an cion TiO_2 faoi bhun 47 % agus dá bhrí sin ag taobh íseal an raoin tiúchana TiO_2 atá socraithe le haghaidh ilminít SP. Cuireadh breithnithe comhchosúla i bhfeidhm ar ilminít SP arna foinsiú sa bhaile ag grúpa Anhui Gold Star. Ós rud é go mbíonn ilminít SP ina bhfuil cion TiO_2 níos ísle níos saoire go ginearálta ná ilminít an phróisis clóiríde ('ilminít CP') ag a bhfuil cion TiO_2 níos airde, bhí sé réasúnta an tagarmharc ilminíte SP a choigeartú do tháirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne agus an chuid is saoire den phraghasraon a leagtar amach in Fastmarkets le haghaidh na tréimhse imscrúdúcháin á húsáid. Mar thoradh air sin, ba é 2 467 CNY/tona an tagarmharc coigeartaithe a úsáideadh le haghaidh ilminít SP.

(166) Maidir le húsáid an tagarmhairc le haghaidh púdar iarainn, d'áitigh LB gur cheart allmhairí púdair iarainn de cheann amháin de na cóid tráchtearraí ar a laghad sa Bhrasaíl a eisiamh as rómheastachán a dhéanamh orthu i gcomparáid leis an gcostas iarbhír arna thabhú ag na heintitis a tháirgeann LB agus as cineál speisialta (agus dá bhrí sin níos costasaí) púdair iarainn nach n-úsáidtear i bpróiseas táirgthe LB a chumhdach.

(167) Mar a leagtar amach sa dara nóta maidir le foinsí agus in aithris (225) den Rialachán sealadach, chun praghas neamhshaofa amhábhar (lena n-áirítear an púdar iarainn) a shuí, úsáideadh mar bhonn an meánphraghas allmhairiúcháin ualaithe chuig an mBrasaíl mar a thuairiscítear in GTA de réir na sonraí ar an leibhéal taraife náisiúnta, ar cuireadh dleachtanna allmhairiúcháin agus costais iompair leis. Chun teacht ar thagarmharc iomchuí do phúdar iarainn, cinneadh meánphraghas ualaithe allmhairí a aicmítear faoi na cóid tráchtearraí éagsúla lena gcumhdaítear púdar iarainn chun tionchar aon phraghsanna a d'fhéadfadh a bheith neamhghnách a laghdú ag ceann íochtair agus ag ceann uachtair an raoin púdair iarainn agus chun a áirithiú go léiríonn praghas an ionchuir sin meascán de cháilíochtaí éagsúla, go háirithe in éagmais aon fhaisnéis níos caolchúisí maidir le comhdhéanamh an ionchuir i gceist. Sa chás sin, níor thug an Coimisiún faoi deara aon toisc shonrach a d'fhágfadh go mbeadh an tagarmharc púdair iarainn mar a úsáidtear le haghaidh an Rialacháin shealadaigh é neamhionadaíoch nó mí-oiriúnach. Tugtar faoi deara freisin, cé go bhféadfadh an tagarmharc a úsáidtear le haghaidh púdar iarainn a bheith níos airde i gcomparáid leis an gcostas intíre iarbhír sa tSín, ós rud é gur ann do shaobhadh suntasach i gcomhréir le hAirteagal 2(6a) den bhun-Rialachán, ní féidir a mheas gur iontaofa agus léiriú é an praghas intíre sin ar an méid ba cheart a bheith sna luachanna tagarmhairc. Thairis sin, níor chuir LB aon fhianaise shonrach ar aghaidh (mar fhreagairt ar an dara nóta, ná mar fhreagairt ar an nochtadh sealadach) maidir leis an bpúdar iarainn arna úsáid ag an ngrúpa LB, ná maidir leis na cóid tráchtearraí shonracha faoina dtiocfadh an táirge sin agus allmhairí na Brasaíle á mbreithniú, mar a léirítear in GTA. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh sin.

(168) Mar fhreagairt ar an nochtadh sealadach, mhaígh LB go raibh an tagarmharc le haghaidh saothair boilscithe mar gheall ar ríomh mícheart muirear sóisialta agus mar gheall ar an úsáid a bhain an Coimisiún as an ráta malairte a bhí i bhfeidhm le linn na tréimhse imscrúdúcháin seachas na rátaí is infheidhme in 2021, tréimhse lena mbaineann na sonraí le haghaidh tagarmharc saothair. Ina theannta sin, d'áitigh LB gur cheart na difríochtaí réigiúnacha i dtuarastail ar fud na Síne a chur san áireamh sa tagarmharc costais saothair. Athdhearbhaíodh na hargóintí sin tar éis an nochta deiridh. Ar an gcéad dul síos, meabhraítear, i gcomhréir le haithrisí (231)-(232) den Rialachán sealadach, cé gur úsáideadh an staidreamh maidir le pá san earnáil ábhartha gníomhaíochta le haghaidh 2021 mar bhonn ríomha, go ndearnadh na luachanna a innéacsú leis an tréimhse imscrúdúcháin. Dá réir sin, cuireadh an ráta comhshó don tréimhse imscrúdúcháin i bhfeidhm ar an gcostas saothair a suíodh don tréimhse imscrúdúcháin. Ar an dara dul síos, níl aon tionchar ag na difríochtaí réigiúnacha sa tSín a mhéid a bhaineann leis an gcostas saothair ar thagarmharc an chostais saothair a chinneadh i gcásanna, ina bhfuil feidhm ag Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán agus ina bhfuarthas gur ann do shaobhadh suntasach, i measc nithe eile, i ndáil leis an gcostas saothair. Ar deireadh, lean an Coimisiún ar aghaidh i gcomhréir leis an modheolaíocht a úsáideadh go comhsheasmhach ina chleachtas cinnteoireachta. I bhfianaise an mhéid thuas, diúltaíodh d'argóint LB.

(169) Tar éis an nochta shealadaigh, d'athdhearbhaigh Akzo Nobel a argóint a ardaíodh cheana féin tar éis an chéad agus an dara nóta, nach féidir a mheas go bhfuil praghas GTA d'aigéad sulfarach ionadaíoch. Diúltaíodh do mhaíomh an úsáideora ar na cúiseanna a leagtar amach in aithrisí (220) go (223) den Rialachán sealadach. Thairis sin, meabhraítear nach ndearna aon cheann de na táirgeoirí onnmhairiúcháin agóid in aghaidh ionadaíochas thagarmharc an aigéid shulfaraigh san imeacht seo.

3.2.1. *Foinsí a úsáidtear chun na méideanna réasúnta neamhshaofa a shuí le haghaidh costais SGA agus le haghaidh na mbrabús*

(170) Sa bhreis ar chostais SGA an táirgeora ionadaíoch (Tronox Brazil) sa tír ionadaíoch, d'áitigh LB gur cheart costais díola Tronox Brazil, a breithníodh chun an gnáthluach a ríomh, a laghdú de réir mhéid na gcostas iompair, atá inaitheanta ó thuarascáil bhliantúil iniúchta Tronox Brazil. De réir LB, d'áiritheofaí leis an gcoigeartú sin go gcuirfí an praghas onnmhairiúcháin díreach ón monarcha i gcomparáid leis an ngnáthluach díreach ón monarcha. Tar éis don Choimisiún scrúdú mionsonraithe a dhéanamh ar thuarascáil bhliantúil Tronox Brazil agus ar an miondealú ar na míreanna costais SGA aonair sa tuarascáil, d'admhaigh sé go mbeadh sé réasúnta teacht ar an gconclúid go raibh na costais iompair (Fretes / Transportes de cargas), mar a liostaítear sa tuarascáil, ina gcuid de na costais díola.

(171) Mar fhocal scoir, rinneadh costais SGA Tronox Brazil, a úsáideadh chun an gnáthluach a ríomh, a choigeartú ó 5,9 % go 4,24 %.

3.2.2. *An praghas onnmhairiúcháin*

(172) Leagadh amach na mionsonraí maidir le ríomh an phraghais onnmhairiúcháin in aithrisí (243) go (246) den Rialachán sealadach.

(173) Mar fhreagra ar bharúlacha ó LB, ghlac an Coimisiún le maíomh maidir leis an mbonn a athrú chun costais SGA agus coigeartuithe brabúis barúlacha a dhéanamh faoi Airteagal 2(9) den bhun-Rialachán le haghaidh an trádálaí sa Ríocht Aontaithe ('BEL UK') nuair a thabhaítear costais a d'íoc allmhaireoir de ghnáth.

3.2.3. *Comparáid*

(174) Meabhraíonn an Coimisiún go gceanglaítear le hAirteagal 2(10) den bhun-Rialachán ar an gCoimisiún comparáid chothrom a dhéanamh idir an gnáthluach agus an praghas onnmhairiúcháin ar an leibhéal céanna trádála agus chun aird a thabhairt ar dhifríochtaí i dtosca a dhéanann difear do phraghsanna agus d'inchomparáideacht praghsanna. Sa chás atá idir lámha, roghnaigh an Coimisiún comparáid a dhéanamh idir gnáthluach agus praghas onnmhairiúcháin na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte ar leibhéal na trádála díreach ón monarcha. Mar a mheabhraítear thíos, i gcás inarb iomchuí, rinneadh an gnáthluach agus an praghas onnmhairiúcháin a choigeartú chun an méid seo a leanas a dhéanamh: (i) iad a ghlanluacháil ar ais go dtí an leibhéal díreach ón monarcha; agus (ii)) na difríochtaí sna tosca a maíodh agus a léiríodh, a ghlacadh san áireamh, chun difear a dhéanamh do phraghsanna agus d'inchomparáideacht praghsanna.

(175) Mar a mhínítear in aithrisí (239)-(242) den Rialachán sealadach, suíodh an gnáthluach ar leibhéal na trádála díreach ón monarcha trí úsáid a bhaint as costais táirgthe mar aon le méideanna le haghaidh SGA agus brabúis, a measadh a bheith réasúnta don leibhéal trádála sin. Mar a mhínítear in aithrisí (170)-(171), mar gheall ar fhianaise dhearfach go raibh gnéithe nach mbaineann leis an leibhéal trádála sin i ráta costais SGA a úsáideadh chun méid costais SGA réasúnta a shuí ar leibhéal na trádála díreach ón monarcha, rinneadh an ráta SGA a choigeartú le haghaidh na ngnéithe ábhartha. Measadh nach raibh gá le haon choigeartú eile chun an gnáthluach a ghlanluacháil ar ais go dtí an leibhéal díreach ón monarcha.

(176) Níor aimsigh an Coimisiún aon chúis le haon liúntas a thabhairt don ghnáthluach (seachas an coigeartú ar CBL a mhínítear in aithris (249) den Rialachán sealadach), ná níor éiligh aon cheann de na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte na liúntais sin.

(177) Chun an praghas onnmhairiúcháin a ghlanluacháil ar ais go dtí leibhéal na trádála díreach ón monarcha, rinneadh coigeartuithe mar gheall ar iompar, costais stórasaithe, árachas, láimhseáil agus lódáil chomh maith le dleachtanna custaim. Cuireadh san áireamh na tosca seo a leanas a rinne difear do phraghsanna agus d'inchomparáideacht praghsanna: coimisiún, costais chreidmheasa agus muirir bhainc.

(178) Maidir leis an gcoigeartú do choimisiúin faoi Airteagal 2(10)(i) den bhun-Rialachán, d'áitigh LB go bhfuil coigeartú anuas ar phraghas onnmhairiúcháin LB HK (nuair a bhíonn sé ag díol le custaiméirí neamhchomhlachaithe san Aontas) agus coigeartú anuas dúbailte ar phraghas onnmhairiúcháin an trádálaí chomhlachaithe ón Ríocht Aontaithe ('UK') ('BEL UK') (nuair a bhíonn sé ag díol le custaiméirí neamhchomhlachaithe freisin) neamhdhleathach agus iomarcach in aon chás.

(179) Ar bhealach níos mionsonraithe, d'áitigh LB nach mór don Choimisiún a léiriú go bhfuil gá leis na coigeartuithe a rinneadh chun go mbeidh an gnáthluach agus an praghas onnmhairiúcháin inchomparáide (agus tagairt á déanamh sa chomhthéacs sin d'asbhaint costas SGA áirithe na dtrádálaithe comhlachaithe nach n-asbhaintear ón ngnáthluach). De réir LB, níor mhínigh an Coimisiún cén fáth a bhfágann an fhreagracht as an bpróiseas díola, as rioscaí tráchtála a iompar nó as corrlach brabúis a fháil mar a leagtar amach sa Rialachán sealadach, go bhfuil feidhmeanna trádálaithe LB cosúil le feidhmeanna gníomhaire atá ag obair ar bhonn coimisiúin i gcomhréir le hAirteagal 2(10)(i) den bhun-Rialachán. Tar éis an nochta deiridh, chuir LB in iúl nach ndearna an Coimisiún scrúdú féachaint an eintiteas eacnamaíoch aonair iad na trádálaithe LB i dteannta eintitis táirgthe na Síne nó an ranna trádála onnmhairiúcháin inmheánacha iad.

(180) Ar an gcéad dul síos, mar a leagtar amach in aithris (252) den Rialachán sealadach, tá údar leis an gcoigeartú faoi Airteagal 2(10)(i), ós rud é go raibh na trádálaithe freagrach as an bpróiseas díola agus as na rioscaí tráchtála a bhaineann leis agus fuair siad corrlach brabúis le haghaidh na ndíolachán.

(181) Is léir ón bhfaisnéis a sholáthair LB agus a d'fhíoraigh an Coimisiún go dtugann na trádálaithe comhlachaithe faoi fheidhmeanna atá comhchosúil le feidhmeanna gníomhaire atá ag obair ar bhonn coimisiúin. Go deimhin, admhaíonn LB é féin go dtugann a thrádálaithe comhlachaithe faoi fheidhmeanna díolachán onnmhairiúcháin. Déanann siad na táirgí a mhargú, conarthaí a éascú, malartú airgeadra agus bainistíocht riosca a áirithiú, aire a thabhairt do theagmhálacha le custaiméirí atá ann cheana agus custaiméirí ionchasacha, lóistíocht a shocrú, doiciméadacht dhlíthiúil a bhainistiú, na horduithe a iarraidh, agus na horduithe a fháil agus na díolacháin a chaibidliú, sonraisc a eisiúint, agus rioscaí tráchtála comhfhreagracha a ghlacadh. D'admhaigh LB é féin go dtugann a thrádálaithe comhlachaithe faoi fheidhmeanna díolachán onnmhairiúcháin. Mar mhalairt ar thabhairt faoi na feidhmeanna sin, fuair an dá thrádálaí corrlach brabúis. Níor mhínigh LB cén fáth nach mbeadh na feidhmeanna sin difriúil leis na feidhmeanna sin cosúil le feidhmeanna gníomhaire atá ag obair ar bhonn coimisiúin. Dá bhrí sin, murab ionann agus an maíomh a rinne LB tar éis an nochta chinntithigh, chuir an Coimisiún comharthaí comhsheasmhacha ar fáil a léiríonn gur chomhlíon trádálaithe LB feidhmeanna atá inchomparáide le feidhmeanna gníomhaire atá ag obair ar bhonn coimisiúin. Thairis sin, léirítear sa mheasúnú thuas nach measann an Coimisiún gur eintiteas eacnamaíoch aonair leis na heintitis táirgthe iad trádálaithe LB. In aon chás, níor thug LB aon fhianaise ar aghaidh chun bunús a thabhairt leis an maíomh sin ná níor iarr sé go foirmiúil cóir an eintitis eacnamaíoch aonair d'aon cheann de na trádálaithe LB sular glacadh na bearta sealadacha. Mheabhraigh an Coimisiún gur ó thaobh an dualgais cruthúnais de, *'i gcás ina dtugann institiúidí an Aontais comharthaí comhsheasmhacha ar aird lena shuíomh go bhfuil feidhmeanna á gcur i gcrích ag trádálaí atá cleamhnaithe le táirgeoir atá inchomparáide le feidhmeanna gníomhaire atá ag obair ar bhonn coimisiúin, is faoin trádálaí sin nó faoin táirgeoir sin a bheidh sé fianaise a thabhairt ar aird nach bhfuil údar le coigeartú faoi Airteagal 2(10)(i) den bhun-Rialachán'*. ([18]) Is é sin le rá gur faoi LB atá sé a mhaíomh agus bunús a thabhairt leis gur eintiteas eacnamaíoch aonair iad. Níor éirigh le LB é sin a dhéanamh.

(182) I gcomhréir le cásdlí na Cúirte Breithiúnais ([19]), ní chumhdaítear le hAirteagal 2(10)(i) den bhun-Rialachán caidrimh le gníomhaireachtaí tráchtála amháin sa chiall is beaichte díobh. Os a choinne sin, foráiltear do choigeartú faoin bhforáil sin freisin i leith an chorrlaigh brabúis a fuarthas fiú mura ngníomhaíonn na páirtithe ar bhonn caidreamh príomhghníomhaire ach go mbaineann siad an toradh céanna amach trí ghníomhú mar dhíoltóir agus mar cheannaitheoir (mar atá anseo). Feidhmíonn eintitis táirgthe LB agus a dtrádálaithe comhlachaithe mar dhíoltóir agus ceannaitheoir. Ceannaíonn na trádálaithe an táirge lena mbaineann agus déanann siad é a athdhíol ina dhiaidh sin, agus faigheann siad corrlach brabúis. Aithnítear corrlach brabúis den sórt sin go sainráite le hAirteagal 2(10)(i) den bhun-Rialachán mar chineál 'coimisiúin'. Is gá go dtabharfaí le tuiscint leis an aistriú úinéireachta sin chuig na trádálaithe comhlachaithe go n-aistreofaí rioscaí tráchtála, ach ní chuireann sé bac ar chur i bhfeidhm Airteagal 2(10)(i) den bhun-Rialachán, áfach.

(183) Maidir leis an mbrabús barúlach 6,89 % arna ghiniúint ag allmhaireoirí neamhchomhlachaithe le haghaidh táirge ceimiceach eile (PVA) agus a úsáidtear san imscrúdú seo chun praghas onnmhairiúcháin iontaofa a shuí (féach aithrisí (246) agus (252) den Rialachán sealadach), mhaígh LB tar éis an nochta shealadaigh agus deiridh nach ndéanann LB HK feidhmeanna is gnách d'allmhaireoir. Dá bhrí sin, ní mheasann LB go léiríonn tagarmharc allmhaireora corrlach brabúis ar féidir coinne a bheith leis go mbainfidh LB HK amach é. De réir LB, is féidir coigeartú a dhéanamh ar a mhéad ar bhrabús iarbhír LB HK le haghaidh rannpháirtíocht LB HK sna díolacháin leis an Aontas.

(184) Mar an gcéanna, d'áitigh Akzo Nobel go bhfuil an corrlach brabúis asbhainte 6,89 % in aghaidh an eintitis trádála iomarcach agus gur cheart é a theorannú go 6,89 % san iomlán is cuma cé mhéad trádálaí atá i gceist nó ar a laghad, ba cheart don Choimisiún corrlach brabúis 5 % a úsáid, ar corrlach é a úsáideadh roimhe sin i Rialacháin ón gCoimisiún ó 2007 agus 2014 agus a bhaineann le tionscal na gceimiceán. ([20])

([18]) Breithiúnas an 26 Deireadh Fómhair 2016, *PT Musim Mas v An Chomhairle*, C-468/15 P, AE: EU:C:2016:803, mír 85.

([19]) Breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta an 25 Meitheamh 2015, PT Musim Mas v Comhairle an Aontais Eorpaigh, Cás T-26/12, ECLI:EU:T:2015:437, mír 84.

([20]) Aithris 35 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 904/2014 ón gCoimisiún an 20 Lúnasa 2014 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála shealadach ar allmhairí glútamáite monasóidiam ar de thionscnamh na hIndinéise iad, (IO L 246, 21.8.2014, lch. 1); aithris 47 a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 390/2007 ón gCoimisiún an 11 Aibreán 2007 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála shealadach ar allmhairí sárocsasulfáití (sárshulfáití) de thionscnamh Stáit Aontaithe Mheiriceá, Dhaon-Phoblacht na Síne agus na Téaváine, (IO L 97, 12.4.2007, lch. 6).

(185) Ar an gcéad dul síos, le hAirteagal 2(9) den bhun-Rialachán tugtar an rogha don Choimisiún idir corrlach brabúis iarbhír an allmhaireora chomhlachaithe a úsáid agus corrlach brabúis barúlach a úsáid, agus is é an t-aon oibleagáid amháin nach mór don chorrlach a bheith réasúnach. Agus Airteagal 2(9) den bhun-Rialachán á chur i bhfeidhm de réir analaí ar Airteagal 2(10)(i), measadh gurbh iomchuí corrlach brabúis réasúnta a úsáid mar bhonn le hasbhaint faoin bhforáil sin, chun aon éifeacht saofa a d'fhéadfadh eascairt as socruithe inmheánacha idir an táirgeoir onnmhairiúcháin agus na trádálaithe comhlachaithe a sheachaint.

(186) Ní chuireann LB in aghaidh na nithe seo a leanas maidir le LB HK agus BEL UK: (i) go ngníomhaíonn siad mar thrádálaithe; (ii) go dtabhaíonn siad costais ábhartha sa cháil sin; (iii) go bhfaigheann siad corrlach brabúis mar gheall ar na feidhmeanna a thugann siad faoi; agus (iv) go ngineann siad brabús. Níor cuireadh in aghaidh freisin go bhfuil baint ag an dá thrádálaí leis an táirgeoir. Dá bhrí sin, i gcomhréir lena chleachtas comhsheasmhach a dheimhnigh an Chúirt Ghinearálta, ([21]) chuir an Coimisiún Airteagal 2(9) den bhun-Rialachán i bhfeidhm de réir analaí agus d'úsáid sé costais SGA agus corrlach brabúis barúlach bunaithe ar an mbrabús a bhain trádálaí/allmhaireoir neamhchomhlachaithe amach.

(187) Maidir le cainníochtú an choigeartaithe, is é an ní is tábhachtaí ná an tionchar atá ag ról an trádálaí chomhlachaithe ar an bpraghas onnmhairiúcháin. Is í an tsaincheist an mbeadh praghas onnmhairiúcháin iarbhír bunaithe ar chaidreamh ar neamhthuilleamaí idir an t-onnmhaireoir agus an trádálaí. ([22]) Níl aon chonspóid ann gur ghníomhaigh LB HK agus BEL UK araon mar thrádálaithe le haghaidh LB. Dá bhrí sin, is tagarmharc réasúnta é corrlach brabúis trádálaí/allmhaireora neamhchomhlachaithe le haghaidh na gcoigeartuithe. Is é sin le rá, dá mbeadh LB HK agus BEL UK neamhspleách ar LB, agus dá mbeadh na hidirbhearta eatarthu agus LB ar neamhthuilleamaí, bheadh sé réasúnach glacadh leis, chomh maith lena gcostais SGA a chumhdach; go ngearrfaidís ar LB méid atá coibhéiseach leis an mbrabús ainmniúil a mbeadh coinne ag trádálaí/allmhaireoir atá ag gníomhú sa tionscal seo lena ghiniúint. Níor mhínigh LB an fáth nárbh amhlaidh an cás do LB HK, go háirithe ós rud é nach gcuireann LB in aghaidh an fhíorais go ngníomhaíonn LB HK mar thrádálaí, go n-íoctar LB HK as sin i bhfoirm corrlach brabúis, agus go ngineann sé brabús. Níl sé iomchuí úsáid a bhaint as brabús iarbhír LB HK, mar a mhol LB, mar gheall ar an gcaidreamh idir an táirgeoir agus an trádálaí, rud a théann i bhfeidhm ar an méid brabúis sin. Thairis sin, baineann an corrlach brabúis a úsáideadh le himscrúdú a rinneadh le déanaí, seachas le faisnéis atá as dáta agus a thagann ó 2014 nó ó 2007 fiú (mar a chuir Akzo Nobel ar aghaidh). Thairis sin, ní chuireann aon ní in Airteagal 2(10)(i) den bhun-Rialachán cosc ar an gCoimisiún coigeartuithe comhleanúnacha a chur i bhfeidhm dá mbeadh baint ag trádálaithe comhleanúnacha, a ndéanfadh a rannpháirtíocht, dá mbeadh sí bunaithe ar idirbhearta ar neamhthuilleamaí, difear don phraghas onnmhairiúcháin dá réir sin. Is gá, dá bhrí sin, na coigeartuithe a dhéanamh chun deireadh a chur leis na tosca a dhéanann difear d'inchomparáideacht praghsanna idir an gnáthluach agus an praghas onnmhairiúcháin. Dá bharr sin, b'éigean diúltú d'argóint LB agus Akzo Nobel.

(188) Mar fhreagairt ar an nochtadh sealadach agus ar an nochtadh deiridh freisin, d'áitigh LB gur cheart bonn difriúil a úsáid i gcás rannpháirtíocht BEL UK i ndíolacháin leis an Aontas, seachas corrlach brabúis allmhaireora neamhchomhlachaithe atá suite san imscrúdú PVA (6,89 %). Is é sin, d'áitigh LB gur cheart an coigeartú le haghaidh 'brabús réasúnach' BEL UK maidir le díolacháin leis an Aontas a bheith bunaithe ar an gcorrlach airmheánach brabúis arna shuí ag gnólacht gairmiúil tríú páirtí i staidéar tagarmharcála lena ndéantar anailís ar chorrlaigh bhrabúis thar roinnt blianta i gcás roinnt cuideachtaí a bhfuil feidhmeanna comhchosúla acu le BEL UK. De réir aighneacht an LB tar éis an nochta deiridh, is iad na nithe is tábhachtaí na feidhmeanna a chomhlíontar agus ní na táirgí atá á ndíol. D'áitigh LB freisin go raibh tagarmharc an Choimisiúin míréasúnta toisc nach ndearna an Coimisiún gníomhaíochtaí BEL a chur i gcomparáid le gníomhaíochtaí an allmhaireora PVA agus toisc nár úsáideadh ach sonraí ó fhoinse amháin agus ó níos mó ná 4 bliana ó shin.

([21]) Féach breithiúnas an 8 Bealtaine 2024, Çolakoğlu Metalurji agus Çolakoğlu Dış Ticaret v An Coimisiún, T-630/21, EU:T:2024:304, mír 97.

([22]) Féach breithiúnas an 8 Bealtaine 2024, Çolakoğlu Metalurji agus Çolakoğlu Dış Ticaret v An Coimisiún, T-630/21, EU:T:2024:304, mír 96.

(189) Mar a leagtar amach in aithris (185) thuas, le linn don Choimisiún coigeartuithe a dhéanamh faoi Airteagal 2(9) agus Airteagal 2(10)(i) den bhun-Rialachán faoi seach, tá lánrogha leathan aige idir corrlach brabúis iarbhír an allmhaireora chomhlachaithe a roghnú agus corrlach brabúis barúlach, agus is é an t-aon oibleagáid amháin nach mór don chorrlach a bheith réasúnach le haghaidh trádálaí / allmhaireora a thrádálann an táirge lena mbaineann nó táirgí comhchosúla. Thairis sin, is cleachtas comhsheasmhach de chuid an Choimisiúin é corrlach brabúis a úsáid bunaithe ar an mbrabús a bhain allmhaireoir neamhchomhlachaithe amach, bíodh sin chun críocha Airteagal 2(9) nó Airteagal 2(10)(i) den bhun-Rialachán. Cé gur príomhcheist iad na feidhmeanna a dhéantar (i.e. gnó allmhairiúcháin) agus an tagarmharc á roghnú le haghaidh brabús réasúnta, tá sé chomh tábhachtach céanna don Choimisiún allmhaireoirí atá gníomhach sa tionscal céanna a shainaithint (murab ionann iad agus an táirge céanna). Thairis sin, táirgeadh na sonraí maidir le brabús le haghaidh allmhaireoirí neamhchomhlachaithe sampláilte PVA chun críocha imscrúdaithe cosanta trádála agus rinne an Coimisiún iad a sheiceáil agus a fhíorú go cuí. Fiú má úsáidtear brabús ó 4 bliana ó shin, ní fhágann sé sin go bhfuil an tagarmharc míréasúnta. Ar aon chuma, níor mhínigh LB cén fáth go mbeadh sé amhlaidh. Is tuarascáil inmheánach é an doiciméad dá dtagraíonn LB Group, a eisíodh go sonrach do LB, lena gcumhdaítear freisin cuideachtaí ó earnálacha seachas earnáil na gceimiceán agus lena gcuirtear san áireamh cuideachtaí a bhfuil brabúis dhiúltacha acu freisin, ar cuideachtaí iad uile a bhaineann an bonn de phrionsabal na réasúntachta a chuireann an Coimisiún i bhfeidhm le linn dó an brabús barúlach a roghnú. Thairis sin, agus iarracht á déanamh an corrlach brabúis agus dá bhrí sin a chorrlach dumpála a ísliú, níor mhínigh LB tráth ar bith ar bhealach a bhfuil bunús leis an fáth ar cheart a mheas go bhfuil an corrlach brabúis, a aimsíodh in imscrúdú a rinneadh le déanaí agus a ghin trádálaí táirgí ceimiceacha go hiarbhír, míréasúnta. Dá bhrí sin, diúltaíodh don argóint a rinne LB Group.

(190) Sa bhreis ar an nochtadh deiridh, d'áitigh LB, sular féidir leis an gCoimisiún an mharcáil suas a choigeartú faoi Airteagal 2(10)(i) den bhun-Rialachán, go bhfuil sé faoi oibleagáid a thaispeáint go ndéanann an caidreamh idir trádálaithe LB ar thaobh amháin agus na heintitis táirgthe LB ar an taobh eile difear don mharcáil suas (i.e. níl sé ar neamhthuilleamaí). Ina theannta sin, de réir LB, ba cheart aon choigeartú ar mharcáil suas a chur in oiriúint do na feidhmeanna a dhéanann na heintitis sin agus, dá bhrí sin, ba cheart é a nascadh leis na speansais a thabhaigh siad. Mhaígh LB freisin trí thagairt a dhéanamh don mhodheolaíocht a úsáidtear i dTreoirlínte ECFE maidir le Praghsáil Aistrithe go bhfuil marcáil suas LB HK agus BEL ar neamhthuilleamaí.

(191) Mar a leagtar amach in aithris (187), déanann an caidreamh leis na heintitis a tháirgeann LB difear don bhrabús iarbhír a ghineann na trádálaithe LB. Go deimhin, mar a dheimhnítear in *Çolakoğlu*, an prionsabal a leagtar amach in Airteagal 2(9) den bhun-Rialachán, ar dá réir 'más cosúil go bhfuil an praghas onnmhairiúcháin neamhiontaofa i ngeall ar chomhlachas nó socrú cúitimh idir an t-onnmhaireoir agus an t-allmhaireoir nó tríú páirtí, féadfar an praghas onnmhairiúcháin a ríomh bunaithe ar an bpraghas ar a n-athdhíolfar na táirgí allmhairithe den chéad uair le ceannaí neamhspleách', ní mór a bheith in ann an prionsabal sin a chur i bhfeidhm freisin agus cainníochtú á dhéanamh ar an méid coimisiúin atá le hasbhaint ón bpraghas onnmhairiúcháin ionas nach mbainfear an éifeacht phraiticiúil d'Airteagal 2(10)(i) den bhun-Rialachán. ([23]) Dá bhrí sin, ní léiríonn an brabús iarbhír a ghintear an íocaíocht chuí as an tseirbhís a thugtar ar bhonn neamhthuilleamaí. Déantar tagairt freisin don mheasúnú ón gCoimisiún a leagtar amach in aithrisí (185)-(189). Maidir leis an gcomhghaol idir líon na bhfeidhmeanna a dhéantar agus an coigeartú marcála suas atá le déanamh, ní chuireann an bun-Rialachán bac ar an gCoimisiún an coigeartú céanna a chur i bhfeidhm faoi Airteagal 2(10)(i) le haghaidh trádálaithe a dhéanann seirbhísí ar leibhéil éagsúla. Ní gá do na trádálaithe LB na feidhmeanna céanna nó an raon feidhmeanna céanna a chomhlíonadh. Cé go bhfuil ról LB HK níos teoranta i gcásanna áirithe (mar shampla nuair a athdhíoltar le BEL é, seachas go díreach leis na custaiméirí neamhchomhlachaithe), ní fhágann sé sin go bhfuil cur i bhfeidhm an bhrabúis bharúlaigh chéanna maidir le LB HK agus BEL araon neamhbhailí, ar choinníoll go ndéanann an dá thrádálaí feidhmeanna atá comhchosúil le feidhmeanna gníomhaire atá ag obair ar bhonn coimisiúin (mar is amhlaidh). Ar deireadh, tugtar faoi deara nach bhfuil measúnú an Choimisiúin sa chás seo bunaithe ar aon treoirlínte ECFE, a úsáidtear chun críoch cánachais, seachas sna himscrúduithe cosanta trádála. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

(192) I ndáil leis an gcoigeartú CBL agus an gnáthluach á ríomh, d'áitigh LB gur fhág an Coimisiún an bunús dlí don choigeartú ar lár agus nár sholáthair sé fianaise ná míniú maidir leis an bhfáth ar ghá inchomparáideacht praghsanna a áirithiú. D'athdhearbhaigh LB tar éis an nochta deiridh nár thaispeáin an Coimisiún fianaise chun tacú leis an gcoigeartú a rinneadh. Ar an gcéad dul síos, mar a leanann sé ón Rialachán sealadach, eadhon Roinn 3.6, déantar an coigeartú CBL faoi Airteagal 2(10) den bhun-Rialachán (Airteagal 2(10)(k) go sonrach). Rinne an Coimisiún tuilleadh mionsaothraithe ar an gcoigeartú agus sholáthair sé a réasúnú i Roinn 4.3.6 d'Iarscríbhinn 2

([23]) Féach breithiúnas an 8 Bealtaine 2024, Çolakoğlu Metalurji agus Çolakoğlu Dış Ticaret v An Coimisiún, T-630/21, EU:T:2024:304, mír 95.

(dar teideal 'Ríomhanna dumpála agus faisnéis ar an modheolaíocht a úsáideadh') den doiciméad réamhnochta. Déantar an coigeartú le haghaidh difríocht in aisíocaíocht CBL idir na díolacháin intíre agus onnmhairiúcháin (tá aisíocaíocht nialasach ar an CBL iníoctha ar na díolacháin onnmhairiúcháin i bhfeidhm). Dá bhrí sin, diúltaíodh d'argóint LB.

3.2.4. *Corrlaigh dhumpála*

(193) Mar a shonraítear in aithrisí (164), (171) agus (173), tar éis maímh ó pháirtithe leasmhara, rinne an Coimisiún athbhreithniú ar na corrlaigh dhumpála.

(194) D'áitigh an gearánach i ndiaidh an Rialacháin shealadaigh gur léirigh sé, trí chorrlach dumpála sealadach níos ísle a aimsiú le haghaidh Anhui Gold Star, gur dhíol Anhui TiO_2 ar phraghsanna i bhfad níos airde sa mhargadh intíre i gcomparáid le LB.

(195) Tugtar faoi deara go bhfuil feidhm ag Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán sa chás seo agus nach ndéantar gnáthluach comhfhreagrach na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte a ríomh faoi threoir na bpraghsanna intíre sa tSín, ach ar bhonn costais athsholáthair i dtír ionadaíoch (an Bhrasaíl sa chás seo) de bhun Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán.

(196) Thairis sin, cheistigh an gearánach rannpháirtíocht na gcuideachtaí comhlachaithe uile san imscrúdú agus cé acu an bhféadfadh nó nach bhféadfadh tionchar a bheith ag an gcaidreamh idir cuideachtaí ar ríomh an chorrlaigh dumpála.

(197) Is cleachtas comhsheasmhach de chuid an Choimisiúin é struchtúr costais na gcuideachtaí onnmhairiúcháin sampláilte aonair a mheas agus a léiriú go cuí agus an bonn don ghnáthluach á chinneadh, lena n-áirítear cé acu a fhaightear nó nach bhfaightear amhábhair ó thríú páirtithe nó ó pháirtithe comhlachaithe nó a mhonaraítear go hinmheánach iad agus a mhéid a fhaightear iad nó cé na hionchuir tosaigh a úsáidtear chun an táirge lena mbaineann a dhéanamh.

(198) Ar deireadh, d'iarr an gearánach soiléiriú maidir le cé acu a leathnófar nó nach leathnófar na dleachtanna a socraíodh do Ghrúpa Anhui Gold Star chuig táirgeoirí TiO_2 eile de ghrúpa CNNC níos mó, lena mbaineann Anhui. Mar a leagtar amach in aithris (199) den Rialachán seo, leagtar síos an dleacht aonair 11,4 % le haghaidh an dá tháirgeoir onnmhairiúcháin laistigh de ghrúpa Anhui Gold Star (atá, go deimhin, ina chuid de ghrúpa corparáideach níos leithne faoi úinéireacht CNNC HUA YUAN TITANIUM DIOXIDE CO., LTD), is iad sin Anhui Gold Star Titanium Dioxide (Group) Co., Ltd. agus ANHUI GOLD STAR TITANIUM DIOXIDE TRADING COMPANY LIMITED agus nach mbaineann le táirgeoirí onnmhairiúcháin eile, atá nó nach bhfuil comhlachaithe le cuideachtaí an ghrúpa Anhui Gold Star sin.

(199) Is iad seo a leanas na corrlaigh dhumpála chinntitheacha, arna sloinneadh mar chéatadán den chostas, árachas agus last-táille (CAL) ag teorainn an Aontais, roimh dhleacht a íoc:

Cuideachta	Corrlach dumpála cinntitheach
Grúpa LB: — LB GROUP CO., LTD. — HENAN BILLIONS ADVANCED MATERIAL CO., LTD. — LB LUFENG TITANIUM INDUSTRY CO., LTD. — LB SICHUAN TITANIUM INDUSTRY CO., LTD. — LB XIANGYANG TITANIUM INDUSTRY CO., LTD.	32,3 %
Grúpa Anhui Gold Star: — Anhui Gold Star Titanium Dioxide (Group) Co., Ltd. — ANHUI GOLD STAR TITANIUM DIOXIDE TRADING COMPANY LIMITED	11,4 %

Cuideachta	Corrlach dumpála cinntitheach
Cuideachtaí comhoibríocha eile	28,4 %
Gach cuideachta eile	32,3 %

4. DÍOBHÁIL

4.1. Sainiú ar thionscal an Aontais agus ar tháirgeacht an Aontais

(200) In éagmais aon bharúil, deimhnítear aithrisí (261) go (262) den Rialachán sealadach.

4.2. Margadh ábhartha an Aontais a chinneadh

(201) In éagmais aon bharúil, deimhnítear aithrisí (263) go (268) den Rialachán sealadach.

4.3. Tomhaltas an Aontais

(202) In éagmais aon bharúil, deimhnítear aithrisí (266) go (272) den Rialachán sealadach.

4.4. Allmhairí ón tír lena mbaineann

4.4.1. *Méid agus sciar de mhargadh na n-allmhairí ón tír lena mbaineann*

(203) In éagmais aon bharúil, deimhnítear aithrisí (273) go (275) den Rialachán sealadach.

(204) Chuir CNCIA in aghaidh thorthaí an Choimisiúin gur imthosca urghnácha a bhain le loingseoireacht idirnáisiúnta ba chúis leis an laghdú ar mhéideanna allmhairí a breathnaíodh in 2021, agus mhaígh sé nár sholáthair an Coimisiún aon fhianaise ina leith sin. D'athdhearbhaigh CNCIA an maíomh sin ina bharúlacha maidir leis an nochtadh deiridh agus chuir sé leis gur tháinig méadú mór ar mhéideanna allmhairí ón tSín chuig an Aontas in 2021 i roinnt imscrúduithe a rinneadh le déanaí ([24]) agus gur tháinig méadú freisin ar mhéideanna onnmhairiúcháin thionscal an Aontais in 2021.

(205) Mheabhraigh an Coimisiún go raibh tionchar ag cur isteach mór ar shlabhraí soláthair idirnáisiúnta sa bhliain 2021 mar gheall ar dhúnadh calafort agus ganntanas coimeádán loingseoireachta ina dhiaidh sin, rud a d'fhág go raibh méadú ar chostais loingseoireachta na n-aigéan le roinnt orduithe méide in 2022, agus gur tháinig laghdú ar mhéideanna allmhairí cuid mhaith táirgí.

(206) Tháinig an Coimisiún ar chonclúidí den sórt sin cheana féin i gcásanna a bhí ann le déanaí, ([25]) agus chuir an gearánach agus Siegwerk an seasamh céanna in iúl sa chás seo freisin. Ar an taobh eile, níor thairg CNCIA aon mhíniú malartach ar an laghdú seo ar mhéid na n-allmhairí, i gcomparáid leis na blianta eile go léir nuair a bhí méadú leanúnach orthu.

(207) Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh sin agus dheimhnigh sé a chonclúidí ó aithrisí (276) agus (277) den Rialachán sealadach.

([24]) Thagair CNCIA do Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1915 ón gCoimisiún an 11 Iúil 2024 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála shealadach ar allmhairí trealaimh rochtana shoghluaiste de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus do Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1866 ón gCoimisiún an 3 Iúil 2024 lena bhforchuirtear dleacht frithchúitimh shealadach ar allmhairí feithiclí ceallra-leictreacha nua atá deartha chun daoine a iompar, de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne.

([25]) Féach, mar shampla, aithrisí (370) agus (371) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1064 ón gCoimisiún an 9 Aibreán 2024 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála shealadach ar allmhairí eistear fosfáite ailcile áirithe de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, IO L, 2024/1064, 10.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/1064/oj.

4.4.2. *Praghsanna na n-allmhairí ón tír lena mbaineann agus sladghearradh praghais*

(208) In éagmais aon bharúil, deimhnítear aithrisí (278) go (281) den Rialachán sealadach.

(209) Ina bharúlacha maidir leis an Rialachán sealadach, dúirt AkzoNobel nach léir ón Rialachán sealadach cé acu ar chomhlíon nó nár chomhlíon an Coimisiún cásdlí na Cúirte Breithiúnais, lena gceanglaítear ar an gCoimisiún sladghearradh agus gearrdhíol a ríomh ar an leibhéal céanna trádála. ([26])

(210) Dhírigh an Coimisiún chuige sin ar aithris (283) den Rialachán sealadach, inar shonraigh sé go ndearnadh na ríomhanna ar an leibhéal céanna trádála mar a mhínítear in aithrisí (247), (248) agus (249) den Rialachán sealadach. Rinne an Coimisiún tacar malartach ríomhanna freisin, gan coigeartú SGA agus brabúis le haghaidh táirgeoirí onnmhairiúcháin faoi Airteagal 2(9), agus léirigh siad sin corrlaigh shladghearrtha agus ghearrdhíola shuntasacha freisin.

(211) Dá bhrí sin, dheimhnigh an Coimisiún a chuid conclúidí a leagtar amach in aithrisí (282) agus (283) den Rialachán sealadach.

(212) D'easaontaigh AkzoNobel freisin le conclúidí an Choimisiúin maidir le cúngú agus ísliú praghsanna, ag maíomh gur cheart don Choimisiún a chinneadh nach ann do shochtadh ná d'ísliú praghsanna.

(213) Mhaígh AkzoNobel ar dtús gur tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur ann d'ísliú praghsanna 'ós rud é amháin gur tháinig laghdú 4 % ar phraghsanna ó 2022 go dtí an [tréimhse imscrúdúcháin],' agus go ndearna an Coimisiún 'neamhaird de gur tháinig méadú 35 % ar phraghsanna ó 2020 go 2022, agus méadú 31 % ó 2020 go dtí an [tréimhse imscrúdúcháin].'

(214) Ar an dara dul síos, creideann AkzoNobel toisc nár líomhnaíodh sa ghearán gurbh ann do chúngú praghsanna, go gcaitheann sé sin amhras ar chonclúid an Choimisiúin go raibh cúngú praghsanna ann.

(215) Ar deireadh, mhaígh AkzoNobel nach ndearna an Coimisiún in aon chás measúnú ar fhórsa míniúcháin allmhairí na Síne maidir le haon chúngú ar phraghsanna, rud a cheanglaítear faoi rialacha EDT. ([27])

(216) Mheas an Coimisiún nach raibh bunús leis na maímh thuas ó AkzoNobel.

(217) Ar an gcéad dul síos, díreach toisc nár líomhnaíodh sa ghearán gur cuireadh praghsanna faoi chois, ní chiallaíonn sé sin nár tharla an cúngú sin ar phraghsanna. Mar a mhínítear in aithris (316) arna léamh in éineacht le haithrisí (308) agus (285) den Rialachán sealadach, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gurbh ann do chúngú praghsanna le linn na tréimhse faoi bhreathnú mar gheall ar fhorluí roinnt tosca:

(a) Bhí praghas comhsheasmhach ar allmhairí na Síne faoi bhun phraghsanna thionscal an Aontais, agus bhí méadú ag teacht ar mhéid na n-allmhairí sin i ngach bliain den tréimhse faoi bhreathnú (cé is moite de 2021 nuair a tháinig méadú ar chostais loingseoireachta agus nuair a tháinig laghdú ar mhéideanna na n-allmhairí), rud a tharla ag an am céanna le

(b) méadú ar chostas táirgthe thionscal an Aontais i ngach bliain den tréimhse faoi bhreathnú, agus

(c) níor tháinig méadú ar phraghas díola thionscal an Aontais ar an luas céanna agus, dá bhrí sin, ní raibh siad in ann na méaduithe sin ar chostais a fhritháireamh go hiomlán.

(218) Shuigh an Coimisiún dá bhrí sin gurbh ann do chúngú praghsanna agus rinne sé measúnú ar an nasc cúisíoch idir allmhairí na Síne agus cúngach praghsanna.

(219) Ar an dara dul síos, murab ionann agus maímh AkzoNobel, níor tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gurbh ann d'ísliú praghsanna le linn na tréimhse imscrúdúcháin toisc gur tháinig laghdú ar phraghsanna thionscal an Aontais idir 2022 agus an tréimhse imscrúdúcháin, agus ar an gcúis sin amháin.

([26]) Breithiúnas an 10 Aibreán 2019, *Jindal Saw v An Coimisiún*, T-301/16, EU:T:2019:234, míreanna 165-190; breithiúnas an 27 Aibreán 2022, *Giant v An Coimisiún*, T-242/19, EU:T:2022:259, míreanna 62-95, 122; breithiúnas an 4 Bealtaine 2022, *CRIA agus CCCMC v An Coimisiún*, T-30/19 agus T-72/19, EU:T:2022:266, míreanna 108, 125-154.

([27]) Tuarascáil ón mBuanchomhlacht Achomhairc, *An tSín – GOES*, WT/DS414/AB/R, míreanna 138 agus 141.

(220) Mar a leagtar amach in aithris (316) agus in aithrisí (286), (308) agus (309) den Rialachán sealadach, agus i bhfianaise na dtosca a luaitear in aithris (217), tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go raibh ísliú praghsanna ann toisc:

(a) cé gur tháinig méadú ar phraghas allmhairí na Síne gach bliain den tréimhse faoi bhreathnú, tháinig laghdú tobann ar phraghsanna allmhairí na Síne le linn na tréimhse imscrúdúcháin, rud a chuir iallach ar thionscal an Aontais a phraghsanna a laghdú chun sciar éigin den mhargadh ar a laghad a choinneáil, agus

(b) Bhain allmhairí na Síne sciar den mhargadh amach.

(221) Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún do bharúlacha AkzoNobel toisc iad a bheith gan bhunús agus dheimhnigh sé aithrisí (284) go (286) den Rialachán sealadach.

4.5. **Staid eacnamaíoch thionscal an Aontais**

4.5.1. *Barúlacha ginearálta*

(222) In éagmais aon bharúil, deimhnítear aithrisí (287) go (291) den Rialachán sealadach.

4.5.2. *Táscairí maicreacnamaíocha*

4.5.2.1. Táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta

(223) In éagmais aon bharúil, deimhnítear aithrisí (292) go (296) den Rialachán sealadach.

4.5.2.2. An méid díolachán agus an sciar den mhargadh

(224) In éagmais aon bharúil, deimhnítear aithrisí (297) go (299) den Rialachán sealadach.

4.5.2.3. Fás

(225) In éagmais aon bharúil, deimhnítear aithris (300) den Rialachán sealadach.

4.5.2.4. Fostaíocht agus táirgiúlacht

(226) In éagmais aon bharúil, deimhnítear aithrisí (301) go (303) den Rialachán sealadach.

4.5.2.5. Méid an chorrlaigh dumpála agus téarnamh ó dhumpáil a tharla roimhe seo

(227) In éagmais aon bharúil, deimhnítear aithrisí (304) go (305) den Rialachán sealadach.

4.5.3. *Táscairí micreacnamaíocha*

4.5.3.1. Praghsanna agus tosca lena ndéantar difear do phraghsanna

(228) In éagmais aon bharúil, deimhnítear aithrisí (306) go (307) den Rialachán sealadach. Tar éis don Choimisiún aghaidh a thabhairt ar bharúlacha AkzoNobel maidir le cúngú agus ísliú praghsanna i roinn 4.4.2 thuas, dheimhnigh an Coimisiún aithrisí (308) agus (309) den Rialachán sealadach.

4.5.3.2. Costais saothair

(229) In éagmais aon bharúil, deimhnítear aithrisí (310) go (311) den Rialachán sealadach.

4.5.3.3. Fardail

(230) In éagmais aon bharúil, deimhnítear aithrisí (312) go (313) den Rialachán sealadach.

4.5.3.4. Brabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí, an toradh ar infheistíochtaí agus an cumas caipiteal a chruinniú

(231) Cheartaigh an Coimisiún earráid chléireachais sna sonraí a tuairiscíodh i dTábla 11 sa Rialachán sealadach maidir le sreabhadh airgid thionscal an Aontais le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Go deimhin, bhí an sreabhadh airgid le linn na tréimhse imscrúdúcháin lúide EUR 42,3 milliún seachas lúide EUR 4,3 milliún. Mar sin féin, bhí na figiúirí innéacsaithe a léiríonn treocht an tsreafa airgid le linn na tréimhse faoi bhreathnú cruinn i dTábla 11 den Rialachán sealadach.

(232) Léirítear figiúr ceartaithe an tsreafa airgid sa tábla thíos.

Tábla 11

Brabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí agus toradh ar infheistíochtaí

	2020	2021	2022	An tréimhse imscrúdúcháin
Brabúsacht díolachán san Aontas le custaiméirí neamhchomhlachaithe (% de láimhdeachas na ndíolachán)	7,9 %	9,8 %	5,1 %	– 11,7 %
Innéacs	*100*	*125*	*65*	*- 148*
Sreabhadh airgid (EUR)	92 461 606	124 892 941	3 767 112	- 42 293 138
Innéacs	*100*	*135*	*4*	*- 46*
Infheistíochtaí (EUR)	37 870 922	36 314 534	39 542 712	43 030 210
Innéacs	*100*	*96*	*104*	*114*
Toradh ar infheistíochtaí	53 %	41 %	2 %	- 67 %
Innéacs	*100*	*79*	*5*	*- 127*

Foinse: freagraí fíoraithe ar cheistneoirí ó na táirgeoirí sampláilte san Aontas.

(233) Níl tionchar ag an earráid chléireachais sin ar na conclúidí i roinn 4.5.3.4. den Rialachán sealadach.

(234) Leis an modhnú thuas ar thábla 11, dheimhnigh an Coimisiún a thorthaí in aithrisí (314) go (322) den rialachán sealadach.

4.6. **Conclúid maidir le díobháil**

(235) D'áitigh CNCIA ina bharúlacha nach raibh díobháil ábhartha á déanamh do thionscal an Aontais agus nár thug na táscairí díobhála a leagtar amach sa Rialachán sealadach léargas diúltach ar thionscal an Aontais. D'athdhearbhaigh CNCIA an t-éileamh sin ina chuid tuairimí maidir leis an nochtadh deiridh.

(236) I ndáil leis sin, d'áitigh CNCIA, in ainneoin an laghdaithe ar tháscairí díobhála áirithe amhail táirgeacht, go raibh tionscal an Aontais in ann a sheasamh láidir ar mhargadh an Aontais a choinneáil agus nár chaill sé ach cúpla pointe céatadáin sa sciar den mhargadh.

(237) D'áitigh CNCIA freisin nach raibh sa laghdú ar bhrabúsacht tháirgeoirí an Aontais le linn na tréimhse imscrúdúcháin ach laghdú sealadach toisc gurbh é an méadú géar ar chostais táirgthe ba chúis leis mar aon le laghdú mór ar an éileamh, rud a chuir cosc ar thionscal an Aontais a chostais mhéadaithe a chur ar aghaidh chuig tomhaltóirí.

(238) Chuir CNCIA cuid de na táscairí díobhála i dtábhacht freisin agus rinne sé anailís orthu ar leithligh agus mhaígh sé go raibh an laghdú teoranta nó gur tharla sé mar gheall ar thosca eile seachas allmhairí na Síne.

(239) Meabhraíonn an Coimisiún go ndearna sé anailís ar gach táscaire díobhála ar leithligh agus ina iomláine ina anailís díobhála. Go háirithe, fuair an Coimisiún sladghearradh praghsanna idir 14 % agus 15.3 % mar a leagtar amach in aithris (283) den Rialachán sealadach. Shuigh an Coimisiún freisin go raibh praghsanna agus iad tugtha i dtír ón tSín fiú faoi bhun mheánchostas táirgthe thionscal an Aontais in 2020 agus le linn na tréimhse imscrúdúcháin araon (aithris (342) den Rialachán sealadach).

(240) Ina theannta sin, lean na príomhtháscairí díobhála uile treocht dhiúltach: gur thit brabús, sreabhadh airgid, agus an toradh ar infheistíocht go tobann sa tréimhse imscrúdúcháin. Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig laghdú 31 % ar an méid táirgeachta, tháinig laghdú 25 % ar an méid díolachán agus tháinig laghdú freisin ar an sciar den mhargadh, ar an bhfostaíocht agus ar an táirgiúlacht. Ar bhonn an mheasúnaithe a rinneadh agus a thuairiscítear sa Rialachán sealadach, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur bhain díobháil ábhartha do thionscal an Aontais de réir bhrí Airteagal 3(5) den bhun-Rialachán.

(241) Níor tharraing aon cheann d'argóintí CNCIA amhras ar an gconclúid thuas. Dá bhrí sin, deimhníonn an Coimisiún a thorthaí in aithrisí (323) – (337) den Rialachán sealadach.

5. CÚISÍOCHT

5.1. Éifeachtaí na n-allmhairí dumpáilte

(242) Mhaígh páirtithe leasmhara nárbh fhéidir cinneadh bailí a dhéanamh ar an nasc cúisíoch idir láithreacht allmhairí TiO_2 ón tSín a líomhnaítear a dumpáladh agus díobháil a rinneadh do thionscal an Aontais toisc go raibh tionchar ag roinnt tosca, nach léiríonn gnáthchás an mhargaidh, ar an tréimhse imscrúdúcháin agus ar an tréimhse lena mbaineann.

(243) D'áitigh Siegwerk ina leith sin, ar an gcéad dul síos, gur laghdaigh an tSín a honnmhairí foriomlána go mór le linn phaindéim COVID-19 agus, dá bhrí sin, gurbh ionann an méadú ar allmhairí TiO_2 na Síne a chonacthas tar éis dheireadh na paindéime agus normalú ar mhéideanna trádála. Ar an dara dul síos, bhí an t-éileamh san Aontas os cionn an mheáin le linn na paindéime. Ar an tríú dul síos, mhaígh Siegwerk, mar thoradh ar an dá thoisc roimhe seo, go raibh táirgeoirí an Aontais ag feidhmiú i 'staid ghar-mhonaplach' agus go raibh siad in ann brabúis urghnácha a bhaint amach le linn na paindéime.

(244) Thug an Coimisiún dá aire go ndearna sé anailís ar na gnéithe sin ina anailís ar na táscairí díobhála agus ar an nasc cúisíoch sa Rialachán sealadach.

(245) I Roinn 4.4.1, aithris (276) den Rialachán sealadach, thug an Coimisiún faoi deara gur tháinig laghdú go deimhin ar mhéideanna allmhairí ón tSín le linn 2021. Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gurbh é ba chúis leis sin cur isteach ginearálta ar thrádáil farraige ón tSín a bhí ann an bhliain sin mar thoradh ar phaindéim COVID-19.

(246) Ar an gcaoi chéanna, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid in aithris (271) den Rialachán sealadach go raibh an t-éileamh os cionn an mheáin in 2020 agus 2021.

(247) Mheabhraigh an Coimisiún, go díreach mar gheall ar an dá thoisc sin le chéile, gur éirigh le tionscal an Aontais a sciar den mhargadh agus a bhrabúsacht a mhéadú go sealadach in 2021, agus tháinig laghdú ar mhéideanna allmhairí na Síne agus ar sciartha den mhargadh araon sa bhliain sin. ([28])

(248) Dá bhrí sin, shuigh an Coimisiún sa Rialachán sealadach, i gcomhthéacs na hanailíse foriomláine ar na táscairí díobhála uile i dteannta a chéile, nach ndéanann an dá ghné sin na conclúidí maidir le díobháil agus an nasc cúisíoch a neamhbhailíochtú. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún do na maímh thuas.

(249) Thug CNCIA dá aire freisin nach raibh praghsanna allmhairiúcháin na Síne in 2022 ach 1,5 % níos ísle ná praghsanna díola thionscal an Aontais, nach féidir a mheas gur '*sladghearradh suntasach ar phraghsanna*' iad. Ar an taobh eile, bhí praghsanna allmhairí ó Mheicsiceo 65 % níos ísle an bhliain sin.

(250) Ag an tús, thug an Coimisiún dá aire nach féidir comparáid shimplí idir praghsanna a mheas mar shladghearradh toisc nach dtugann sé cuntas ar chineálacha táirgí. Thug an Coimisiún dá aire, fiú mura bhféadfaí praghsanna a bhí 1,5 % níos ísle in 2022 a mheas mar shladghearradh suntasach praghsanna (quod non), go raibh an difríocht sa phraghas i bhfad níos airde i mblianta eile: 6,4 % in 2020, agus 24,2 % sa tréimhse imscrúdúcháin. Dá bhrí sin, bhí difríocht shuntasach sa phraghas ann sa tréimhse lena mbaineann.

5.2. **Éifeachtaí tosca eile**

(251) Chuir roinnt páirtithe in aghaidh anailís chúisíochta an Choimisiúin tar éis an Rialacháin shealadaigh.

(252) D'áitigh CNCIA nárbh iad allmhairí na Síne ba chúis le staid thionscal an Aontais agus mhaígh sé nach ndearna an Coimisiún scrúdú ar na tosca eile a rinne difear do thionscal an Aontais: allmhairí tríú tíortha, costas táirgthe atá ag ardú, laghdú ar éileamh agus iomaíocht laistigh de thionscal an Aontais.

(253) Mhaígh páirtithe leasmhara eile ar an gcaoi chéanna gurbh iad an laghdú ar an éileamh agus an méadú ar an gcostas táirgthe ba chúis le díobháil do thionscal an Aontais.

(254) Mhaígh Felix, Munksjö, agus AkzoNobel go ndearna an Coimisiún earráid fhollasach sa mheasúnú toisc nár admhaigh sé timthriallacht i margadh TiO_2 mar chúis díobhála do thionscal an Aontais.

(255) Liostaigh Siegwerk tosca eile a raibh tionchar acu ar an margadh ó dheireadh 2023 ar aghaidh. Ós rud é gur tharla siad sin tar éis na tréimhse imscrúdúcháin, níl siad ábhartha maidir le hanailís aisbhreathnaitheach an Choimisiúin. An tráth céanna, ní raibh siad de chineál a d'fhágfadh go léir go raibh forchur dleachtanna frithdhumpála míchuí. Baineann siad go príomha le forbairt éileamh an mhargaidh, a ndearna an Coimisiún measúnú air i roinn 5.2.1 thíos.

(256) Ina theannta sin, mhaígh AkzoNobel go raibh cinntí infheistíochta an ghearánaigh ina gcúis le brabúsacht dhiúltach iarbhír. Tharraing AkzoNobel aird ar na figiúirí infheistíochta agus sreafa airgid sa tréimhse imscrúdúcháin, agus tháinig sé ar an gconclúid gurbh ([29]) é an deighilt infheistíochta EUR 10 milliún le linn 2022 agus an tréimhse imscrúdúcháin ba chúis go díreach leis as an sreabhadh airgid diúltach EUR – 4,3 milliún sa tréimhse imscrúdúcháin.

(257) Mar sin féin, mar a mhínigh an Coimisiún in aithrisí (231) agus (232) thuas, earráid chléireachais sa Rialachán sealadach a bhí san fhigiúr sreafa airgid diúltach – 4,3 milliún sa tréimhse imscrúdúcháin. Bhí an titim iarbhír ar shreabhadh airgid i bhfad ní ba mhó: 50 pointe céatadáin agus ba é EUR – 42,3 milliún sreabhadh airgid thionscal an Aontais, mar a léirítear i dTábla 11 thuas atá ceartaithe.

(258) Dá bhrí sin, ní féidir an laghdú sin ar shreabhadh airgid a chur i leith na hinfheistíochta thuas amháin.

(259) Thug an Coimisiún aghaidh ar na barúlacha eile, a leagtar amach in aithrisí (252) go (254), i bhforanna ábhartha thíos.

([28]) Aithrisí (298), (299), (325) agus (328) den Rialachán sealadach.
([29]) Aithris (320) den Rialachán sealadach.

5.2.1. *Timthriallacht mhargadh TiO_2*

(260) Thug roinnt páirtithe leasmhara barúlacha maidir le torthaí an Choimisiúin a leagtar amach in aithrisí (349) go (358) den Rialachán sealadach. Mhaígh Felix agus Munksjö nár chuir an Coimisiún timthriallacht san áireamh go leordhóthanach, ar cheann de shaintréithe ríthábhachtacha mhargadh TiO_2, rud a sháraigh a oibleagáid faoi Airteagal 3(7) den bhun-Rialachán.

(261) Cé go n-aithníonn na húsáideoirí nach le margadh TiO_2 amháin a bhaineann an timthriallacht, maíonn siad gurb í a tréith ríthábhachtach í a dhéanann difear do dhinimic an mhargaidh sin (praghsáil agus infhaighteacht TiO_2 agus cumhacht chaibidlíochta páirtithe éagsúla) agus, dá bhrí sin, go bhfuil tionchar aici ar fheidhmíocht tháirgeoirí an Aontais. Aon chor chun donais ar fheidhmíocht airgeadais a tharla le linn tréimhsí éilimh níos ísle, is féidir leo téarnamh le linn thréimhsí fáis an mhargaidh.

(262) Chuir AkzoNobel barúlacha isteach ar aon dul leis sin. Mhaígh siad maidir le conclúidí an Choimisiúin nach bhfuil 'timthriallacht uathúil do mhargadh TiO_2 agus dá bhrí sin nach dtugann sí 'aird ar leith' ([30]) agus nach féidir 'patrún a tharraingt a léiríonn le cinnteacht iomlán cathain a tharlóidh cor chun feabhais nó cor chun donais' ([31]) chun teacht ar an gconclúid 'go rabhthas ag súil go dtarlódh crapadh luath nó mall in 2023' nach cúiseanna bailí iad chun diúltú don mhaíomh gur bun timthrialla ba chúis leis an díobháil do tháirgeoirí an Aontais.

(263) D'áitigh AkzoNobel, cé nach raibh an timthriallacht uathúil do thionscal TiO_2, go raibh sé ina thoisc aitheanta sa tionscal agus go raibh sé de cheangal ar an gCoimisiún measúnú a dhéanamh ar a mhéid a rinne sé an díobháil do thionscal an Aontais. Ní bhaineann sé le hábhar nach féidir a thuar go cruinn cathain a tharlódh cor chun donais, ach, mar a tháinig an Coimisiún féin ar an gconclúid, tar éis 'ardú mór ar éileamh' in 2020 agus 2021, 'bheadh aon laghdú ar thomhaltas a leanann le feiceáil go nádúrtha freisin.'

(264) Chuir AkzoNobel i dtábhacht gur dheimhnigh sé sin a phointe gur lean feidhmíocht thionscal an Aontais patrún timthriallach. Dá bhrí sin, léireodh an tréimhse roghnaithe lena mbaineann, agus an tréimhse imscrúdúcháin treochtaí diúltacha fiú in éagmais aon allmhairí. D'athdhearbhaigh AkzoNobel gur roghnaigh an gearánach an tréimhse imscrúdúcháin go géarchúiseach agus é sin ar intinn aige, ionas go mbeadh sé ag teacht le bun timthrialla.

(265) Mhaígh cuid mhaith páirtithe, go bunúsach, go raibh coinne leis go bhfeidhmeodh tionscal an Aontais go dona luath nó mall le linn na tréimhse imscrúdúcháin, rud a léirigh cineál timthriallach an mhargaidh agus réamhaisnéisí faisnéise an mhargaidh, agus dá bhrí sin nach ndearna allmhairí na Síne aon díobháil do thionscal an Aontais.

(266) Chuir an gearánach i gcoinne na maíomh sin. Cé gur aithin siad go raibh timthriallacht ann, chuir siad in iúl go bhfuil méadú comhsheasmhach tagtha le himeacht ama ar mhéideanna allmhairí agus ar sciartha den mhargadh ón tSín, ag tosú ag méadú go mór ó 2017 i leith.

(267) Tháinig an gearánach ar an gconclúid dá bhrí sin go raibh tionchar diomaibhseach ag an timthriallacht, ós rud é, fiú d'ainneoin treochtaí timthriallacha, gur lean allmhairí ón tSín isteach san Aontas de bheith ag méadú, sa tréimhse roimhe sin inar chrap an t-éileamh in 2017-2018, agus sa tréimhse imscrúdúcháin araon.

(268) Thug an Coimisiún dá aire go ndearna sé anailís mhionsonraithe ar cé acu a d'fhéadfadh nó nach bhféadfadh timthriallacht difear a dhéanamh do thionscal an Aontais agus a mhéid a d'fhéadfadh sí difear a dhéanamh dó, agus tháinig sé ar an gconclúid, de bharr na mbreithnithe uile a leagtar amach sa Rialachán sealadach, nach féidir a mhaíomh gurb í an timthriallacht sa mhargadh an t-aon chúis leis an díobháil.

(269) Sna torthaí sealadacha uaidh, d'aithin an Coimisiún go deimhin go bhfuil margadh TiO_2 timthriallach ar an leibhéal domhanda (féach mar shampla aithris (355) den Rialachán sealadach). Thug an Coimisiún dá aire, áfach, nach mbaineann an timthriallacht go sonrach le margadh TiO_2, ach go dtéann cuid mhaith margaí trí thimthriallta rialta craptha agus leathnaithe éilimh. ([32]) Níorbh fhéidir teacht ar an gconclúid, dá bhrí sin, gur leor an timthriallacht amháin chun an nasc cúisíoch a laghdú.

([30]) Aithris (355) den Rialachán sealadach.
([31]) Aithris (357) den Rialachán sealadach.
([32]) Aithris (355) den Rialachán sealadach.

(270) Thairis sin, chinn an Coimisiún, i gcomparáid leis na réamh-mheastacháin dhomhanda maidir le hiompraíocht mhargadh TiO_2 leis na réamhaisnéisí faisnéise margaidh ar ar bhraith na páirtithe leasmhara chun a mhaíomh gurb í an timthriallacht an phríomhchúis díobhála do thionscal an Aontais, go ndearna roinnt tosca urghnácha difear iarbhír do mhargadh ([33]) an Aontais (agus don mhargadh domhanda freisin). ([34]) Mar thoradh ar na tosca sin, d'imigh margadh an Aontais ó na tuartha sin, ([35]) rud a d'fhág nach raibh sé réalaíoch go dtarlódh an cor chun donais a bhí tuartha, mar a líomhnaíodh, in 2023 ar an gcineál slí go díreach a bheadh ina chúis leis an leibhéal díobhála a bhain do thionscal an Aontais le linn na tréimhse imscrúdúcháin. ([36])

(271) Ina ionad sin, rinne na tosca sin difear d'iompraíocht thimthriall an mhargaidh san Aontas. Dá bhrí sin, cé gur aithin an Coimisiún go bhféadfadh sé go dtarlódh cor chun donais luath nó mall, bhí an díobháil a bhain do thionscal an Aontais i bhfad róshuntasach le cur i leith na timthriallachta caol díreach, agus níor mhór an staid i margadh an Aontais a mheas ar bhealach níos leithne ná díreach trí phriosma na timthriallachta.

(272) Mar a d'aithin an Coimisiún in aithris (388) den Rialachán sealadach, d'fhág an laghdú ar éileamh in 2022 agus an tréimhse imscrúdúcháin (cibé acu mar gheall ar chor chun donais a raibh coinne leis sa timthriall nó nach ea) go raibh staid thionscal an Aontais dúshlánach go deimhin. D'ainneoin sin, níor laghdaigh sé sin (ina aonar nó in éineacht le tosca eile amhail méadú ar an gcostas táirgthe) an nasc cúisíoch idir allmhairí dumpáilte na Síne agus díobháil.

(273) Mar a mhínítear in aithris (389) den Rialachán sealadach, bhí méadú ag teacht ar allmhairí ón tSín le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Ina theannta sin, fiú i margadh inar tharla crapadh in 2022 agus sa tréimhse imscrúdúcháin, nuair a bhí laghdú ag teacht ar mhéideanna allmhairí ó bheagnach gach tríú tír eile, in éineacht le méideanna díolachán thionscal an Aontais, lean méideanna allmhairí na Síne ag dul i méid agus ag fáil sciar den mhargadh. Mar ar thángthas ar chonclúid cheana féin in aithris (361) den Rialachán sealadach, ní féidir coinne a bheith leis sin i margadh atá ag laghdú.

(274) Chun an maíomh a threisiú gur bun timthriallta a bhí i gcomhthráth leis an tréimhse imscrúdúcháin ba chúis leis an díobháil, timthriall as a raibh tionscal an Aontais ag imeacht anois, chuir AkzoNobel tuarascálacha poiblí domhanda tuillimh ó Tronox Holdings plc ('Tronox Holdings') ([37])agus Kronos Worldwide, Inc. ('Kronos Worldwide') isteach ([38]) ó R1 2024.

(275) Léirítear sna tuarascálacha sin go dtuairiscíonn Kronos ar fud an domhain brabús USD 23.4 milliún i R1 2024 agus méadú 11 phointe céatadáin agus 15 % ar úsáid acmhainneachta agus ar mhéideanna díolachán, faoi seach, i R1 2024 i gcomparáid le R1 2023. Léiríodh i dtuarascáil Tronox Holdings méadú 18 % ar na méideanna díolachán in R1 2024 i gcomparáid le R4 2023, agus béim á leagan ar dhea-fheidhmíocht san Eoraip, agus corrlach EBITDA ([39]) 16,9 % ar an leibhéal domhanda. Luaigh AkzoNobel tuarascáil Tronox Holdings féin ina luaitear go léiríonn méadú den sórt sin ar an éileamh ceann tosaigh téarnaimh.

(276) Thug an Coimisiún dá aire ar dtús nach mbailíonn sé sonraí tar éis na tréimhse imscrúdúcháin maidir le tionscal an Aontais in anailís díobhála ábhartha, agus ní féidir a mheas go bhfuil sonraí airgeadais neamhfhíoraithe ina gcuimsítear gníomhaíochtaí seachas TiO_2 ([40]) agus cuideachtaí comhlachaithe lasmuigh den Aontas ábhartha d'anailís an Choimisiúin.

([33]) I.e., tuarascáil TZMI dá dtagraítear in aithris (350) den Rialachán sealadach.
([34]) Aithris (358) den Rialachán sealadach.
([35]) Aithrisí (351) agus (356) den Rialachán sealadach.
([36]) Aithris (357) den Rialachán sealadach.
([37]) Máthairchuideachta de cheann de tháirgeoirí sampláilte an Aontais, Tronox Pigments Holland B.V. ('Tronox').
([38]) Máthairchuideachta de tháirgeoir sampláilte eile de chuid an Aontais, Kronos Titan GmbH ('Kronos').
([39]) Is cóimheas brabúsachta é corrlach EBITDA a thomhaiseann an méid i dtuilleamh atá á ghiniúint ag cuideachta roimh ús, cánacha, dímheas agus amúchadh, mar chéatadán den ioncam.
([40]) E.g., tháinig 21,8 % d'ioncam domhanda Tronox in R1 2024 ó tháirgí seachas TiO2 (féach achoimre Tronox ar thorthaí airgeadais roghnaithe do R1 2024, ar fáil ag: https://www.tronox.com/tronox-reports-first-quarter-2024-financial-results/, ar tugadh cuairt orthu go deireanach an 24 Meán Fómhair 2024).

(277) I bhfianaise mhaímh AkzoNobel, áfach, scrúdaigh an Coimisiún mar sin féin na tuarascálacha airgeadais a bhí ar fáil go poiblí don chéad leath de 2024 le haghaidh Tronox Holdings agus Kronos Worldwide ar an leibhéal domhanda. Scrúdaigh an Coimisiún na tuarascálacha freisin don chéad leath de 2024 ó Grupa Azoty Zakłady Chemiczne 'Police' S.A. ('Police') agus Cinkarna metalurško kemična industrija Celje, d.d. ('Cinkarna'), ós rud é nach n-oibríonn na táirgeoirí sin de chuid an Aontais ach saoráidí TiO_2 san Aontas agus go raibh tuarascálacha airgeadais acu a bhí ar fáil go poiblí.

(278) I ndáil leis sin, thug an Coimisiún dá aire, cé go bhféadfadh corrlach EBITDA a bheith ard le haghaidh Tronox Holdings i R1 2024, go mbreathnaítear in anailís an Choimisiúin i dTábla 11 ar ioncam roimh cháin chun an glanchorrlach brabúis a chinneadh, rud a fhágann gur comparáid mhíchuí é EBITDA. Mar sin féin, agus scrúdú á dhéanamh fiú ar éabhlóid corrlaigh EBITDA de chuid Tronox Holdings bliain i ndiaidh bliana idir 2023 agus 2024, tá laghdú ar R1 agus R2 araon. Ní léiriú é sin ar théarnamh in 2024 i gcomparáid leis an tréimhse imscrúdúcháin, rud atá contrártha do mhaímh AkzoNobel.

(279) Thairis sin, ba é USD 2 mhilliún an t-ioncam a bhí ag Tronox Holdings roimh chánacha in R1 2024 ([41]), i gcomparáid le USD 34 milliún in R1 2023, rud a léiríonn laghdú suntasach ó bhliain go bliain. Ar an taobh eile, in R2 tháinig méadú beag air, ó 53 mhilliún in R2 2023, go 55 mhilliún in R2 2024. D'ainneoin sin, mar chéatadán de ghlandíolacháin, is ionann sin agus brabús réamhchánach 0,2 % in R1 2024 agus 6,7 % in R2 2024, i gcomparáid le 4,8 % in R1 2023, 6,7 % in R2 2023. Léiríonn sé sin gur fhan staid na brabúsachta mar an gcéanna nuair ab fhearr é i gcás Tronox Holdings ar an leibhéal domhanda.

(280) Léirigh Kronos Worldwide feidhmíocht níos fearr. ([42])Léiríonn figiúirí leathbhliana gur phostáil Kronos Worldwide ioncam USD 39.6 milliún roimh chánacha sa chéad leath de 2024, i gcomparáid le caillteanais USD 34.4 milliún sa chéad leath de 2023. Is éard atá i gceist leis sin corrlach brabúis réamhchánach 4 % sa chéad leath de 2024 i gcomparáid le caillteanas -4 % sa chéad leath de 2023.

(281) Ar an taobh eile, thuairiscigh Police caillteanas réamhchánach – 10,12 % mar chéatadán den láimhdeachas in H1 2024 ([43]) (fiú caillteanais níos mó ná -5 % ón gcéad leath de 2023), agus thuairiscigh Cinkarna glanbhrabús 7,38 % mar chéatadán den láimhdeachas ([44]) (i gcomparáid le beagnach an leibhéal céanna an bhliain roimhe sin, is é sin 7,30 %). Ní léiríonn ceachtar díobh seo téarnamh, mar a d'áitigh AkzoNobel.

(282) Ina dtuarascálacha airgeadais, thuairiscigh Police méadú 20 % ar na méideanna díolachán, agus thuairiscigh Cinkarna méadú 5 %. Tá an dá tháirgeoir sin i measc na dtáirgeoirí is lú san Aontas, áfach, arb iad is cúis le thart ar [3-8] % d'acmhainneacht táirgeachta an Aontais an ceann. Mhaígh Tronox Holdings agus Kronos Global (máthairchuideachtaí de dhá tháirgeoir de chuid an Aontais a ndearnadh sampláil orthu, i measc cúiseanna eile, mar gheall ar a méid) go raibh méadú 11 % agus 15 % ar a méid díolachán domhanda, faoi seach. Mar sin féin, níl aon fhaisnéis shonrach ag an gCoimisiún maidir le méideanna díolachán Tronox agus Kronos a fhorbairt san Aontas.

(283) Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid dá bhrí sin nach léirítear leis na sonraí a bhí ar fáil tar éis na tréimhse imscrúdúcháin gur stop táirgeoirí an Aontais de bheith ag fulaingt díobhála in 2024, fiú dá bhfeicfeadh margadh TiO_2 méadú ar an éileamh, agus go raibh Kronos Worldwide ag feidhmiú níos fearr ar an leibhéal domhanda ná mar a bhí sé le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Thairis sin, ní fhágann sé gur léir go bhfuil forchur na ndleachtanna frithdhumpála atá beartaithe míchuí. ([45])

5.2.2. *An t-éileamh ar mhargadh an Aontais*

(284) Ós rud é gur tugadh aghaidh cheana féin ar an gcrapadh ar éileamh i roinn 5.2.1 thuas, i bhfianaise na mbreithnithe sin agus in éagmais barúlacha breise dá mhalairt, dheimhnigh an Coimisiún a chonclúidí a leagtar amach in aithrisí (359) go (365).

([41]) Tuarascáil airgeadais Tronox le haghaidh R1 2024, ar fáil ag: https://www.prnewswire.com/news-releases/tronox-reports-first-quarter-2024-financial-results-302133675.html (ar tugadh cuairt air go deireanach an 24 Meán Fómhair 2024).

([42]) Le fáil ag: https://kronosworldwideinc.gcs-web.com/news-releases/news-release-details/kronos-worldwide-inc-reports-second-quarter-2024-results (ar tugadh cuairt air go deireanach an 24 Meán Fómhair 2024).

([43]) Tá an tuarascáil leathbhliana chomhdhlúite ar fáil anseo: https://zchpolice.grupaazoty.com/en/investor-relations/periodic-reports#item5903 (ar tugadh cuairt air go deireanach an 24 Meán Fómhair 2024).

([44]) Tá an tuarascáil neamhiniúchta ar fáil ag: https://seonet.ljse.si/?doc_id=90449, ar tugadh cuairt air go deireanach an 24 Meán Fómhair 2024.

([45]) Féach breithiúnas an 17 Nollaig 2008, HEG agus Graphite India v an Chomhairle, T-462/04, EU:T:2008:586, mír 67.

5.2.3. *Costais táirgthe atá ag dul i méid*

(285) Mhaígh Siegwerk freisin gur tháinig méadú géar ar chostais fuinnimh san Aontas mar thoradh ar ionradh na Rúise ar an Úcráin i mí Feabhra 2022, agus gur tháinig laghdú ar an éileamh ar TiO_2 mar thoradh ar an mboilsciú a tharla dá dhroim sin. Mar thoradh ar na tosca céanna, tháinig méadú mór ar chostais táirgthe, rud a d'fhág go raibh TiO_2 an Aontais níos costasaí i gcomparáid le TiO_2 na Síne.

(286) Chuir an Coimisiún na heilimintí sin san áireamh ina anailís ar dhíobháil agus ar nasc cúisíoch. ([46]) Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún do na maímh sin.

(287) Chuir CNCIA i gcoinne chonclúid an Choimisiúin in aithris (383) den Rialachán sealadach, gur méadú domhanda a bhí sa mhéadú ar an gcostas táirgthe agus go ndearna sé difear do na gníomhaithe margaidh uile a mhéid céanna mar a léiríodh leis an ardú ar phraghsanna allmhairí ó thríú tíortha eile seachas an tSín.

(288) D'áitigh CNCIA gur theip ar an gCoimisiún ann an tionchar a bheadh ag méadú an chostais táirgthe ar thionscal an Aontais a scaradh agus a idirdhealú go leordhóthanach ó éifeachtaí allmhairí na Síne, agus, in aon chás, gur cheart don Choimisiún breithniú a dhéanamh ar na céimeanna éagsúla a bhféadfadh tionchar a bheith ag méaduithe den sórt sin ar chostais ar ghníomhaithe éagsúla sa mhargadh.

(289) Shoiléirigh an Coimisiún ina leith sin go ndéanfadh an méadú domhanda ar chostas táirgthe, agus go háirithe an príomh-amhábhar, méine ilminíte, difear do na gníomhaithe margaidh uile. Is é sin le rá, ní raibh méadú den sórt sin ar chostais ina ghné a bhí uathúil do thionscal an Aontais amháin agus, dá bhrí sin, bhí sé in ann an nasc cúisíoch a laghdú.

(290) An tráth céanna, níor chuir na táirgeoirí onnmhairiúcháin ná CNCIA fianaise i láthair a léireodh go ndearnadh difear éagsúil do ghníomhaithe eile sa mhargadh, amhail táirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne.

(291) Ina bharúlacha maidir leis an nochtadh cinntitheach, d'áitigh CNCIA nach raibh an ceart ag an gCoimisiún nuair a tháinig sé ar an gconclúid nár mhaolaigh timthriallacht an éilimh agus an méadú ar chostais táirgthe, ar tosca iad nach mbaineann go sonrach le margadh TiO_2, an nasc cúisíoch. I ndáil leis sin, mhaígh CNCIA nár ghá toisc a bheith uathúil do thionscal an Aontais chun tionchar a imirt ar an nasc cúisíoch. Meabhraíonn an Coimisiún go ndearna sé anailísiú mionsonraithe ar na maímh uile a bhaineann le timthriallacht mhargadh TiO_2 in aithrisí (349) go (358) den Rialachán sealadach agus in aithrisí (260) go (283) den Rialachán seo. Rinne an Coimisiún anailís mhionsonraithe freisin ar na maímh uile a bhaineann leis an méadú ar chostais táirgthe in aithrisí (381) go (384) den Rialachán sealadach agus in aithrisí (285) go (290) sa Rialachán seo. Meabhraíonn an Coimisiún a chonclúid in aithris (383) go raibh an méadú ar chostas táirgthe, go háirithe praghas an phríomh-amhábhair, mianach ilminíte, domhanda agus go raibh tionchar aige ar na gníomhaithe margaidh go léir agus dá bhrí sin nach raibh sé sonrach do thionscal an Aontais. Mar sin féin, murab ionann agus maíomh CNCIA, ní féidir an toradh sin a léirmhíniú mar chonclúid ghinearálta maidir le cé acu is gá nó nach gá toisc a bheith uathúil do thionscal an Aontais chun tionchar a imirt ar an nasc ócáideach.

(292) Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún do na hargóintí thuas agus dheimhnigh sé a chonclúid nár mhaolaigh na costais táirgthe a bhí ag dul i méid an nasc cúisíoch.

5.2.4. *Allmhairí ó thríú tíortha*

5.2.4.1. Allmhairí ón Ríocht Aontaithe

(293) Maidir le conclúid an Choimisiúin a leagtar amach in aithrisí (366) agus (367) den Rialachán sealadach, mhaígh Felix agus Munksjö díreach mar gheall go bhfuil gléasraí táirgthe TiO_2 sa Ríocht Aontaithe faoi úinéireacht Tronox agus Venator, nach gciallaíonn sé sin nach bhfuil siad in iomaíocht le táirgeoirí eile an Aontais.

(294) Maidir leis na haithrisí céanna, d'áitigh CNCIA, mura bhfuil táirgeoirí na Ríochta Aontaithe in iomaíocht le tionscal an Aontais ar mhargadh an Aontais, gur cheart do thionscal an Aontais allmhairí ón Ríocht Aontaithe chuig an Aontas a mheas mar 'fhéin-allmhairí' agus, dá bhrí sin, gur cheart iad a áireamh sa sciar den mhargadh atá ag tionscal an Aontais.

([46]) Féach aithrisí (307), (325), (339).

(295) Mhaígh Felix agus Munksjö freisin go bhfuil an Coimisiún faoi oibleagáid scrúdú a dhéanamh ar cé acu a d'fhéadfadh nó nach bhféadfadh 'cleachtais trádála shriantacha táirgeoirí tríú tír agus táirgeoirí de chuid an Aontais, agus iomaíocht idir na táirgeoirí céanna' a bheith ar an gcúis díobhála do thionscal an Aontais.

(296) Shoiléirigh an Coimisiún gur bhain aithrisí (366) go (373) den Rialachán sealadach leis an anailís ar cé acu a chuir nó nár chuir allmhairí ó thríú tíortha, lena n-áirítear allmhairí ón Ríocht Aontaithe, leis an díobháil a rinneadh do thionscal an Aontais. I ndáil leis sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gurbh é meánphraghas na n-allmhairí ón Ríocht Aontaithe chuig an Aontas an praghas ab airde i measc na n-allmhairí uile ó thríú tíortha chuig an Aontas, go raibh siad i bhfad níos airde ná praghsanna na Síne agus níos airde fós ná praghsanna díola an Aontais idir 2021 agus an tréimhse imscrúdúcháin agus, dá bhrí sin, nár chuir siad leis an díobháil do thionscal an Aontais.

(297) Maidir leis na hargóintí dá dtagraítear in aithris (294), tugann an Coimisiún dá aire nach eol an coincheap maidir le 'féin-allmhairiú' faoin mbun-Rialachán agus i gcás táirgí a tháirgtear i dtríú tír, ní féidir a mheas gur táirgí arna dtáirgeadh ag táirgeoirí an Aontais iad na táirgí sin. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún don argóint gur cheart allmhairí ón Ríocht Aontaithe a chur leis an sciar den mhargadh atá ag tionscal an Aontais.

(298) I ndáil leis sin, mheabhraigh an Coimisiún gur shuigh sé cheana féin in aithris (367) den Rialachán sealadach go raibh praghsanna allmhairiúcháin ón Ríocht Aontaithe níos airde ná praghsanna allmhairiúcháin na Síne. Ar an ábhar sin, bhí praghsanna allmhairiúcháin na Ríochta Aontaithe ar na praghsanna ab airde i measc na n-allmhairí uile ó thríú tíortha, agus bhí siad níos airde fiú ná praghsanna thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú, cé is moite de 2020.

(299) Ina bharúlacha maidir leis an nochtadh deiridh, d'athdhearbhaigh CNCIA a mhaíomh gurb iad táirgeoirí an Aontais féin a rinne allmhairí ón Ríocht Aontaithe agus gur cheart iad a chur san áireamh chun measúnú a dhéanamh ar na táscairí díobhála. D'athdhearbhaigh CNCIA a argóint freisin go bhféadfadh sé gur aistrigh tionscal an Aontais a tháirgeadh chuig a láithreáin táirgthe neamh-AE sa Ríocht Aontaithe agus i dtíortha eile nach bhfuil san Aontas agus go bhféadfadh an t-athrú sin tionchar a imirt ar na táscairí díobhála dá n-oibríocht atá bunaithe san Aontas agus an laghdú ar an méid táirgeachta agus ar úsáid acmhainneachta a mhíniú. Níor chuir CNCIA aon fhianaise ar fáil chun tacú leis an hipitéis seo.

(300) Ina theannta sin, dúirt CNCIA gur chuir an Coimisiún 'féin-allmhairí' san áireamh san imscrúdú ar *fheithiclí ceallra-leictreacha* ([47]) agus idirdhealú á dhéanamh idir allmhairí ó 'bhrandaí Síneacha' agus allmhairí ó tháirgeoirí an Aontais agus freisin san imscrúdú maidir le *teireataláit phoileitléine (PET)* ón tSín ([48]) lena gcoigeartaítear an sciar den mhargadh atá ag tionscal an Aontais chun allmhairí arna ndéanamh ag táirgeoir de chuid an Aontais a chur san áireamh. Thairis sin, mhaígh CNCIA gur aithin Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh freisin a ábhartha atá sé allmhairí thionscal an Aontais a mheas agus tionscal an Aontais á shainiú. ([49])

(301) I ndáil leis sin, meabhraíonn an Coimisiún ar dtús go ndearna sé measúnú ar éifeacht na n-allmhairí ón Ríocht Aontaithe agus ó thríú tíortha eile in aithrisí (367) go (373) den Rialachán sealadach agus tháinig sé ar an gconclúid nár mhaolaigh siad an nasc cúisíoch idir allmhairí dumpáilte na Síne agus an díobháil a bhain do thionscal an Aontais. Maidir le himscrúduithe a rinneadh roimhe seo agus breithiúnas na Cúirte Breithiúnais ar a raibh CNCIA ag brath agus dá dtagraítear in aithris (300), sna cásanna sin is ón tír lena mbaineann a tháinig na hallmhairí a rinne táirgeoirí an Aontais agus ní ó thríú tíortha eile agus cuireadh san áireamh iad chun measúnú a dhéanamh ar thionchar agus ar sciar margaidh na n-allmhairí ón tír lena mbaineann. Ní hamhlaidh an cás san imscrúdú seo, ní allmhairíonn tionscal an Aontais TiO_2 ón tSín agus dá bhrí sin ní gá idirdhealú a dhéanamh idir na hallmhairí a dhéanann tionscal an Aontais agus an chuid eile de na hallmhairí.

([47]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2754 ón gCoimisiún an 29 Deireadh Fómhair 2024 lena bhforchuirtear dleacht frithchúitimh chinntitheach ar allmhairí feithiclí ceallra-leictreacha nua atá deartha chun daoine a iompar, de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne.

([48]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2659 ón gCoimisiún an 27 Samhain 2023 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála shealadach ar allmhairí teireataláite poileitiléine áirithe de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne.

([49]) Cásanna C-260/85 agus C-106/86, TEC v. an Chomhairle, ECLI:EU:C:1988 465, mír 47.

(302) Maidir le hipitéis CNCIA ar aistriú straitéiseach tháirgeacht thionscal an Aontais inar líomhnaíodh gur ísligh siad an táirgeacht ag a saoráidí AE agus gur fheabhsaigh siad an táirgeacht sa Ríocht Aontaithe chun na méideanna sin a allmhairiú chuig an Aontas, tugann an Coimisiún dá aire gur tháinig laghdú beagnach a leath ar mhéid na n-allmhairí ón Ríocht Aontaithe chuig an Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú agus gur tháinig laghdú freisin ar a sciar den mhargadh cé gurbh é a meánphraghas an praghas ab airde de na hallmhairí uile agus, dá bhrí sin, nach bhfuil bunús leis an maíomh sin. Thairis sin, níor thacaigh aon fhianaise leis an hipitéis féin.

(303) Dá bhrí sin, chloígh an Coimisiún lena chonclúid nár mhaolaigh allmhairí ón Ríocht Aontaithe an nasc cúisíoch a suíodh idir allmhairí dumpáilte na Síne agus an díobháil a bhain do thionscal an Aontais.

5.2.4.2. Allmhairí ó Mheicsiceo agus ó SAM

(304) D'áitigh CNCIA nach ndearna an Coimisiún measúnú leordhóthanach ar thionchar allmhairí ó Mheicsiceo ar staid thionscal an Aontais. I ndáil leis sin, chuir CNCIA in iúl go raibh praghsanna allmhairí Mheicsiceo i bhfad níos ísle ná praghsanna na Síne ach amháin praghsanna le linn na tréimhse imscrúdúcháin agus go raibh siad i bhfad níos ísle freisin ná praghsanna thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú agus nár chaill allmhairí ó Mheicsiceo (agus ó SAM) sciar den mhargadh le linn na tréimhse imscrúdúcháin i gcomparáid le 2020. Rinne CNCIA na maímh chéanna arís ina bharúlacha maidir leis an nochtadh deiridh, gan fianaise nua a sholáthar chun conclúidí an Choimisiúin a chonspóid.

(305) Mheabhraigh an Coimisiún gur tháinig laghdú ar mhéid na n-allmhairí ó Mheicsiceo agus ó SAM le linn na tréimhse faoi bhreathnú mar a leagtar amach in aithris (369) den Rialachán sealadach agus gur fhan a sciar den mhargadh cobhsaí le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Ós rud é nár tháinig méadú ar mhéid allmhairí Mheicsiceo, agus gur choinnigh siad a sciar den mhargadh ag 8 % in ainneoin a bpraghsanna ísle le linn na tréimhse faoi bhreathnú agus gur tháinig méadú ar allmhairí ón tSín i dtéarmaí méide agus sciar den mhargadh araon, léirítear nach bhfuil allmhairí Mheicsiceo soghabhálach chun an nasc cúisíoch idir allmhairí dumpáilte ón tSín agus an díobháil a bhain do thionscal an Aontais a mhaolú.

(306) Gan tuilleadh maíomh ná fianaise dá mhalairt, dheimhnigh an Coimisiún, dá bhrí sin, a chonclúid ó aithris (373) den Rialachán sealadach, nach ndearna allmhairí TiO_2 ó thríú tíortha díobháil do thionscal an Aontais.

5.2.5. *Feidhmíocht onnmhairiúcháin thionscal an Aontais*

(307) Chuir CNCIA i gcoinne chonclúidí an Choimisiúin in aithris (378) den Rialachán sealadach. Thug CNCIA dá aire go bhfuil an Coimisiún ag cur bac ar cheart cosanta na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin trí bheith ag brath ar údarás imscrúdaithe na Brasaíle imscrúdú a thionscain, a bhfuil tairseach fianaise i bhfad níos ísle ina leith ná mar atá i gcás cinneadh cinntitheach maidir le dumpáil dhíobhálach.

(308) Ina theannta sin, mhaígh CNCIA go bhfuil locht loighciúil ar chonclúid an Choimisiúin maidir le gaireacht gheografach na Síne leis an tSeapáin agus leis an Téaváin go bhféadfadh ról a bheith ag onnmhairí TiO_2 na Síne i ndúnadh ghléasraí TiO_2 na Síne. Ní critéar ábhartha in imscrúduithe frithdhumpála é gaireacht gheografach idir na tíortha.

(309) Chuir an Coimisiún i dtábhacht go raibh an aithris ábhartha ina hachoimre ar mhaímh an ghearánaigh go raibh sé deacair orthu dul san iomaíocht sna margaí onnmhairiúcháin freisin mar gheall ar chleachtais éagóracha trádála tháirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne i ngach margadh gan conclúid a bheith ann maidir leis na maímh sin.

(310) Go deimhin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid in aithris (90) den Rialachán sealadach, faoi stiúir an 13ú agus an 14ú Plean Cúig Bliana, gur tharla méaduithe móra ar acmhainneachtaí táirgthe TiO_2 na Síne cheana féin idir 2016 agus 2020 agus go raibh coinne le leathnú breise acmhainneachta, rud atá deacair a sheasamh ar mhargadh intíre na Síne agus a spreagfaidh táirgeoirí na Síne chun onnmhairiú a dhéanamh.

(311) Ar deireadh, fuarthas san imscrúdú reatha go bhfuil táirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne ag gabháil do dhumpáil dhíobhálach san Aontas.

(312) In aon chás, fiú mura raibh aon chomhartha ann go bhféadfadh onnmhaireoirí na Síne a bheith ag cleachtadh dumpála i margaí eile, bhí an measúnú sin ar mhaímh an ghearánaigh anuas ar an gconclúid nach é feidhmíocht onnmhairiúcháin thionscal an Aontais is cúis lena dhíobháil.

(313) Dá bhrí sin, in éagmais aon bharúil maidir le haithrisí (374) go (377) agus (379), dheimhnigh an Coimisiún na haithrisí sin agus, in éineacht leis an méid thuas, chloígh sé lena chonclúid ó aithris (380).

5.2.6. *Iomaíocht laistigh de thionscal an Aontais*

(314) Rinne CNCIA argóintí nua ag an gcéim chinntitheach, ag maíomh gur cheart don Choimisiún scrúdú a dhéanamh ar éifeachtaí na hiomaíochta laistigh de thionscal an Aontais ar an díobháil a d'fhéadfaí a dhéanamh dó. Tharraing CNICIA aird ar ráitis phoiblí fheidhmeannaigh tháirgeoirí an Aontais agus d'fhoilsigh sé tuarascálacha bliantúla ina léirítear gurb iad táirgeoirí eile an Aontais a bpríomhiomaitheoirí.

(315) Chuir an Coimisiún in iúl i ndáil leis sin nach bhfuil ann ach rud nádúrtha agus go raibh coinne leis go rachadh comhaltaí thionscal an Aontais sa saormhargadh in iomaíocht le chéile. Mar sin féin, ní rud é an iomaíocht sin a spreagfadh feidhmíocht thionscal iomlán an Aontais – d'fheidhmeodh cuid acu níos fearr agus d'fheidhmeodh cuid eile níos measa.

(316) Mheabhraigh an Coimisiún freisin go ndéanann sé imscrúdú i gcónaí ar shampla ionadaíoch de tháirgeoirí an Aontais go beacht chun tuiscint réasúnta a fháil ar an gcaoi a raibh an tionscal ina iomláine ag feidhmiú sa tréimhse lena mbaineann, chun aon asluiteach a chothromú. Níor chuir aon pháirtí i gcoinne roghnú an tsampla ar an bhforas nach mbeadh sé ionadaíoch do staid thionscal an Aontais.

(317) Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún do na maímh sin toisc iad a bheith gan bhunús.

5.3. **Conclúid maidir le cúisíocht**

(318) Ina bharúlacha maidir leis an nochtadh deiridh, d'áitigh CNCIA nár thug an Coimisiún aghaidh ar a mhaímh maidir leis an easpa cúisíochta. I ndáil leis sin, d'athdhearbhaigh CNCIA a mhaímh nach ndearnadh díobháil ábhartha do thionscal an Aontais, agus fiú dá suíodh go ndearnadh díobháil ábhartha, ní allmhairí TiO_2 ón tSín ba chúis leis sin ach tionchar carnach an chraptha ar éileamh agus an méadú comhthreomhar ar chostais táirgthe a chuirfeadh cosc ar thionscal an Aontais a phraghsanna a mhéadú fiú in éagmais allmhairí ón tSín. D'athdhearbhaigh CNCIA freisin a thagairt don chinneadh ón gCoimisiún maidir le táirgí *próitéine soighe áirithe* de thionscnamh na Síne a allmhairiú ([50]). D'athdhearbhaigh CNCIA a bharúil freisin nach bhfuil feidhm mhíniúcháin ag allmhairí na Síne chun praghsanna intíre a shochtadh mar a éilíonn Buanchomhlacht Achomhairc EDT in HP-STT (an tSeapáin) ([51]).

(319) Dá bhrí sin, rinne an Coimisiún measúnú ar na maímh thuas in aithrisí (363) agus (381) go (384) den Rialachán sealadach. Maidir leis an sochtadh praghsanna, dheimhnigh an Coimisiún a thorthaí in aithrisí (284), (285) agus (316) den Rialachán sealadach agus in aithris (217) den Rialachán seo.

(320) I bhfianaise na mbreithnithe thuas, agus in éagmais barúlacha breise dá mhalairt, dheimhnigh an Coimisiún a chuid conclúidí ó aithrisí (388) go (394) den Rialachán sealadach.

6. LEIBHÉAL NA mBEART

6.1. **Corrlach díobhála**

(321) In éagmais aon bharúil, dheimhnigh an Coimisiún a chuid conclúidí ó aithrisí (398) go (415) den Rialachán sealadach.

([50]) Cinneadh ón gCoimisiún an 27 Meitheamh 2012 lena gcuirtear deireadh leis an nós imeachta frithdhumpála a bhaineann le hallmhairí táirgí próitéine soighe tiubhaithe áirithe de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (IO L 168, 28.6.2012, lch. 38,).

([51]) Tuarascáil ón mBuanchomhlacht Achomhairc, HP – STT (an tSeapáin), mír 5.155.

6.2. **Scrúdú ar an gcorrlach a bheadh leordhóthanach chun deireadh a chur leis an díobháil a bhain do thionscal an Aontais**

(322) In éagmais aon bharúil, deimhnítear aithrisí (416) go (418) den Rialachán sealadach.

6.3. **Conclúid maidir le leibhéal na mbeart**

(323) De réir an mheasúnaithe thuas, is mar a leanas ba cheart dleachtanna frithdhumpála cinntitheacha a shocrú i gcomhréir le hAirteagal 7(2) den bhun-Rialachán. Leagtar amach méid na dleachta cinntithí in aithris (541) thíos.

7. **LEAS AN AONTAIS**

(324) Tar éis fhoilsiú an Rialacháin shealadaigh, tháinig roinnt páirtithe leasmhara nua chun cinn i gcoinne na mbeart. Mar a léirítear in aithris (13) thuas, chuir deich n-úsáideoir agus ceithre chomhlachas úsáideoirí barúlacha isteach ag cur i gcoinne na mbeart. Tionóladh éisteachtaí le sé cinn de na húsáideoirí sin agus le dhá chomhlachas úsáideoirí. Cuireadh roinnt fianaise nua isteach chun a léiriú go mbeadh tionchar míchuí ag dleachtanna ar na húsáideoirí.

(325) San iomlán, tháinig úsáideoirí a raibh tuairim is 30 000 duine fostaithe acu chun tosaigh san imscrúdú ag cur in aghaidh na ndleachtanna. Ina theannta sin, mhaígh CEPE, comhlachas ar leibhéal Eorpach de phéinteanna, dúigh phriontála agus táirgeoirí dathanna ealaíontóirí san Eoraip, go bhfostaíonn na comhaltaí a ndéanann sé ionadaíocht orthu suas le 150 000 duine, agus gur FBManna iad a bhformhór.

(326) Chuir AkzoNobel in iúl ina leith sin toisc go bhfuil an oiread sin páirtithe leasmhara ann go gcuirtear i dtábhacht leis sin chomh mór agus a bheidh tionchar ag dleachtanna ar úsáideoirí agus gur cheart aird níos mó a thabhairt ar a leasanna.

(327) Chuir an Coimisiún a maímh uile san áireamh agus rinne sé measúnú mionsonraithe orthu mar a shonraítear sa roinn seo.

7.1. **Leas tháirgeoirí an Aontais**

(328) Mhaígh Siegwerk go mbeadh athlonnú acmhainneachtaí táirgeachta úsáideoirí móra ilnáisiúnta TiO_2 lasmuigh den Aontas mar thoradh ar dhleachtanna frithdhumpála a fhorchur, agus go mbeadh ar FBManna, nach bhfuil an tsolúbthacht sin acu maidir le sócmhainní a athlonnú, an táirgeadh a scor nó a chiorrú. Is é an toradh a bheadh air sin go gcaillfeadh táirgeoirí an Aontais cuid mhór dá gcustaiméirí, rud a dhéanfadh difear sa deireadh thiar dá bhfeidhmíocht freisin.

(329) Cé go bhféadfadh riosca den sórt sin a bheith ann, mheas an Coimisiún gur mhó go mór an gar-riosca ó bhrú praghsanna agus méid allmhairí dumpáilte na Síne ná aon riosca a d'fhéadfadh a bheith ann do thionscal an Aontais i gcomparáid leis an laghdú a d'fhéadfadh a bheith ar an éileamh níos faide síos an líne.

(330) I bhfianaise a bhfuil thuas, agus in éagmais maímh bhreise, deimhnítear aithrisí (422) go (424) den Rialachán sealadach.

7.2. **Leas na n-allmhaireoirí agus na dtrádálaithe neamhchomhlachaithe**

(331) Mhaígh AAKO go mbeadh tionchar ollmhór ag na dleachtanna ar an leibhéal a mholtar sa Rialachán sealadach ar phraghsanna TiO_2 a allmhairíonn siad agus ar an tionscal grianscéithe, ós rud é go bhféadfadh costas suas le hocht n-uaire níos mó a bheith ar TiO_2 den chineál sin ná na gráid is coitianta.

(332) Thug an Coimisiún aghaidh ar éifeacht dleachtanna cinntitheacha ar AAKO agus ar allmhaireoirí comhchosúla, chomh maith lena gcustaiméirí in aithris (539).

(333) Ós rud é nár tháinig aon allmhaireoir ná trádálaí eile chun cinn agus nár chuir siad i gcoinne chonclúidí an Choimisiúin maidir le leas allmhaireoirí agus trádálaithe, coinníonn an Coimisiún a chonclúid in aithris (426) den Rialachán sealadach nach dócha go mbeidh tionchar diúltach ag forchur beart frithdhumpála ar staid allmhaireoirí agus trádálaithe san Aontas.

7.3. **Leas na n-úsáideoirí**

7.3.1. *Ginearálta*

(334) Tháinig roinnt úsáideoirí agus comhlachais úsáideoirí sa bhreis orthu siúd a luaitear in aithris (427) den Rialachán sealadach chun cinn chun cur i gcoinne na ndleachtanna.

(335) Ní bhfuarthas aon bharúil maidir le méid measúnaithe dheighleoga margaidh iartheachtacha TiO2. Dá bhrí sin, deimhnítear Aithris (428) den Rialachán sealadach.

7.3.2. *Máistirbhaisc Bhán (MB)*

(336) Schulman Plastics, táirgeoir plaisteach agus ábhar gaolmhar de chuid an Aontais a chomhoibrigh leis an gCoimisiún le linn chéim shealadach an imscrúdaithe, níor thug sé aon bharúil uaidh le linn chéim chinntitheach an imscrúdaithe. Leis na corrlaigh dhumpála nua, níos ísle, athríofa (féach aithris (199) thuas), áfach, ní bheidh an tionchar ar a ghléasra a tháirgeann MB den chuid is mó chomh suntasach céanna leis an tionchar a mheastar sa Rialachán sealadach.

(337) Dá bhrí sin, chloígh an Coimisiún lena chonclúid in aithris (434) den rialachán sealadach, go mbeadh Schulman Plastics in ann na dleachtanna a sheasamh agus leanúint de bheith brabúsach, fiú mura mbeadh sé in ann méadú ar chostais a chur ar aghaidh chuig custaiméirí.

(338) Mhaígh Plastika Kritis go mbeadh forchur dleachtanna in aghaidh TiO_2 na Síne díobhálach do thionscal MB san Aontas. Mhaígh Plastika Kritis go bhfuil os cionn 300 táirgeoir MB san Aontas, FBManna den chuid is mó, a fhostaíonn os cionn 15 000 duine san iomlán. Agus MB ina ábhar éadrom agus saor, buaitear nó cailltear orduithe ar dhifríocht cúpla cent. Dá bhrí sin, má thagann aon mhéadú ar phraghas an phríomh-amhábhair (TiO_2) mar thoradh ar fhorchur na ndleachtanna frithdhumpála, ní bheidh táirgeoirí MB an Aontais iomaíoch i gcomparáid le hiomaitheoirí ón gcoigríoch.

(339) Mar thoradh air sin, cuirfear iallach ar mhórtháirgeoirí máistirbhaisce a dtáirgeacht a athlonnú lasmuigh den Eoraip agus stopfaidh táirgeoirí beaga de bheith ag táirgeadh agus tosóidh siad ar a bheith ina n-allmhaireoirí. Mhaígh Plastika Kritis dá bhrí sin gur léir go bhfuil leas i réim i dtionscal MB nach bhforchuirfí dleachtanna, fiú dá dtiocfadh meath ar tháirgeoirí TiO_2 an Aontais mar thoradh air sin, ós rud é go bhfostaíonn tionscal MB i bhfad níos mó daoine agus go dtáirgeann sé táirgí breisluacha níos airde.

(340) Níor cuireadh aon sonraí faoi bhráid an Choimisiúin, áfach, a léireodh go bhfuil táirgeoirí MB neamhchosanta ar iomaíocht throm ón gcoigríoch nó cad iad na sciartha den mhargadh idir táirgeoirí MB de chuid an Aontais agus táirgeoirí MB eachtracha.

(341) Ar an taobh eile, sholáthair an gearánach a mheastacháin féin, ar dá réir atá 95 % de mhargadh an Aontais ag táirgeoirí MB an Aontais.

(342) Is deacair an tionchar iarbhír a chainníochtú toisc nár chuir aon cheann de na húsáideoirí beaga freagra isteach ar an gceistneoir. Ní fhéadfaí a chur as an áireamh, áfach, mar gheall ar mhinicíocht an-ard chostas TiO_2 i gcostas iomlán táirgthe MB, go bhféadfadh forchur na ndleachtanna tionchar mór a imirt ar tháirgeoirí an táirge sin dá bhfaighidís cainníochtaí neamhdhiomaibhseacha TiO_2 ón tSín.

(343) Go deimhin, léirigh an anailís ar thionchar na ndleachtanna ar bhrabúsacht tháirgeoir MB (bunaithe ar shonraí Schulman Plastics), agus na dleachtanna atá beartaithe faoi láthair, go dtagann laghdú thart ar 1 phointe céatadáin ar bhrabúsacht tháirgeoir MB i gcás gach 5 phointe céatadáin breise de TiO_2 a fhaightear ón tSín ina mheascán soláthair. Bhí sé fós doiléir, áfach, a mhéid atá táirgeoirí MB an Aontais neamhchosanta ar iomaíocht ón gcoigríoch.

(344) Ina bharúlacha maidir leis an nochtadh deiridh, d'athdhearbhaigh Plastika Kritis na maímh a rinne sé roimhe seo maidir le héifeacht na ndleachtanna ar tháirgeoirí MB agus d'iarr sé díolúine ó dhleachtanna frithdhumpála le haghaidh TiO_2 atá ceaptha chun máistirbhaisceanna a tháirgeadh. Cé nár sonraíodh an bunús dlí don iarraidh ar dhíolúine, agus tar éis dó diúltú d'iarraidh Schulman Plastics ag an gcéim shealadach maidir leis an raon táirge san imscrúdú seo a leathnú chun MB a chumhdach freisin, iarraidh nach bhfuarthas aon bharúil ina leith (féach aithris (26) thuas) ó chineál agus ó fhrása na hiarrata, chaith an Coimisiún leis mar iarraidh ar dhíolúine úsáide deiridh faoi Airteagal 254 de Chód Custaim an Aontais ([52]).

(345) Thug an Coimisiún dá aire ar dtús gur tháinig an díolúine úsáide deiridh sin thar a bheith déanach san imscrúdú. Mar a chuirtear i dtábhachta cheana in aithris (86) thuas, ba cheart na maímh sin a chur isteach ag céimeanna luatha an imscrúdaithe, chun a dhóthain ama a thabhairt chun a bhfiúntas a mheas agus chun deis a thabhairt do na páirtithe leasmhara eile freagairt dóibh.

(346) Mar sin féin, fiú mura raibh an Coimisiún in ann measúnú leordhóthanach a dhéanamh ar an iarraidh, scrúdaigh an Coimisiún an iarraidh i bhfianaise na fianaise a bhí ar fáil dó. Maidir leis sin, mheabhraigh an Coimisiún nár thug ach aon úsáideoir TiO_2 amháin a tháirgeann MB, Schulman Plastics, freagra ar an gceistneoir a bhí fíoraithe.

(347) Ar an gcéad dul síos, níor cuireadh aon fianaise ar fáil don Choimisiún go bhfuil TiO_2 a úsáidtear i dtáirgeadh maistirbhaisceanna uathúil ar chaoi éigin i gcomparáid leis na gráid eile. Os a choinne sin, is cosúil gur féidir roinnt gráid TiO_2 a úsáid i dtáirgeadh maistirbhaisceanna.

(348) Ar an dara dul síos, níor cuireadh aon fhianaise ar fáil don Choimisiún a chruthódh go raibh ganntanas soláthair TiO_2 ann do tháirgeoirí MB. Ó tharla go bhfógraítear raon measartha leathan ghráid TiO_2 le haghaidh úsáid i maistirbhaisceanna, a bhfuil an cuma orthu go bhfuil sonraíochtaí measartha caighdeánach acu, mar aon le méid na deighleoige margaidh do phlaistigh, is cosúil nach dócha go mbeadh ganntanas soláthair TiO_2 ann le haghaidh na húsáide sin.

(349) Ar an tríú dul síos, maidir leis an sciar den táirge lena mbaineann sa struchtúr costais agus an cumas atá ag na húsáideoirí na dleachtanna a ionsú, mar a shonraítear cheana féin in aithrisí (342) agus (343) thuas, d'admháil an Coimisiún go bhféadfadh sé go ndéanfadh na dleachtanna an difear is mó do tháirgeoirí MB mar gheall ar an leibhéal ard TiO_2 ina struchtúr costais foriomlán. ([53])

(350) An tráth céanna, chuir an Coimisiún i dtábhacht arís go bhféadfadh sé na leibhéil bhrabúis agus an sciar de TiO_2 na Síne sa mheascán soláthair a fhíorú le haghaidh Schulman Plastics amháin, ar bhonn a fhreagra ar an gceistneoir. D'fhéadfadh an Coimisiún meastachán leordhóthanach a dhéanamh ar neamhchosaint Schulman Plastics ar allmhairí ón tSín agus ar an tionchar a bheadh ag na dleachtanna ar a bhrabúsacht. Dá bhrí sin, bhí an Coimisiún in ann teacht ar an gconclúid, mar a leagtar amach in aithrisí (434) den Rialachán sealadach agus (336) agus (337) thuas, go bhféadfadh Schulman Plastics na dleachtanna a ionsú agus leanúint de bheith brabúsach, fiú dá nglacfaí leis nach mbeadh sé in ann méaduithe ar chostais a chur ar aghaidh chuig tomhaltóirí.

(351) Níor chuir Plastika Kritis freagra ar an gceistneoir ná sonraí infhíoraithe eile isteach maidir lena bhrabúsacht ná lena fhoinsí soláthair. Dá bhrí sin, ní raibh an Coimisiún in ann measúnú agus conclúid a dhéanamh ar a thromchúisí a bheadh tionchar ag forchur na ndleachtanna ar allmhairí TiO_2 ón tSín air go haonarach agus ar cé acu a d'fhéadfaí nó nach bhféadfaí an coinníoll sin maidir leis an díolúine úsáide deiridh a chomhlíonadh.

(352) D'athdhearbhaigh Plastika Kritis a mhaíomh arís maidir le cuideachtaí a allmhairíonn máistirbhaisceanna isteach san Aontas ó mhargaí in aice láimhe, go n-éireoidh siad níos iomaíche fós i gcoinne tháirgeoirí máistirbhaisce an Aontais, ós rud é go mbeidh rochtain fós ag na hallmhaireoirí maistirbhaisceanna ar TiO_2 níos saoire ón tSín.

(353) Thug an Coimisiún dá aire nár sholáthair Plastika Kritis aon fhianaise nua ina leith sin. Chuir an Coimisiún in iúl, áfach, go bhféadfadh leigheas a bheith ann do chleachtais den sórt sin dá dtarlóidís: d'fhéadfadh aon tionscal atá thíos le cleachtais den sórt sin a iarraidh go dtionscnófaí cás tiomnaithe frithdhumpála nó frith-imchéimniúcháin, ar choinníoll go gcomhlíonfar na coinníollacha uile sa bhun-Rialachán.

([52]) Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais IO L 269, 10.10.2013, lgh. 1 – 101, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/952/oj.

([53]) A bunaíodh, i measc nithe eile, ar bhonn an fhreagra ceistneora fhíoraithe ó Schulman Plastics.

(354) I bhfianaise an mhéid sin agus in éagmais aon fhianaise nua, chloígh an Coimisiún lena chonclúidí ar an bpointe sin ó aithrisí (342) agus (339)-(343) thuas.

(355) Ar bhonn an mhéid thuas, níorbh fhéidir leis an gCoimisiún teacht ar an gconclúid gur comhlíonadh aon cheann de na heilimintí le haghaidh díolúine úsáide deiridh TiO_2 a úsáidtear i dtáirgeadh máistirbhaisceanna agus, dá bhrí sin, dhiúltaigh sé don iarraidh sin.

7.3.3. *An tionscal péinteanna agus bratuithe*

(356) Chuir roinnt úsáideoirí ó thionscail péinteanna agus bratuithe in iúl go raibh siad i gcoinne na ndleachtanna ar fhorais leas an Aontais tar éis fhorchur na ndleachtanna sealadacha.

(357) Níor thug Sherwin-Williams, duine de na húsáideoirí a chuir freagra isteach ar an gceistneoir, aon bharúil maidir leis an Rialachán sealadach. I bhfianaise na gcorrlach dumpála nua, níos ísle, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach mbeidh an tionchar ar Sherwin-Williams chomh suntasach céanna agus a mheastar sa Rialachán sealadach.

(358) Mhaígh AkzoNobel agus PPG go mbeidh tionchar mór ag dleachtanna ar an leibhéal atá beartaithe ar a gcostas táirgthe agus ar chreimeadh corrlaigh, ní hamháin mar gheall ar TiO_2 níos costasaí ón tSín, ach freisin go n-ardóidh táirgeoirí an Aontais a bpraghsanna freisin.

(359) Mhaígh ASEFAPI, PPG, Teknos agus AkzoNobel nach raibh aon fhéidearthacht ann méaduithe costais a chur ar aghaidh chuig custaiméirí. Fágfaidh méaduithe costais den sórt sin go mbeidh táirgeoirí péinte agus brataithe neamhiomaíoch agus cuirfidh siad allmhairiú na dtáirgí críochnaithe (péinteanna) isteach san Aontas chun cinn. Mhaígh AkzoNobel go raibh méadú ag teacht cheana féin ar allmhairí péinteanna agus vearnaisí isteach san Aontas.

(360) Mhaígh PPG, leis an leibhéal dleachtanna atá ann faoi láthair, go n-éireoidh allmhairí ón tSín neamh-inmharthana, fiú má tá siad ríthábhachtach mar gheall ar easpa acmhainneachta san Aontas agus ar an ngá atá le foinsí soláthair a éagsúlú. Dá bhrí sin, d'impigh PPG go ndéanfadh an Coimisiún athbhreithniú síos ar na dleachtanna chun cothromaíocht níos cothroime a bhaint amach.

(361) Thug an Coimisiún dá aire gur tháinig sé ar an gconclúid cheana féin gurb ionann TiO_2 agus méid beag i gcostas táirgthe péinteanna agus mheas sé nach ndéanfaí difear tromchúiseach do bhrabúsacht na dtáirgeoirí péinte. Níor tugadh aon fhianaise nua chun tosaigh chun an chonclúid sin a chonspóid.

(362) Mar an gcéanna, cé gur cuireadh fianaise theoranta ar fáil chun a thaispeáint go n-oibríonn táirgeoirí péinte faoi chonarthaí níos faide, rud a fhágann go bhfuil sé deacair méadú láithreach ar phraghsanna a chur chun feidhme, níor cuireadh aon fhianaise ar fáil chun a thaispeáint nach bhféadfaidís praghsanna a mhéadú in idirbheartaíocht lena gcustaiméirí, ná go bhfuil an iomaíocht ón gcoigríoch ag méadú agus ag cur a seasamh ar an margadh i mbaol.

(363) Mhaígh táirgeoirí níos lú amhail Teknos freisin nár cuireadh leas an tionscail péinte agus brataithe san áireamh go leordhóthanach, maíomh a luaigh CEPE freisin. Mhaígh CEPE nach mbeidh FBManna sa tionscal brataithe chomh hiomaíoch céanna agus go bhféadfadh sé go mbeadh orthu scor den táirgeadh, agus go bhféadfadh táirgeoirí níos mó a dtáirgeadh a athlonnú lasmuigh den Aontas. Dá bhrí sin, d'impigh CEPE go maolófaí an tionchar ar FBManna atá gníomhach san earnáil sin.

(364) Mar an gcéanna, mhaígh ASEFAPI go gcuireann an méadú ar phraghsanna a bhaineann le dleachtanna frithdhumpála inmharthanacht roinnt mhaith FBManna ar comhaltaí ASEFAPI iad i mbaol, go háirithe ós rud é go bhfuil margadh úsáideoirí TiO_2 an-ilroinnte, mar sin tá srian ar a gcumhacht mhargaidh. Tá cliaint mhóra in earnáil na ngluaisteán go háirithe ag roinnt comhaltaí de chuid ASEFAPI, rud a laghdaíonn a gcumhacht mhargála agus iad ag iarraidh méaduithe ar phraghsanna a chur ar aghaidh.

(365) Ina theannta sin chuir ASEFAPI tábla ar fáil a thaispeánann cé mhéad a mhéadódh méadú ar phraghas TiO_2 mar an príomh-amhábhar costas táirgthe deich bpéint, cruain, agus foirmliú dúch priontála éagsúla.

(366) Thug an Coimisiún dá aire gur thug an tábla seo léargas teoranta ar roinnt gnéithe a raibh gá leo chun measúnú iomchuí a dhéanamh ar an tionchar a bheadh ag na dleachtanna beartaithe ar úsáideoirí. Áirítear orthu sin: sciar na n-ioncam arna nginiúint ó na táirgí ina n-úsáidtear TiO_2 in ioncam iomlán na gcuideachtaí sin; an sciar de TiO_2 a ceannaíodh ón tSín i gcomparáid le foinsí eile; an sciar de chostais TiO_2 i gcostais mhonaraíochta iomlána an táirge; brabúsacht ar dhíolacháin táirgí a úsáideann TiO_2; agus brabúsacht na cuideachta ina hiomláine.

(367) Chuir an Coimisiún in iúl freisin nár chuir aon cheann de chomhaltaí FBManna ASEFAPI ná CEPE freagra ar an gceistneoir isteach a thabharfadh léargas ar na gnéithe sin don Choimisiún.

(368) Mar sin féin, d'admhaigh an Coimisiún gur FBManna iad cuid mhaith de chomhaltaí CEPE agus ASEFAPI agus nach gá go mbeadh na hacmhainní acu chun na freagraí ar an gceistneoir a líonadh isteach agus ina ionad sin go mbraitheann siad ar a gcomhlachais sa tionscal chun a leas a léiriú.

(369) Dá bhrí sin, cé go raibh sé fós doiléir a mhéid atá táirgeoirí péinte agus brataithe neamhchosanta iarbhír ar bhrúnna iomaíocha ó allmhairí isteach san Aontas agus cén tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag na dleachtanna ar bhrabúis táirgeoirí beaga, ní fhéadfaí a chur as an áireamh go bhféadfaí difear a dhéanamh d'iomaíochas roinnt mhaith FBManna. Mar sin féin, ar bhonn struchtúr costais táirgeoirí péinte a thug an Coimisiún faoi deara i gceistneoirí AkzoNobel agus Sherwin-Williams, is dócha gurb é an tionchar sin an tionchar is lú a bheidh ag na catagóirí úsáideoirí uile a ndéantar anailís orthu sa roinn seo.

(370) Ina mbarúlacha maidir leis an nochtadh deiridh, chuir úsáideoir amháin, Teknos agus ceithre chomhlachas monaróirí péinteanna agus bratuithe – ASEFAPI, CEPE, HCA, agus Fédération des Industries des Peintures, Encres, Couleurs, Colles et adhésifs, Résines ('FIPEC') – i gcoinne chonclúidí an Choimisiúin maidir leis an anailís ar leas an Aontais i ndáil leis an earnáil sin.

(371) Ar an gcéad dul síos, d'áitigh CEPE, FIPEC agus Teknos gur cheart don Choimisiún níos mó airde a thabhairt ar an earnáil tógála ina anailís. Mhaígh siad freisin go bhfuil laghdú ag teacht ar thionscadail tógála san Aontas, agus go bhféadfadh méadú beag fiú ar phraghas amhábhair (péinteanna agus bratuithe sa chás seo) marthanas na hearnála a chur i mbaol, ós rud é nach bhfuil na corrlaigh aici chun méaduithe ar phraghsanna a ionsú.

(372) Ar an dara dul síos, d'easaontaigh na ceithre chomhlachas uile le conclúid an Choimisiúin ó aithris (369) thuas, gurb é an tionchar sin ar dheighleog péinte agus brataithe an tionchar is lú a bheidh ag na catagóirí úsáideoirí uile a scrúdaítear sa roinn seo.

(373) Chuige sin, sholáthair na ceithre chomhlachas a ríomhanna féin ar mhéaduithe costais, bunaithe ar thoimhdí go mbaineann 30 % - 50 % de chostais amhábhar táirgeora péinte le TiO_2. Chuir ASEFAPI i dtábhacht go sonrach gur chuir sé sonraí chun cinn lenar sonraíodh méaduithe níos suntasaí ar chostais.

(374) Thairis sin, mhaígh siad go raibh torthaí an Choimisiúin bunaithe ar dhá chuideachta mhóra (AkzoNobel agus Sherwin Williams) agus dá bhrí sin nach raibh siad ionadaíoch ar an tionscal níos leithne, go háirithe FBManna. D'athdhearbhaigh siad a maímh gur féidir le FBManna na dleachtanna a ionsú ar bhonn níos lú, agus nach féidir leo iad a chur ar aghaidh chuig a gcliaint toisc go bhfuil cumhacht mhargála theoranta acu.

(375) Ar an tríú dul síos, mhaígh na comhlachais go mbeidh tíortha gar do theorainneacha an Aontais, amhail an Ríocht Aontaithe, an Tuirc, agus tíortha eile, in ann TiO_2 a allmhairiú ón tSín gan ualach na ndleachtanna frithdhumpála breise, rud a fhágfaidh go mbeidh táirgeoirí péinteanna agus bratuithe áitiúla níos iomaíche i gcoinne tháirgeoirí péinteanna an Aontais. D'iarr HCA sásra cosanta ar allmhairí den sórt sin. Ar an gcaoi chéanna, mhaígh siad go bhféadfadh péinteanna agus bratuithe a allmhairítear ón tSín sladghearradh a dhéanamh ar mhonaróirí péinte an Aontais mar gheall ar chostais táirgthe níos ísle.

(376) Ar an gceathrú dul síos, mhaígh na comhlachais freisin go mbeidh onnmhairí péinteanna agus bratuithe an Aontais thíos le praghsanna méadaithe freisin, rud a fhágfaidh nach mbeidh úsáideoirí TiO_2 an Aontais chomh hiomaíoch céanna ar mhargaí eachtracha freisin.

(377) Ar deireadh, chuir na comhlachais i bhfios go láidir go bhfuil sé ríthábhachtach iomaíochas na n-úsáideoirí a choinneáil ar bun, ós rud é go bhfuil na cuideachtaí sin níos líonmhaire agus go bhfostaíonn siad i bhfad níos mó daoine ná tionscal an Aontais a tháirgeann TiO_2. Mhaígh na comhlachais freisin go dtéann dleachtanna chun tairbhe do chuideachtaí nach cuideachtaí de chuid an Aontais iad den chuid is mó, ós rud é gur fochuideachtaí iad formhór tháirgeoirí an Aontais de chuideachtaí a bhfuil a gceanncheathrú ar an gcoigríoch. D'áitigh ASEFAPI freisin nach mbeadh tionchar fabhrach ag na dleachtanna ar tháirgeoirí TiO_2 an Aontais toisc go bhfuil easpa acmhainneacht táirgeachta acu agus dá bhrí sin cheannódh úsáideoirí TiO_2 ó thríú tíortha eile agus go rachadh na dleachtanna chun tairbhe do tháirgeoirí neamh-AE TiO_2 sa deireadh.

(378) Ina theannta sin, mhol HCA roinnt beart chun an tionchar ar iomaíochas thionscail an Aontais a mhaolú i bhfoirm buntáistí cánach agus tacaíocht airgeadais do thionscail intíre. Níl aon cheann acu sin, áfach, faoi raon na n-imscrúduithe cosanta trádála.

(379) Rinne an Coimisiún anailís ar na maímh sin agus tháinig sé ar na conclúidí seo a leanas:

(380) Ar an gcéad dul síos, mar a luaigh an Coimisiún cheana féin sa Rialachán sealadach, níor tháinig aon chuideachta atá gníomhach in earnáil na tógála chun cinn san imscrúdú chun cur i gcoinne na ndleachtanna. Ar an gcaoi chéanna, níor sholáthair aon pháirtí fianaise leordhóthanach ar an staid in earnáil na tógála seachas cúpla maíomh leathan, ná níor thug siad bunús fóinteach le tionchair na ndleachtanna frithdhumpála ina leith. I gcomparáid le líon na n-aighneachtaí, na fianaise agus na sonraí maidir leis na maímh eile go léir a cuireadh isteach agus a scrúdaíodh san imscrúdú seo, bhí na cinn sin maidir le hearnáil na tógála an-teoranta. Dá bhrí sin, chuir an Coimisiún earnáil na tógála san áireamh a mhéid a mheas an Coimisiún agus na páirtithe í a bheith ábhartha agus a mhéid a bhí faisnéis ar fáil ina leith.

(381) Cé gur sholáthair CEPE agus Teknos, ina n-aighneacht maidir leis an nochtadh deiridh, tuarascálacha áirithe ina leagtar amach staid agus ionchais an Aontais amach anseo, agus go háirithe earnáil tógála na Gearmáine, níor sholáthair siad fianaise chun bunús a thabhairt leis na maímh a luaitear in aithris (371) thuas. Go háirithe, níor thug siad bunús leis an méadú a thiocfadh ar chostais péinte ná níor chainníochtaigh siad a mhéid a thiocfadh méadú orthu, ná a mhéid a d'fhéadfadh aon mhéadú tionchair a imirt ar an earnáil tógála fiú.

(382) Ar an taobh eile, ós rud é nach bhfuil aon chuideachta ón earnáil tógála cláraithe mar pháirtithe leasmhara chun cur i gcoinne na ndleachtanna, tugtar le fios nach bhfuil siad ag súil go mbeidh tionchar suntasach ag na dleachtanna ar TiO_2 orthu.

(383) Ar an dara dul síos, d'admhaigh an Coimisiún gur chuir ASEFAPI, a bharúlacha maidir leis an Rialachán sealadach, roinnt sonraí ar fáil a léiríonn an sciar den chostas is féidir a bheith ag TiO_2 i bhfoirmlí péinte áirithe agus cad é an méadú a d'fhéadfadh a bheith ar chostais na bhfoirmlí sin le leibhéil éagsúla dleachtanna. Rinne an Coimisiún anailís chuí ar na sonraí sin agus chuir sé san áireamh iad le haghaidh an nochta deiridh, mar a mhínítear in aithrisí (365) go (366) thuas.

(384) D'athdhearbhaigh an Coimisiún nár léirigh na sonraí sin ach meastachán ar an méid a mhéadódh méadú áirithe ar phraghas TiO_2 an costas táirgthe a bhaineann le deich bhfoirmliú péinteanna, cruan agus dúch priontála éagsúla. Mar sin féin, níor léirigh na sonraí sin cé na húsáideoirí as ar tháinig siad, cé chomh brabúsach agus a bhí na húsáideoirí sin, cé mhéad cineál táirgí eile a tháirg siad agus a dhíol siad agus cén costas a bhí orthu, cad iad na foinsí soláthair a bhí acu, etc.

(385) Dá bhrí sin, ní fhéadfadh an Coimisiún tarraingt ar aon chonclúid fhóinteach maidir le sciar TiO_2 na Síne i meascán soláthair aon úsáideoirí, ná maidir lena leibhéil feidhmíochta agus brabúis. Dá bhrí sin, ní raibh an Coimisiún in ann meastachán leordhóthanach a dhéanamh ar a neamhchosaint ar allmhairí ón tSín agus, dá bhrí sin, ar an tionchar a bheadh ag na dleachtanna ar na húsáideoirí sin. Cé nár fíoraíodh na sonraí sin ina theannta sin, is é an t-aon chonclúid a d'fhéadfaí a bhaint as na sonraí sin go bhfuil sciar níos airde ná an meán de TiO_2 i gcostais táirgthe roinnt péinteanna.

(386) Ar an taobh eile, mar a cuireadh i bhfios go láidir thuas, thug AkzoNobel agus Sherwin Williams freagraí ar an gceistneoir, freagraí a fíoraíodh. Bhí na freagraí sin, de réir chineál an cheistneora, cuimsitheach agus bhí na gnéithe uile thuas iontu a mbeadh ar an gCoimisiún measúnú a dhéanamh orthu, agus ar an gcaoi sin léargas iomlán a thabhairt ar fheidhmíocht gach ceann de na táirgeoirí sin: rinneadh a gcostais táirgthe agus an sciar de TiO_2 iontu a mheánú ar fud na bpéinteanna go léir a tháirgeann gach cuideachta, agus rinneadh sciar na n-allmhairí Síneacha ina struchtúr costais iomlán a leithlisiú. Le sonraí ceistneora den sórt sin, arna gcomhlánú agus arna bhfíorú, is féidir léargas níos cruinne a fháil ar an gcaoi a bhféadfaí tionchar a bheith ar tháirgeoir péinteanna agus bratuithe.

(387) Ar bhonn na sonraí sin, d'fhéadfadh an Coimisiún teacht ar an gconclúid mbaineann sciar i bhfad níos ísle de chostais iomlána amhábhar táirgeora péinte le TiO_2, nuair a dhéantar é a mheánú thar gach foirmliú péinte, ná an méid a chuireann ASEFAPI, CEPE, FIPEC agus HCA i láthair ar bhonn foirmlithe aonair áirithe. Bhí sciar TiO_2 i gcostas iomlán an táirgthe níos luaithe fós.

(388) Fiú i gcás Sherwin Williams, nár líon an ceistneoir amach ach ar leibhéal an dá mhonarcha dá chuid is mó a ndéanfaí difear dóibh, bhí an sciar de TiO_2 i gcostais iomlána na n-amhábhar i bhfad níos ísle ná mar a tugadh le fios 40 % – 50 %, agus níos ísle ná mar a bhí i gcás gach catagóire eile úsáideoirí a chuir freagraí ar an gceistneoir isteach (i.e. páipéar maisiúcháin, dúigh ghrafacha bhána, agus táirgeoirí MB).

(389) Ar an mbonn sin, mar a mhínítear thuas in aithris (369), tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go mbeadh tionchar níos lú ar an meán ar tháirgeoir péinteanna, fiú ar FBM, ag dleachtanna ar TiO_2 mar gheall ar an gcion measartha íseal atá ag TiO_2 i struchtúr costais táirgeora péinteanna. Gan aon fhianaise nua curtha chun cinn chun cur ina choinne, chloígh an Coimisiún leis an gconclúid sin.

(390) Níor cuireadh aon fhianaise nua chun cinn maidir leis an tríú héileamh ach oiread. Chuir an Coimisiún in iúl, áfach, maidir le haon chleachtas dumpála líomhnaithe ar phéinteanna agus bratuithe a thagann ón tSín, go raibh leigheas dlí ann i bhfoirm imscrúdú frithdhumpála tiomnaithe. Má tá fianaise ag na húsáideoirí ar chleachtais den sórt sin, tá an deis acu a ngearán féin a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

(391) Ar an gcaoi chéanna, tá sásra cosanta ann maidir le himchéimniú na ndleachtanna a líomhnaíonn HCA. Is féidir le tionscal atá thíos le cleachtais imchéimniúcháin aige a iarraidh go dtionscnófar cás tiomnaithe frith-imchéimniúcháin, ar choinníoll go gcomhlíonfar na coinníollacha uile sa bhun-Rialachán.

(392) Ar an gcaoi chéanna, níor cuireadh aon fhianaise nua chun cinn maidir leis an gceathrú maíomh. Cé go bhféadfaí difear a dhéanamh do struchtúr costais foriomlán na n-úsáideoirí iartheachtacha, níor cuireadh aon fhianaise chuimsitheach i láthair chun a léiriú a mhéid a bhíonn tionscal na bpéinteanna agus na mbratuithe ag brath ar onnmhairí, cé na cinn scríbe, agus cén tionchar foriomlán a bheadh aige sin ar a bhfeidhmíocht sna margaí sin. Dá bhrí sin, ní raibh pictiúr cuimsitheach ag an gCoimisiún agus níorbh fhéidir leis fírinneacht an mhaímh sin a fhíorú.

(393) Ar deireadh, chuir an Coimisiún in iúl, fiú má tá cuid de tháirgeoirí an Aontais ina gcuid d'ilchuideachtaí ilnáisiúnta a bhfuil a gceanncheathrú thar lear, nach n-eisiatar iad ón sainmhíniú ar thionscal an Aontais de réir bhrí Airteagal 4 den bhun-Rialachán. Go deimhin, tá na cuideachtaí féin bunaithe de réir dhlíthe ábhartha na mBallstát agus níl baint acu le haon onnmhaireoir ná allmhaireoir ón tír lena mbaineann.

(394) Rinne Teknos agus na ceithre chomhlachas maímh bhreise go bhfuil tionscal na bpéinteanna thar a bheith íogair d'athruithe ar phraghsanna, go bhfuil siad ag brath níos mó cheana féin ar allmhairí mar gheall ar an laghdú ar tháirgeacht TiO_2 an Aontais le blianta beaga anuas, agus go mbeidh tionchar diúltach ag forchur na ndleachtanna ar spriocanna an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip, ós rud é go dtiocfaidh méadú ar allmhairí péinteanna isteach san Aontas mar thoradh ar dhleachtanna, rud a mbeidh astaíochtaí breise a bhaineann lena n-iompar mar thoradh air. Mhaígh siad freisin go mbeidh tionchar diúltach ag na dleachtanna ar phoist i dtionscail iartheachtacha agus ar infheistíocht san Aontas, ós rud é go scaoilfear foirne chun bealaigh mar thoradh ar chostais táirgthe níos airde agus nach mbeidh an earnáil péinteanna agus bratuithe chomh tarraingteach céanna d'infheistíocht nua. Níor tacaíodh leis na maímh sin le fianaise infhíoraithe fhóinteach, áfach, agus dhiúltaigh an Coimisiún dóibh dá bhrí sin.

7.3.4. *Táirgeoirí páipéir maisiúcháin*

(395) Ag an gcéim chinntitheach, choinnigh Felix agus Munksjö a seasamh, fiú mura ndearna an Coimisiún TiO_2 de ghrád lannáin a eisiamh ó raon feidhme an táirge, gur cheart dó díolúine úsáide deiridh a dheonú lena úsáid i dtáirgeadh páipéir maisiúcháin, agus maímh agus fianaise nua á soláthar aige ina leith sin.

(396) D'athdhearbhaigh na húsáideoirí a maímh gur comhlíonadh na critéir uile a chuir an Coimisiún san áireamh i gcásanna díolúintí úsáide deiridh roimhe sin. Áirítear orthu sin: sainiúlacht an táirge iartheachtaigh, infhaighteacht an tsoláthair, sciar an táirge lena mbaineann sa struchtúr costais, cumas an úsáideora na dleachtanna a sheasamh, agus tionchar na heisceachta ar éifeachtacht na mbeart.

7.3.4.1. Sainiúlacht an táirge

(397) Chuir na húsáideoirí i dtábhacht arís an chaoi a bhfuil TiO_2 de ghrád lannáin deartha go sonrach chun fónamh do chuspóirí a bhaineann le táirgeadh páipéir maisiúcháin, ag teacht leis na hargóintí a leagtar amach in aithrisí (119) go (122) thuas. Mhaígh na húsáideoirí freisin go dtógann an próiseas cáilíochta do ghráid nua thart ar aon bhliain amháin ar an meán.

(398) Tar éis na hanailíse ó roinn 2.1.3.2 thuas agus i bhfianaise na fianaise uile atá ar fáil, chloígh an Coimisiún lena chonclúid, fiú mura bhfuil buntréithe fisiceacha, ceimiceacha agus teicniúla leordhóthanacha ag TiO_2 de ghrád lannáin i gcomparáid le cineálacha eile TiO_2 atá le heisiamh ó raon feidhme an táirge, go bhfuil sainiúlacht ag baint leis an táirge sin, ós rud é go bhfuil sé saincheaptha agus oiriúnach den chuid is mó lena úsáid i bhfeidhm shonrach – páipéar maisiúcháin a tháirgeadh.

(399) Léirítear an tsainiúlacht seo le láithreacht shuntasach fosfair i mbratú mhóilín TiO_2. Léirigh fianaise nua a chuir Felix agus Munksjö isteach go gcaithfidh sé a bheith ar leibhéal 0.5 % ar a laghad ar mhais thirim an táirge chun go mbeidh sé úsáideach i bhfeidhmeanna páipéir maisiúcháin. An tráth céanna, mar a maíodh cheana féin, cuidíonn an lucht dromchla leictreach a eascraíonn as a bhratú dromchla tiubh chun an móilín a cheangal leis na snáithíní laín adhmaid.

(400) Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid in aithris (139) thuas, go bhféadfadh an tsaintréith dheireanach sin a bheith ábhartha freisin maidir le TiO_2 a úsáid i dtáirgeadh táirgí eile bunaithe ar shnáithíní laín adhmaid (amhail gnáthpháipéar). Chuir sé sin cosc ar an gCoimisiún teacht ar an gconclúid gur buntréith theicniúil é sin atá éagsúil le cineálacha eile TiO_2, nó ar a laghad TiO_2 a úsáidtear i bhfeidhmeanna eile. Mar sin féin, tá an tsaintréith sin ar cheann de na heilimintí a fhágann go bhfuil gné ar leith ag baint le TiO_2 de ghrád lannáin, sa mhéid a fhágann sé nach bhfuil TiO_2 de ghrád lannáin oiriúnach le húsáid i bhfeidhmeanna ginearálta eile, amhail péinteanna agus bratuithe.

7.3.4.2. Infhaighteacht soláthair

(401) Maidir le hinfhaighteacht an tsoláthair, d'easaontaigh Felix, Munksjö agus CEPI freisin leis an gconclúid, fiú in éagmais iomlán allmhairí TiO_2 ón tSín, go mbeadh foinsí malartacha leordhóthanacha soláthair ar fáil do tháirgeoirí páipéir maisiúcháin, laistigh den Aontas agus ó thríú tíortha eile araon (amhail an Ríocht Aontaithe nó Meicsiceo).

(402) D'áitigh an dá úsáideoir nach bhfuil sé réalaíoch coinne a bheith leis go méadódh táirgeoirí an Aontais an soláthar TiO_2 de ghrád lannáin go suntasach, rud atá níos costasaí a tháirgeadh ná an chuid is mó de na gráid eile. Ós rud é nach bhfuil TiO_2 de ghrád lannáin ach in thart ar 12 % den mhargadh iomlán TiO_2 (i gcomparáid le 60 % le haghaidh bratuithe agus 25 % le haghaidh plaisteach), ag díriú ar dheighleoga margaidh níos mó ceadaíonn sé barainneachtaí scála agus bonn custaiméirí níos mó, rud a fhágann go bhfuil na gráid sin níos brabúsaí.

(403) Mar a rinne siad ag an gcéim shealadach, chuir an dá úsáideoir fianaise nua isteach i bhfoirm malartuithe iolracha, níos déanaí, le táirgeoirí an Aontais, a léirigh nach raibh na táirgeoirí sin in ann ach cainníochtaí teoranta de TiO_2 de ghrád lannáin a thairiscint.

(404) Thairis sin, rinne an dá úsáideoir maíomh nua maidir le measchán a dhéanamh ar an mbearna soláthair do TiO_2 de ghrád lannáin san Aontas, ar bhonn na bhfigiúirí sa Rialachán sealadach agus ar bhonn sciar na ngléasraí a tháirgeann TiO_2 de ghrád lannáin go tráthrialta in acmhainneacht táirgeachta iomlán an Aontais.

(405) Mar gheall ar leathadh a bpunann thar go leor cineálacha TiO_2 a bhfuil éileamh orthu i margadh an Aontais, mheas an dá úsáideoir nach bhféadfadh táirgeoirí an Aontais ach thart ar aon trian d'éileamh iomlán an Aontais ar TiO_2 de ghrád lannáin a shásamh. Tá sé sin i gcomhréir leis na measchán a rinne an dá úsáideoir ina n-aighneachtaí roimhe seo ar tugadh aghaidh orthu in aithris (53) den Rialachán sealadach.

(406) Maidir le hinfhaighteacht an tsoláthair ó fhoinsí eile, rinne an dá úsáideoir maíomh nua díreach toisc go bhfuair siad méideanna suntasacha ó thíortha eile le linn na tréimhse imscrúdúcháin, nach gciallaíonn sé sin go bhféadfadh na foinsí sin méideanna breise a sholáthar lena gcumhdófaí na méideanna a fhaightear ón tSín faoi láthair.

(407) Ina theannta sin, san aighneacht uathu an 30 Bealtaine 2024, léirigh Felix agus Munksjö gur chuir teagmhais aimsire i Meicsiceo isteach go mór ar tháirgeadh, rud a chuir cobhsaíocht an tsoláthair i mbaol. Mhaígh an dá úsáideoir go gcuireann sé sin béim ar an tábhacht a bhaineann le foinsí éagsúlaithe soláthair. D'athdhearbhaigh CEPI an argóint sin ina bharúlacha maidir leis an Rialachán sealadach.

(408) Chuir Felix agus Munksjö tuarascáil TZMI ar fáil freisin ó mhí Aibreáin 2023, ina dtuartar go dtiocfaidh méadú ar an éileamh i gCríocha Mheiriceá in 2024. Mhaígh úsáideoirí go laghdóidh an méadú sin ar an éileamh cumas Chemours an margadh páipéir maisiúcháin a sholáthar san Aontas. Chuir CEPI an maíomh céanna sin in iúl freisin.

(409) A mhéid a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe mar fhoinse mhalartach soláthair a d'fhéadfadh a bheith ann, chuir Felix agus Munksjö fianaise nua ar fáil chun a léiriú go bhfuil acmhainneacht theoranta ag soláthróirí áitiúla cainníochtaí leordhóthanacha de TiO_2 de ghrád lannáin a sholáthar don Aontas.

(410) D'áitigh an dá úsáideoir freisin nach dtáirgeann an Ríocht Aontaithe agus Meicsiceo ach próiseas clóiríde TiO_2, agus táirgeann a soláthróirí Síneacha den chuid is mó trí phróiseas sulfáite. Cé go bhfuil sé indéanta go teicniúil aistriú idir an dá cheann, thabhódh sé sin costais bhreise chun na codanna dá bpunanna a athfhoirmliú a úsáideann próiseas sulfáite TiO_2.

(411) Thug an dá úsáideoir fianaise nua isteach freisin ag maíomh nach dtáirgeann ach roinnt d'aon táirgeoir déag de chuid an Aontais TiO_2 de ghrád lannáin go tráthrialta.

(412) Mhaígh an gearánach nár chuir Felix agus Munksjö aon fhianaise ar fáil chun tacú leis nach bhféadfadh táirgeoirí an Aontais éileamh an tionscail páipéir lannáin a shásamh, agus gurb é an t-aon rud a chuir cosc ar tháirgeoirí an Aontais cainníochtaí leordhóthanacha de TiO_2 de ghrád lannáin a tháirgeadh ná iomaíocht éagórach ón tSín.

(413) Ar an taobh eile, mhaígh an gearánach nach bhfuil aon chúis ann nach mbeadh gléasra Chemours i Meicsiceo in ann cainníochtaí leordhóthanacha a onnmhairiú chuig an Aontas, agus sonraí faisnéise margaidh TZMI á gcur isteach aige chun comhthacú leis an maíomh sin. De réir na sonraí sin agus acmhainneacht an ainmchláir i Meicsiceo, bhí [140 000 – 180 000] tona d'acmhainneacht bhreise san iomlán i Meicsiceo le linn na tréimhse imscrúdúcháin. ([54])

(414) Ar an gcéad dul síos, tugann an Coimisiún dá aire, i gcomhréir le hAirteagal 6 den bhun-Rialachán, gur bhunaigh sé a mheasúnú ar an bhfaisnéis fhíoraithe a chuir na húsáideoirí comhoibríocha isteach le haghaidh na tréimhse imscrúdúcháin. Níor bailíodh ná níor fíoraíodh faisnéis a bhaineann le tréimhse i ndiaidh na tréimhse imscrúdúcháin. Maidir le foinsiú na n-úsáideoirí comhoibríocha, léiríodh sna freagraí fíoraithe ar an gceistneoir gur aimsigh siad an chuid is mó dá TiO_2 de ghrád lannáin ó thríú tíortha eile le linn na tréimhse imscrúdúcháin, agus go bhfuair siad sciar i bhfad níos ísle (10 go 40 %) dá TiO_2 de ghrád lannáin ón tSín agus go bhfuair siad an sciar is ísle dá bhfoinse TiO_2 de ghrád lannáin ó tháirgeoirí an Aontais. Léiríodh san anailís sin go raibh bealaí soláthair seanbhunaithe agus dea-fheidhmiúla ag na húsáideoirí comhoibríocha le tríú tíortha eile.

(415) I bhfianaise na fianaise nua uile a cuireadh i láthair, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go bhféadfadh deacrachtaí a bheith ag Felix agus Munksjö na méideanna is gá a cheannach ó na foinsí atá ar fáil san Aontas agus sa Ríocht Aontaithe, mar gheall ar tháirgeoirí a roghnaíonn tosaíocht a thabhairt do dheighleoga margaidh eile atá níos mó.

(416) Níorbh fhéidir leis an gCoimisiún a chur as an áireamh, áfach, gur mar gheall ar allmhairí dumpáilte na Síne a coinníodh praghsanna TiO_2 de ghrád lannáin íseal go neamhiomaíoch, neamhtharraingteach do tháirgeoirí an Aontais. Tá fianaise sa chomhad chun comhthacú leis an dearbhú sin.

(417) Ar bhonn sonraí macraicheistneora fíoraithe maidir le hacmhainneacht táirgeachta ainmchláir le haghaidh na gcúig tháirgeoir sin de chuid an Aontais, agus faoi na toimhdí (i) gurb ionann TiO_2 de ghrád lannáin agus 12 % d'éileamh iomlán an Aontais ar TiO_2, agus (ii) go bhfuil an sciar céanna de na soláthróirí ina meascán soláthair ag an 50 % eile de ghníomhaithe margaidh páipéir maisiúcháin agus atá ag Felix agus Munksjö nuair a chuirtear le chéile iad, rinne an Coimisiún measúnú ar na hacmhainneachtaí breise atá ar fáil chun TiO_2 de ghrád lannáin a tháirgeadh san Aontas.

([54]) Ag glacadh, chun críocha na hanailíse seo ar acmhainneachtaí breise, na toimhdí coimeádacha go raibh an gléasra táirgthe eile, atá i bhfad níos lú, i réigiún Mheiriceá Láir agus Mheiriceá Theas ag feidhmiú ag a lánacmhainneacht agus nach raibh sé ag freastal ach ar a mhargadh intíre.

(418) Mar a suíodh in aithris (270) den Rialachán sealadach, mheas an Coimisiún gurbh é 1,14 milliún tona an meántomhaltas san Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Dá bhrí sin, bhunaigh an Coimisiún a mheastacháin ar an éileamh ar TiO_2 de ghrád lannáin ar an meántomhaltas bliantúil le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

(419) Dá bhrí sin, léiríodh le meastachán an Choimisiúin go bhféadfadh na cúig tháirgeoir thuas de chuid an Aontais, dá mbeidís ag táirgeadh ag toilleadh ainmchláir 90 % agus ag tiomnú 12 % den táirgeadh sin do TiO_2 de ghrád lannáin, díreach os cionn 1/3 d'éileamh iomlán TiO_2 de ghrád lannáin an Aontais a chomhlíonadh.

(420) Mar sin féin, ba leor fiú soláthar teoranta den sórt sin chun thart ar 90 % den soláthar iomlán TiO_2 de ghrád lannáin a chumhdach, a gheobhadh táirgeoirí páipéir maisiúcháin ón tSín, i gcás ina n-imeodh na hallmhairí sin go hiomlán. Is dianchás é sin toisc nach é cuspóir na mbeart stop iomlán a chur le hallmhairí ach a áirithiú go dtiocfaidh siad isteach i margadh an Aontais ar phraghsanna córa.

(421) D'ainneoin na conclúide in aithris (414) thuas, scrúdaigh an Coimisiún freisin an fhaisnéis a chuir páirtithe leasmhara isteach maidir le hinfhaighteacht soláthair bhreise ó Mheicsiceo don tréimhse tar éis na tréimhse imscrúdúcháin.

(422) Agus scrúdú á dhéanamh aige ar na sonraí a chuir an gearánach isteach agus a luaitear in aithris (413), thug an Coimisiún dá aire go bhféadfaí áibhéil a dhéanamh faoi na figiúirí maidir le hacmhainneacht bhreise, ós rud é gur cosúil go nglacann siad leis nach raibh aon acmhainneacht tiomnaithe d'éileamh intíre Mheicsiceo. Ina theannta sin, tá fianaise ar an gcomhad a léiríonn go raibh an t-éileamh domhanda íseal le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

(423) Dá bhrí sin, d'fhéadfadh coinne a bheith leis gur lú an acmhainneacht iarbhír a bheadh ar fáil i Meicsiceo i ngnáthbhliain. Treisítear an chonclúid sin le meastacháin eile ó TZMI, a léiríonn go mbeidh an acmhainneacht bhreise iarbhír in 2024 i réigiún iomlán Mheiriceá Láir agus Theas cothrom le leath an fhigiúir in aithris (413) thuas.

(424) Mar sin féin, mheas an Coimisiún, fiú i gcás níos coimeádaí, dá leithdháilfeadh táirgeoirí as Meicsiceo 12 % den táirgeadh ar TiO_2 de ghrád lannáin freisin, go mbeadh thart ar ceithre oiread acmhainneachta ar fáil do tháirgeadh TiO_2 de ghrád lannáin ná mar is gá chun cuntas a thabhairt ar an 10 % eile den soláthar TiO_2 de ghrád lannáin a thagann isteach ón tSín (féach aithris (419) thuas), sa chás nach dócha go n-imeoidh an dara ceann go hiomlán. ([55])

(425) An tráth céanna, na teagmhais aimsire a chuir isteach ar an soláthar ó Mheicsiceo i samhradh 2024, is féidir iad a mheas mar thosca eisceachtúla nach féidir a bhaint de thátal astu nach mbeadh Meicsiceo ina fhoinse leordhóthanach soláthair amach anseo.

(426) Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go bhfuil acmhainneachtaí breise ar fáil san Aontas agus i Meicsiceo amháin (gan an Ríocht Aontaithe a chur san áireamh fiú) chun méideanna iomlána TiO_2 de ghrád lannáin a cheannaigh na húsáideoirí comhoibríocha ón tSín a ionadú, ar choinníoll go n-athbhunaítear cothroime iomaíochta agus gur féidir le táirgeoirí 12 % dá n-acmhainneacht táirgeachta a thiomnú do TiO_2 de ghrád lannáin. Dá bhrí sin, dhiúltaigh sé do na maímh a rinne na húsáideoirí i gceist.

7.3.4.3. Tionchar na ndleachtanna ar úsáideoirí agus tionchar na díolúine ar éifeachtacht na ndleachtanna

(427) Chuir Felix agus Munksjö i gcoinne chonclúid an Choimisiúin freisin maidir le tionchar na ndleachtanna ar a ngnó. Go sonrach, chuir siad in iúl nach gcuireann meastachán an Choimisiúin in aithris (430) den Rialachán sealadach go dtiocfadh laghdú [2-3] phointe céatadáin ar a mbrabúsacht éifeachtaí indíreacha na ndleachtanna san áireamh.

(428) D'áitigh siad gurbh é an chéad cheann de na héifeachtaí sin go mbeadh ar na húsáideoirí aistriú ó ghráid a tháirgtear tríd an bpróiseas sulfáite go dtí na gráid níos costasaí a tháirgtear tríd an bpróiseas clóiríde agus go mbeadh orthu costais bhreise a bhaineann le hathfhoirmliú na n-oideas atá ann cheana a sheasamh.

([55]) Ar an mbonn tuisceana go rachadh gach táirgeadh breise Meicsiceach den sórt sin chuig an Aontas.

(429) Mhaígh úsáideoirí freisin, mar thoradh ar na dleachtanna frithdhumpála, go raibh coinne leis go ndéanfadh táirgeoirí an Aontais a bpraghsanna a mhéadú go suntasach freisin le haghaidh méideanna atá ann cheana. Tar éis do na bearta sealadacha teacht i bhfeidhm, chuir an dá úsáideoir fianaise ar fáil maidir le caibidlíocht lena soláthróirí de chuid an Aontais, rud a thug le fios go mbeadh na soláthróirí sin ag méadú praghsanna go luath amach anseo. Ina theannta sin, sholáthair na húsáideoirí meastachán TZMI maidir le héabhlóid praghsanna TiO_2 go luath amach anseo, a foilsíodh i mí an Mheithimh 2024, rud a thuar méaduithe ar phraghsanna TiO_2 san Aontas ar an gcaoi chéanna.

(430) Ina theannta sin, mhaígh na húsáideoirí go bhfágfaidh na méaduithe costais sin go mbeidh táirgeoirí páipéir maisiúcháin na Síne níos iomaíche fós, rud a spreagfaidh méadú breise ar allmhairí dumpáilte páipéir maisiúcháin. Chuirfeadh sé sin srian breise ar chumas na n-úsáideoirí praghsanna a mhéadú dá gcustaiméirí.

(431) Ina theannta sin, chuir na húsáideoirí i bhfios go láidir, ós rud é gur chostais TiO_2 iad sciar chomh mór sin dá gcostais táirgthe iomlána, nach mbeidh siad in ann na dleachtanna a sheasamh, rud a fhágfaidh go mbeidh tionchar uafásach acu ar a ngnó. An tráth céanna, beidh costais bhreise ann luath nó mall mar thoradh ar na haistrithe gan údar ó ghráid sulfáite (a fhaightear ón tSín faoi láthair) go gráid chlóiríde (atá ar fáil den chuid is mó san Aontas agus ó thríú tíortha eile).

(432) Ina theannta sin, agus sonraí TZMI agus TTO á n-úsáid acu, sholáthair na húsáideoirí ríomhanna ar an mbuntáiste costais measta a bheadh ag táirgeoirí páipéir maisiúcháin na Síne i gcomparáid le táirgeoirí an Aontais. Léirigh siad sin, mar thoradh ar mhéadú ar phraghsanna TiO_2, go dtiocfadh méadú ar an mbuntáiste costais atá ag táirgeoirí páipéir maisiúcháin na Síne ó 24 % sa tréimhse imscrúdúcháin go 31 % in 2025.

(433) Mhaígh na húsáideoirí ní hamháin go gcaillfear méideanna díolachán mar gheall ar iomaíocht ón tSín mar thoradh air sin, ach nach mbeidh siad in ann an phraghsáil a choigeartú freisin agus dá bhrí sin cuirfidh sé cosc orthu a bheith brabúsach go fóill sa mhargadh.

(434) Ar deireadh, mhaígh an dá úsáideoir nach mbeadh tionchar ag an díolúine úsáide deiridh ar éifeachtacht na mbeart.

(435) I ndáil leis sin, d'áitigh na húsáideoirí nach ndéanfadh an díolúine fhéideartha difear do thromlach na n-allmhairí TiO_2 ón tSín, agus iad ag tagairt do chonclúid an Choimisiúin ó aithris (428) den Rialachán sealadach, go bhfuil TiO_2 de ghrád lannáin i gceist le thart ar 12 % den éileamh iomlán. Thairis sin, ós rud é go ndíríonn táirgeoirí an Aontais go príomha ar fheidhmeanna eile TiO_2, beidh tionchar na díolúine ar thionscal an Aontais teoranta freisin.

(436) Thairis sin, chuir an dá úsáideoir i láthair gur nós imeachta trom é an díolúine úsáide deiridh do chuideachtaí ar mian leo tairbhe a bhaint as, agus go ndéanann údaráis chustaim maoirseacht leanúnach ar na hearraí faoin nós imeachta agus gur féidir leo dleachtanna a bhailiú go haisghníomhach má mheasann siad nach n-úsáidtear na hearraí don úsáid deiridh ainmnithe, agus nach bhféadfadh aon úsáideoir eile seachas táirgeoirí páipéir maisiúcháin tairbhe a bhaint as an díolúine dá bhrí sin.

(437) Maidir leis na maímh sin, shoiléirigh an Coimisiún ar dtús, go raibh a anailís bunaithe ar ionsamhlú a dhéanamh ar chostais mhéadaithe TiO_2 a fhoinsíonn na húsáideoirí sin ón tSín faoi láthair, agus go raibh gach rud eile (lena n-áirítear méideanna, cineálacha agus foinsí soláthair) fós comhionann. Ba é an toradh a bhí air sin an laghdú measta [2-3] phointe céatadáin ar bhrabúsacht. ([56]) An tráth céanna, bheadh na costais a bhaineann le hathfhoirmliú ar thug na húsáideoirí meastachán maidir leo, cé nach costais neamhshuntasacha iad, ina gcostas aonuaire a bheadh níos lú fós i gcomparáid lena ngnáthchostais iomlána táirgthe. I bhfianaise na hanailíse thuas, chloígh an Coimisiún lena chinneadh in aithris (430) den Rialachán sealadach, gur dócha go mbeadh tionchar diúltach ag na dleachtanna ar bhrabúsacht Felix agus Munksjö.

([56]) Cé go bhféadfadh an tionchar measta a bheith níos lú fós dá ndéanfaí na costais laghdaithe a bhaineann le haistriú chuig gráid eile níos saoire a ionsamhlú san anailís.

(438) Thug an Coimisiún dá aire, áfach, go bhfuil an corrlach dumpála a aimsíodh i gcéim chinntitheach an imscrúdaithe níos ísle ná an corrlach dumpála a leagtar síos sa Rialachán sealadach. Dá bhrí sin, rinne an Coimisiún measúnú nua ar thionchar na ndleachtanna cinntitheacha ar chorrlaigh bhrabúis an dá úsáideoir. Léiríodh san anailís go mbeadh tionchar na dleachta cinntithí ar leibhéal an chorrlaigh dumpála níos ísle ar bhrabúsacht an dá úsáideoir sin thart ar 1 phointe céatadáin níos lú ná an tionchar a fhaightear sa Rialachán sealadach.

(439) Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid, fiú dá n-ardódh tionscal an Aontais a phraghsanna a suíodh, i ndáiríre, a bheith faoi chois ag na hallmhairí dumpáilte ón tSín mar a mhínítear in aithris (217), gur dócha nach mbeadh tionchar na ndleachtanna cinntitheacha ar an dá úsáideoir sin níos suntasaí ná mar a chinntear sa Rialachán sealadach, i bhfianaise an sciar íseal de sholáthar an Aontais ina meascán soláthair.

(440) An tráth céanna, áfach, baineann thart ar 12 % d'éileamh iomlán an Aontais ar TiO_2 le TiO_2 de ghrád lannáin, agus baineann [15 – 17] % de mhéid iomlán na ndíolachán bhí ag táirgeoirí onnmhairiúcháin sa tréimhse imscrúdúcháin leis. Dá bhrí sin, mheas an Coimisiún go raibh an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ar éifeachtacht na ndleachtanna i bhfad ró-ard i gcás ina ndeonófaí an díolúine úsáide deiridh sin.

(441) Ina theannta sin, mar a shuitear thuas, léiríonn fianaise sa chomhad nach raibh cuid de tháirgeoirí an Aontais ar a laghad ag táirgeadh cainníochtaí leordhóthanacha de TiO_2 mar gheall ar phraghsanna neamhiomaíocha ar mhargadh an Aontais.

(442) Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid dá bhrí sin, in éagmais allmhairí dumpáilte na Síne, go bhfuil coinne leis go n-aistreoidh an táirgeacht ar ais chuig táirgeoirí an Aontais má thagann méadú leordhóthanach ar phraghsanna.

(443) Thairis sin, fiú más rud ar leith é TiO_2 de ghrád lannáin, tá cúig tháirgeoir san Aontas atá in ann é a tháirgeadh, chomh maith le foinsí malartacha soláthair i Meicsiceo agus sa Ríocht Aontaithe araon. Mar a léirítear thuas, foráiltear le meastacháin an Choimisiúin, fiú dá dtiocfadh deireadh iomlán le hallmhairí ón tSín, rud nach bhfuil dóchúil ar chor ar bith, tá acmhainneacht leordhóthanach ann chun é sin a chúitimh, a léiríonn infhaighteacht leordhóthanach soláthair.

(444) Ar deireadh, maidir leis an maíomh a luaitear in aithris (430) thuas, d'athdhearbhaigh an Coimisiún go ndéantar imscrúdú ar aon líomhain maidir le cleachtais dumpála i dtionscal an pháipéir maisiúcháin agus maidir leis an díobháil a rinneadh do thionscal an Aontais dá bharr san imscrúdú frithdhumpála ar leithligh a bhaineann le hallmhairí páipéir maisiúcháin de thionscnamh na Síne ([57]) agus go bhfuil siad lasmuigh de raon feidhme an imeachta seo.

(445) Tar éis an nochta deiridh, thug Felix, Munksjö, agus LB barúlacha uathu lenar easaontaigh siad leis na torthaí thuas maidir le díolúine úsáide deiridh. Mhaígh an dá úsáideoir go bhfuil measúnuithe an Choimisiúin ar infhaighteacht an tsoláthair bunaithe ar thoimhdí ródhóchasacha.

(446) Ar an gcéad dul síos, mhaígh na húsáideoirí nár chuir meastacháin an Choimisiúin timthriallacht mhargadh TiO_2 san áireamh, ós rud é go raibh na ríomhanna sin bunaithe ar fhigiúirí tomhaltais agus ar acmhainneachtaí i dtréimhse ina raibh éileamh íseal.

(447) Ar an dara dul síos, mhaígh na húsáideoirí go bhfuil páipéar maisiúcháin agus gnáthchineál páipéir i gceist le deighleog margaidh TiO_2, deighleog a bhfuil 12 % i gceist léi. Cé go nglacann páipéar maisiúcháin an chuid is mó den sciar sin, níl sé réalaíoch a bheith ag súil go méadóidh na táirgeoirí an sciar de TiO_2 de ghrád lannáin ina meascán táirgí go 12 %, i.e., an leibhéal atá níos airde ná an sciar den mhargadh atá aige.

(448) Ar an tríú dul síos, mhaígh na húsáideoirí nach mbeadh sé réalaíoch a bheith ag súil go leithdháilfeadh táirgeoirí de chuid an Aontais sciar níos mó dá n-acmhainneacht táirgeachta ar TiO_2 de ghrád lannáin, ós rud é go dtairbhíonn siad de bharainneachtaí scála sna deighleoga eile.

(449) Ar an gceathrú dul síos, mhaígh na húsáideoirí go bhfuil an méadú féideartha hipitéiseach sin ar an soláthar neamhbhailí toisc nach raibh roinnt táirgeoirí de chuid an Aontais toilteanach a gcainníochtaí arna soláthar a mhéadú fiú tar éis fhorchur na mbeart sealadach.

([57]) an fógra tionscnaimh a foilsíodh an 14.6.2024, IO C/2024/3695.

(450) Ar deireadh, mhaígh LB Group ar an gcaoi chéanna go bhfuil líon an-teoranta soláthróirí TIO_2 ann ar fud an domhain. Chuir siad i gcoinne chonclúid an Choimisiúin go bhfuil cúig ghléasra san Aontas inar féidir TiO_2 de ghrád lannáin a tháirgeadh agus nach dócha go dtiocfar méadú ar an acmhainneacht táirge ós rud é go bhfuil línte táirgthe tiomnaithe ag teastáil le haghaidh tháirgeadh an chineáil TiO_2 sin chun éilliú ó ghráid eile ina bhfuil comhdhúile fosfaracha a sheachaint.

(451) Ina theannta sin, tharraing LB Group aird ar na conclúidí sealadacha san imscrúdú frithdhumpála atá ar siúl faoi láthair sa Bhrasaíl ([58]), áit ar chinn na húdaráis an díolúine úsáide deiridh a dheonú do TiO_2 a úsáidtear i dtáirgeadh páipéir maisiúcháin.

(452) Maidir leis an gcéad argóint ó na húsáideoirí, mar a mhínigh an Coimisiún cheana féin in aithris (418) thuas, rinne an Coimisiún a mheasúnuithe ar infhaighteacht an tsoláthair ar bhonn an éilimh i meánbhliain, seachas sa tréimhse imscrúdúcháin, a bhí ina tréimhse éilimh ísil. Ar an gcaoi chéanna, in aithris (419) thuas, bhunaigh an Coimisiún a mheastacháin ar leibhéil táirgeachta ag 90 % d'acmhainneacht theoiriciúil tháirgeoirí an Aontais. Dá bhrí sin, bhí meastacháin an Choimisiúin ar an mbearna soláthair sa chás (nach dócha cheana féin) ina mbeadh deireadh iomlán le soláthar na Síne coimeádach, de réir dearaidh, seachas dóchasach.

(453) Maidir leis an dara hargóint ó na húsáideoirí, thug an Coimisiún dá aire gur oibrigh na húsáideoirí in aighneachtaí roimhe seo freisin faoin toimhde gurb ionann páipéar maisiúcháin amháin agus 12 % d'éileamh ([59]) iomlán TiO_2 agus nár chuir siad i gcoinne an mheasúnaithe sin roimhe seo. Mar sin féin, fiú dá mbeadh sciar iarbhír an éilimh ar TiO_2 ní b'ísle, ciallaíonn sé sin go mbeadh ar tháirgeoirí TiO_2 sciar ní b'ísle fós dá n-acmhainneacht iomlán a thabhairt don deighleog sin, rud a d'fhágfadh go mbeadh meastacháin an Choimisiúin ní ba choimeádaí fós agus a threiseodh conclúid an Choimisiún maidir leis na hacmhainneachtaí atá ar fáil.

(454) Ar an tríú dul síos, mheas an Coimisiún nach bhfuil fiúntas leis an maíomh nach méadódh táirgeoirí an Aontais an sciar de TiO_2 de ghrád lannáin ina bpunann. Ar an gcéad dul síos, táirgeann táirgeoirí de chuid an Aontais cineálacha eile táirgí cheana féin do mhargadh níos nideoige, fiú más lú an tairbhe a bhaineann siad sin as barainneachtaí scála. Ar an dara dul síos, táirgeann táirgeoirí TiO_2 de ghrád lannáin cheana féin, fiú sna cainníochtaí atá ann faoi láthair. Tá sé sábháilte glacadh leis ansin, má thosaíonn siad ag táirgeadh níos mó, go mbainfidh siad tairbhe níos mó fós as barainneachtaí scála sa deighleog sin, rud a fhágfaidh go mbeidh sé mealltach ó thaobh an gheilleagair de cainníochtaí táirgeachta a mhéadú.

(455) Maidir leis an gceathrú maíomh ó na húsáideoirí, thug an Coimisiún aghaidh ar an argóint sin cheana féin in aithrisí (415) agus (416) thuas. Cé go bhféadfadh sé nár gheall táirgeoirí an Aontais láithreach do mhéideanna níos airde TiO_2 de ghrád lannáin, tá sé réasúnta a bheith ag súil leis go ndéanfaidís sin, a luaithe a bheadh an chothroime iomaíochta ann arís go cinntitheach.

(456) Ar deireadh, níl aon fhianaise leis an maíomh a d'ardaigh LG Group faoin líon táirgeoirí san Aontas ar féidir leo TiO_2 de ghrád lannáin a tháirgeadh. Ina theannta sin, ghlac an Coimisiún maímh Felix agus Munksjö féin maidir leis an líon táirgeoirí de chuid an Aontais (agus táirgeoirí eile freisin) a d'fhéadfadh TiO_2 de ghrád lannáin a tháirgeadh mar thúsphointe ina mheasúnú.

(457) Ar deireadh, a mhéid a bhaineann leis an bhfíoras gur dheonaigh údaráis na Brasaíle díolúine úsáide deiridh sa chás sin, chuir an Coimisiún in iúl nach bhfuil aon ábharthacht ná tionchar ag an gcinneadh sin ó údarás imscrúdúcháin eile ar an gcás atá idir lámha toisc go nglactar é faoi chreat dlíthiúil éagsúil agus faoi imthosca fíorasacha agus eacnamaíocha éagsúla. In aon chás, murab ionann agus an cás sa Bhrasaíl, táirgeann cuid mhór de thionscal an Aontais an táirge sin agus chuir siad i gcoinne na díolúine. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

(458) Ar bhonn an mhéid thuas, dhiúltaigh an Coimisiún don iarraidh ar dhíolúine úsáide deiridh le haghaidh TiO_2 de ghrád lannáin.

7.3.5. *Táirgeoirí dúch grafach*

(459) D'iarr trí úsáideoir eisiamh táirgí nó díolúine úsáide deiridh le haghaidh TiO_2 grafach chun dúigh bhána a tháirgeadh: Sun Chemical, Flint Group GmbH ('Flint'), agus Siegwerk.

([58]) Le fáil ag: https://www.in.gov.br/web/dou/-/circular-n-54-de-8-de-outubro-de-2024-589436706 (ar tugadh cuairt air go deireanach an 13 Samhain 2024).

([59]) Go sonrach ina mbarúlacha maidir leis an Rialachán sealadach nuair a rinne siad a meastacháin féin ar an mbearna idir soláthar agus éileamh do TiO_2 de ghrád lannáin.

(460) Chuir Flint i gcoinne thorthaí an Choimisiúin maidir lena iarraidh ar dhíolúine úsáide deiridh le haghaidh TiO_2 grafach agus mhaígh sé cúig earráid fhíorasacha agus dhlíthiúla i dtorthaí sealadacha an Choimisiúin.

(461) Ar an gcéad dul síos, cé nach bhfuil aon tionchar aige sin ar a iarraidh ar dhíolúine úsáide deiridh, mhaígh Flint go bhfuil sé mícheart go gceannaíonn sé méid teoranta TiO_2 chun críocha eile seachas dúigh bhána a tháirgeadh, mar a thángthas ar an gconclúid in aithris (57) den Rialachán sealadach.

(462) Ar an dara dul síos, d'easaontaigh Flint leis an gconclúid nach bhfuil saintréithe fisiceacha, ceimiceacha agus teicniúla ar leith ag TiO_2 grafach i gcomparáid le cineálacha eile TiO_2. Chuige sin, d'athdhearbhaigh Flint a mhaíomh óna chéad aighneacht, ag lua maímh chur chun cinn Kronos maidir le TiO_2 grafach ina luaitear 'go bhfuil snas thar a bheith ard ar an gcineál sin TiO_2 mar thoradh ar phróiseas muilleoireachta optamaithe, an-dian, teimhneacht uasta, agus scríobadh an-íseal.' Ina theannta sin, 'tá gile uathúil, agus friotaíocht cheimiceach ag TiO_2 grafach, atá ríthábhachtach d'fheidhmeanna dúigh.'

(463) Thagair Flint do thorthaí an Choimisiúin ó aithrisí (57) agus (58) den Rialachán sealadach, 'go bhfuil fios gnó sonrach ann chun [TiO_2 grafach], a tháirgeadh nach bhfuil ach líon teoranta táirgeoirí [TiO_2] ina máistrí air' agus 'go bhfuil fianaise curtha ar fáil ag Flint [...] lena léirítear nach mbaineann [cineálacha TiO_2 a bhfuil tástáil á déanamh ag Flint orthu ó tháirgeoirí éagsúla] leibhéil cháilíochta shásúla amach go ginearálta.'

(464) Tháinig Flint ar an gconclúid go leanann sé nach mór saintréithe fisiceacha, ceimiceacha agus teicniúla ar leith a bheith ag TiO_2 grafach a dhéanann idirdhealú idir é agus cineálacha eile TiO_2.

(465) Ar an tríú dul síos, murab ionann agus cinneadh an Choimisiúin nach bhfuil úsáid deiridh dea-shainithe ag TiO_2 grafach mar gheall ar líon mór oideas dúch atá ag Flint dá dtáirgí, mhaígh Flint, cé go n-úsáideann siad TiO_2 i gcuid mhaith oideas, gur dúigh bhána iad na táirgí sin uile. Dá bhrí sin, tá úsáid deiridh aonair ann do TiO_2 grafach a shainmhínítear mar: ábhar a úsáidtear chun dúigh bhána a mhonarú.

(466) Ar an gceathrú dul síos, mhaígh Flint nach mbaineann sé le hábhar maidir le díolúine úsáide deiridh cé acu is féidir nó nach féidir leis na húdaráis chustaim a fhíorú gur TiO_2 grafach é a úsáidtear chun dúigh bhána a tháirgeadh. Is é úsáid shonrach an táirge i gceist an rud is tábhachtaí maidir leis an díolúine úsáide deiridh a dheonú, agus nach gá don úsáid sin a bheith éagsúil le cineálacha eile táirgí atá faoi réir dleachtanna frithdhumpála.

(467) Ar an gcúigiú dul síos, d'áitigh Flint go mbeidh tionchar suntasach ag na dleachtanna frithdhumpála atá beartaithe ar a bhrabúis. Sholáthair Flint ríomhanna maidir leis an tionchar ar a bhrabúsacht i ndeighleog dúch bán a ghnó, rud a léirigh go ndéanfadh na dleachtanna, contrártha do thorthaí sealadacha an Choimisiúin, a bhrabúsacht a laghdú thart ar 9 bpointe céatadáin, rud a d'fhágfadh go mbeadh caillteanas i gceist léi.

(468) Chuir Flint i bhfios go láidir freisin nach féidir tionchar na ndleachtanna ar ghnó iomlán Flint a bheith cinntitheach maidir le hiarraidh ar dhíolúine úsáide deiridh, ós rud é gur grúpa éagsúlaithe é Flint ina bhfuil roinnt táirgí. Dhéanfadh sé sin idirdhealú gan údar idir gnólachtaí aontáirge agus gnólachtaí éagsúlaithe. Ina ionad sin, ba cheart measúnú a dhéanamh ar an tionchar ar an deighleog ghnó atá idir lámha.

(469) D'athdhearbhaigh Flint gur comhlíonadh na ceanglais eile uile maidir le díolúine úsáide deiridh a dheonú.

(470) Ar an gcéad dul síos, mhaígh Flint nach laghdódh díolúine úsáide deiridh le haghaidh TiO_2 grafach éifeachtacht na ndleachtanna, ós rud é go gcumhdaíonn TiO_2 grafach thart ar 3 % den éileamh iomlán ar TiO_2. Thug Flint dá aire freisin nár luaigh an gearánach TiO_2 grafach sa ghearán, ná nár phléigh sé le hiarraidh Flint ar dhíolúine úsáide deiridh ag céim shealadach an imscrúdaithe sin. Chiallódh sé sin nach bhfuil imní ar an ngearánach fiú faoi na héifeachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag an díolúine sin ar éifeachtacht na ndleachtanna.

(471) Ar an dara dul síos, d'athdhearbhaigh Flint gurb ionann TiO_2 grafach agus sciar an-suntasach den chostas a bhaineann le dúigh bhána a tháirgeadh agus tharraing sé aird ar chleachtas an Choimisiúin i gcás PVA, áit a raibh sé sin ar cheann de na forais le hiarraidh ar dhíolúine úsáide deiridh a dheonú. ([60])

(472) Ar deireadh, d'athdhearbhaigh Flint gur táirge an-sonrach é TiO_2 grafach nach bhféadfadh úsáideoirí soláthróirí a athrú ina leith, rud a bhí ina fhoras chun an díolúine úsáide deiridh a dheonú i gcleachtas an Choimisiúin roimhe seo. ([61]) Mhaígh Flint, ós rud é go bhfágfaidh na dleachtanna frithdhumpála nach mbeidh sé indéanta go heacnamaíoch TiO_2 grafach a fhoinsiú ón tSín, go bunúsach, nach bhfágfadh dleachtanna Flint ach mórsholáthróir amháin mar fhoinse d'fhormhór a TiO_2.

(473) Chuir táirgeoir eile dúch bán, Siegwerk, ríomhanna ar fáil a léiríonn nach mbeadh táirgeadh dúch bán inmharthana san Aontas a thuilleadh dá bhforchuirfí bearta, mar gheall ar bhrú iomaíoch ó allmhairí ó thríú margaí amhail an Tuirc. Dá bhrí sin, is dócha go ndúnfar acmhainneacht dúch bán an Aontais nó go n-athlonnófar í lasmuigh den Aontas.

(474) Mhaígh Siegwerk gur dócha go mbeadh éifeachtaí diúltacha breise ag an athlonnú: táirgeoirí pacáistíochta a bhíonn ag brath ar dhúigh bhána, is dócha go ndéanfaidís amhlaidh chun a dtáirgeadh a athlonnú lasmuigh den Aontas, ós rud é go bhfuil sé níos saoire agus níos simplí pacáistíocht dhaite a allmhairiú chuig a gcustaiméirí san Aontas, seachas dúigh bhána a allmhairiú (toisc nach bhfuil iompar dúch chomh costéifeachtúil agus go dteastaíonn níos mó cúraim ina leith mar gheall ar a chineál guaiseach).

(475) Thairis sin, chuir Siegwerk fianaise ar fáil a léiríonn go bhfuil 10 bpointe céatadáin de mhéid dúch atá bunaithe ar thuaslagóirí athlonnaithe ón Aontas go dtí an Tuirc le 10 mbliana anuas. Dá bhrí sin, is dócha go gcuirfear dlús leis an treocht sin má chuirtear na bearta frithdhumpála i bhfeidhm.

(476) Rinneadh maímh freisin nach bhfuil gráid áirithe TiO_2 a theastaíonn lena n-úsáid i ndúigh a chuirtear i bhfeidhm ar phacáil in úsáidí speisialtachta (cógaisíocht, pacáistiú bia, cosmaidí, etc., a dteastaíonn caighdeáin sábháilteachta níos airde uathu uile de réir mar a thagann siad i dteagmháil le táirgí lena gcaitheamh ag an duine) ar fáil ar mhargadh an Aontais. Dá bhrí sin, níl aon rogha ag na húsáideoirí ach gráid den sórt sin a sholáthar ón tSín, agus d'fhágfadh an méadú costais a eascraíonn as dleachtanna frithdhumpála a fhorchur go mbeadh an táirgeadh sin neamhbhrabúsach.

(477) Mar fhreagairt air sin, níor thug an gearánach sonraí mionsonraithe ar tháirgeadh TiO_2 grafach ag tionscal an Aontais, ach mhaígh sé go raibh acmhainneacht leordhóthanach aige, go ginearálta, chun an margadh a sholáthar má athbhunaítear cothroime iomaíochta.

(478) I bhfianaise na fianaise nua agus na maíomh nua a cuireadh i láthair thuas, rinne an Coimisiún athmheasúnú ar a chonclúidí ón Rialachán sealadach.

(479) A mhéid a bhaineann le hargóintí Flint a chuirtear i láthair in aithrisí (461) agus (462) thuas, thug an Coimisiún dá aire nach mbaineann siad sin ach le hanailís ar eisiamh táirgí. Ós rud é nach ndearna Flint iarraidh ar an gCoimisiún athmheasúnú a dhéanamh ar a anailís ar a iarraidh ar eisiamh táirgí ag an gcéim chinntitheach, mheas an Coimisiún go raibh na hargóintí sin gan bhunús.

(480) Maidir leis an argóint a luaitear in aithris (476), níor sonraíodh sna barúlacha cé na gráid de TiO_2 a mbaineann na hábhair imní sin leo, mar sin ní raibh an Coimisiún in ann fírinneacht na maíomh sin a fhíorú.

([60]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1336 ón gCoimisiún an 25 Meán Fómhair 2020 lena bhforchuirtear dleachtanna frithdhumpála cinntitheacha ar allmhairí alcóil pholaivinile áirithe de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (IO L, 315, 29.9.2020, lch. 1, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/reg_impl/2020/1336/oj), aithris (623).

([61]) Tagraíonn Flint d'Airteagal 2(2) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1784 ón gCoimisiún an 8 Deireadh Fómhair 2021 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí táirgí cothromrollta alúmanaim de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, C/2021/7140 (IO L 359, 11.10.2021, lch. 6), arna léamh in éineacht le haithris (87) a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/582 ón gCoimisiún an 9 Aibreán 2021 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála shealadach ar allmhairí táirgí cothromrollta alúmanaim de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, (IO L 124, 12.4.2021, lch. 40).

(481) Maidir le sainiúlacht TiO_2 grafach, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid cheana féin in aithris (57) den rialachán sealadach go bhfuil fios gnó sonrach ann go deimhin maidir lena tháirgeadh, gan máistreacht ach ag líon teoranta táirgeoirí san Aontas agus sa tSín air. Mar a deimhníodh freisin sa chás cumaisc Hutsman/Rockwoods, ([62]) mar gheall ar chineál sonrach an táirge sin, níl ach deiseanna teoranta ag táirgeoirí dúch bán a aistriú chuig táirgeoirí eile.

(482) Mar a léirigh Flint, dá n-úsáidfí cineálacha eile TiO_2 ina fheidhmeanna, bheadh feidhmíocht dúch ar an bpacáistíocht i bhfad níos measa, rud a dhéanfadh difear do dhearcadh na gcustaiméirí.

(483) Maidir le hargóint Flint ó aithris (466) thuas, thug an Coimisiún dá aire gur shoiléirigh Flint sa chéim chinntitheach, cé go n-úsáideann sé gráid eile TiO_2 in dhá fheidhm shonracha, nach dúigh bhána a bhí iontu ná nár úsáid sé grád TiO_2grafach le haghaidh na bhfeidhmeanna sin. I gcás ar bith, ní raibh i gceist leo sin ach níos lú ná 1 % d'úsáid iomlán TiO_2 ag Flint. Ar an taobh eile, léirigh Flint go bhfuil níos mó ná 99 % dá thomhaltas TiO_2 i bhfoirmlithe le haghaidh dúigh bhána.

(484) Maidir le hinfhaighteacht an tsoláthair, léirigh Flint nach féidir leis TiO_2 grafach a cheannach ach ó sholáthróir amháin san Aontas agus ó dhá sholáthróir sa tSín. Níl aon soláthróir ar fáil i dtríú tíortha eile. Mhaígh Siegwerk go gceannaíonn siad a TiO_2 ó roinnt soláthróirí eile de chuid an Aontais agus na Síne freisin, ach i gcás níos mó ná 50 % dá bhfoirmlithe níl ach soláthróir deimhnithe amháin acu.

(485) Ar bhonn na fianaise uile atá ar fáil, chloígh an Coimisiún lena chonclúid ó aithris (58) den Rialachán sealadach nach bhfuil ach líon an-teoranta soláthróirí ar fud an domhain ar féidir leo TiO_2 grafach a tháirgeadh ar an leibhéal cáilíochta leordhóthanach, agus, de réir eolas an Choimisiúin, nach bhfuil siad i láthair ach san Aontas agus sa tSín.

(486) A mhéid a bhaineann le maímh an ghearánaigh go bhféadfadh sé an margadh a sholáthar dá n-athbhunófaí cothroime iomaíochta, mheas an Coimisiún nach dócha é sin don mhargadh TiO_2 grafach. Is é sin le rá, níl in acmhainneacht táirgeachta iomlán an Aontais ach thart ar 80 % de thomhaltas an Aontais i ngnáthbhliain. Agus an fhaisnéis nua ar fáil ag an gcéim chinntitheach, mheas an Coimisiún gurb ionann an t-éileamh ar TiO_2 grafach agus thart ar 2,5 % de mhargadh iomlán TiO_2. Chaithfeadh an t-aon soláthróir de chuid an Aontais arb eol go bhfuil TiO_2 grafach á tháirgeadh aige ar an leibhéal cáilíochta sásúla thart ar 7 % dá acmhainneacht iomlán a thiomnú chun éilimh TiO_2 ghrafacha a sholáthar san Aontas agus níor mhaígh an táirgeoir sin go raibh sé beartaithe aige an gealltanas sin a dhéanamh.

(487) Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go bhfuil na foinsí soláthair atá ar fáil le haghaidh TiO_2 grafach an-teoranta ar fud an domhain agus laistigh den Aontas araon.

(488) Maidir le meastacháin Flint ar thionchar na mbeart ar a bhrabúsacht, ghlac an Coimisiún lena meastachán agus d'aisiompaigh sé a chonclúidí. Agus úsáid á baint as an modheolaíocht chéanna chun meastachán a dhéanamh ar thionchar na ndleachtanna ar leibhéal nua an chorrlaigh dumpála níos ísle, shuigh an Coimisiún fós go bhfágfadh bearta go mbeadh Flint ag cailleadh airgid i ndeighleog dhúch bán an ghnó.

(489) Mar gheall ar an struchtúr costais comhchosúil, d'fhéadfadh coinne a bheith le tionchar comhchosúil ar Sun Chemical agus ar Siegwerk, cé nach eol don Choimisiún a mhéid atá siad neamhchosanta ar sholáthróirí Síneacha toisc nár chuir siad freagra ar an gceistneoir isteach.

(490) I bhfianaise an mhéid thuas agus na fianaise nua a chuir Siegwerk isteach maidir le hiomaíochas ghnó dúch bán an Aontais, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go mbeadh tionchar nach beag ag bearta ar tháirgeoirí dúch bán agus ar an bhfostaíocht a ghineann siad. Anuas air sin, d'fhéadfadh iarmhairtí diúltacha breise a bheith ag éifeachtaí iarmhartacha breise ar thionscal na pacáistíochta iartheachtaí ar fhostaíocht san Aontas.

(491) An tráth céanna, mheas an Coimisiún gurb ionann táirgeoirí dúigh bháin agus thart ar 2,5 % de mhargadh iomlán TiO_2 an Aontais agus nach dtáirgeann tromlach mór de tháirgeoirí an Aontais an cineál sin TiO_2. Ar bhonn na sonraí a bhí ar fáil don Choimisiún, ba ionann díolacháin thionscal an Aontais de TiO2 grafach agus thart ar 0,5 % dá ndíolacháin iomlána le linn na tréimhse imscrúdúcháin agus thart ar 5 % de na hallmhairí iomlána ón tSín.

([62]) Cinneadh ón gCoimisiún an 10.9.2014 i gCás M.7061 – HUNTSMAN CORPORATION / EQUITY INTERESTS HELD BY ROCKWOOD HOLDINGS, ar fáil ag: https://ec.europa.eu/competition/mergers/cases/decisions/m7061_20140910_20600_4133655_EN.pdf.

(492) Thairis sin, níor chuir an gearánach go díreach i gcoinne na hiarrata ar dhíolúine úsáide deiridh le haghaidh TiO_2 grafach. Ina theannta sin, ní mór do tháirgeoirí dúch bán a bheith ag brath ar líon an-teoranta táirgeoirí ar fud an domhain atá in ann TiO_2 grafach a sholáthar ar an leibhéal cáilíochta leordhóthanach, agus gan ach táirgeoir amháin den sórt sin san Aontas, agus na táirgeoirí eile sa tSín.

(493) Bunaithe ar a bhfuil thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach mbeadh tionchar suntasach ar éifeachtacht na mbeart dá ndeonófaí díolúine úsáide deiridh do tháirgeoirí dúch geal.

(494) Thairis sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur chun leasa an Aontais é, díolúine úsáide deiridh a dheonú d'allmhairí TiO_2 grafach de thionscnamh na Síne le húsáid i dtáirgeadh dúch grafach bán le haghaidh priontála.

(495) Ina mbarúlacha maidir leis an nochtadh deiridh, d'easaontaigh an gearánach leis an gcinneadh sin. Chuir an gearánach i gcoinne úsáid an téarma 'TiO_2 grafach' freisin ar téarma é, dar leis, nach raibh tionscal TiO_2 ar an eolas faoi. Rinne Flint aighneacht ina dhiaidh sin ag cur i gcoinne mhaímh an ghearánaigh.

(496) Ina bharúlacha maidir leis an nochtadh deiridh, d'iarr Siegwerk soiléiriú freisin maidir leis an téarma 'úsáid deiridh' ar fud an Rialacháin seo, agus thug sé dá aire freisin nach sainmhínítear an téarma 'TIO_2 grafach' sa dlí custaim.

(497) Dá bhrí sin, mar réamhphointe, tharraing an Coimisiún aird ar an iarraidh bhunaidh ar dhíolúine úsáide deiridh a rinne Flint agus a dtugtar tuairisc uirthi in aithris (32). Rinneadh an iarraidh ar dhíolúine úsáide deiridh agus rinneadh measúnú uirthi i gcomhthéacs Airteagal 254 de Chód Custaim an Aontais.

(498) Mar a thug na páirtithe leasmhara faoi deara go ceart ní shainmhínítear 'TiO_2 grafach' sa reachtaíocht chustaim agus ní hamhlaidh gur téarmaí é a úsáidtear go haonfhoirmeach ar fud thionscal TiO_2. Ina ionad sin, níl i 'TiO_2 grafach' ach giorrúchán a úsáideadh i roinnt doiciméad san imscrúdú seo (lena n-áirítear in aighneachtaí ón ngearánach) chun tagairt a dhéanamh go héasca do chineálacha TiO_2 a úsáidtear mar líocha i dtáirgeadh dúch bán i dtionscal dúch grafach. ([63])

(499) Mar a mhínítear sa Rialachán seo, chinn an Coimisiún TiO_2 a dhíolmhú ó dhleachtanna frithdhumpála má allmhairítear é lena úsáid i dtáirgeadh dúch bán le haghaidh priontála, faoi na nósanna imeachta agus na coinníollacha a leagtar amach i gCód Custaim an Aontais. Dá bhrí sin, níl aon sainmhíniú ar 'TIO_2 grafach' ag teastáil ná intuigthe chun an díolúine úsáide deiridh sin a chur i bhfeidhm, ós rud é go n-oibríonn sé ar bhonn úsáid bheartaithe an táirge.

(500) Lean an Coimisiún ar aghaidh ansin chun anailís a dhéanamh ar an gcuid eile de bharúlacha na ngearánach maidir leis an nochtadh deiridh, agus ar fhrithmhaímh Flint.

(501) Ar an gcéad dul síos, dhearbhaigh an gearánach go bhfuil conclúid an Choimisiúin bunaithe ar shonraí úsáideora aonair amháin (Flint), agus gur cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar thionchar na ndleachtanna ar thionscal na ndúch bána ar líon níos ionadaíche úsáideoirí TiO_2 ghrafaigh.

(502) Ar an dara dul síos, mhaígh an gearánach go raibh sé mícheart nárbh fhéidir le húsáideoirí ach TiO_2 grafach a cheannach ó sholáthróir amháin san Aontas agus ó dhá sholáthróir sa tSín, conclúid ar ar tháinig an Coimisiún uirthi de réir dealraimh in aithris (484) thuas.

(503) Lean an gearánach ar aghaidh ag áitiú go bhfuil acmhainneacht mhór táirgeora amháin de chuid an Aontais ar fáil ar féidir é a thiomnú do mhargadh dúigh an Aontais, má dhéantar cothrom iomaíochta a athbhunú. An tráth céanna, tá roinnt soláthróirí san Aontas a dhíolann TiO_2 leis an tionscal dúch bán.

(504) Thairis sin, d'easaontaigh an gearánach le conclúid an Choimisiúin nach ndéanfadh an t-úsáideoir amháin de chuid an Aontais arb eol go dtáirgeann sé TiO_2 grafach 7 % dá acmhainneacht táirgeachta iomlán a thiomnú chun éileamh san Aontas a shásamh.

([63]) Agus is amhlaidh a shainmhínítear é in aithris (157) thuas chun críocha an doiciméid seo.

(505) Ina theannta sin, mhaígh an gearánach nár iarr an Coimisiún aon fhaisnéis ó na táirgeoirí neamhshampláilte de chuid an Aontais maidir lena dtáirgeadh TiO_2 grafaigh. Dá bhrí sin, ní féidir leis an gCoimisiún a líomhain go réasúnta nach bhfuil ach aon soláthróir amháin san Aontas ar eol dó a bheith i mbun táirgeadh TiO_2 grafaigh ag an leibhéal cáilíochta sásúil.

(506) Ar an tríú dul síos, chuir an gearánach i gcoinne na modheolaíochta a d'úsáid an Coimisiún chun measúnú a dhéanamh ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag bearta frithdhumpála ar úsáideoirí agus ar tháirgeoirí dúigh bháin, i gcomparáid leis an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an díolúine úsáide deiridh ar tháirgeoirí an Aontais.

(507) Chuir an gearánach in iúl in imscrúdú frith-fhóirdheontais 2021 ar allmhairí scragaill tiontaire alúmanaim ('ACF') ón tSín, ([64]) nár dheonaigh an Coimisiún an díolúine úsáide deiridh toisc, cé nach raibh ACF ábhartha ach do chuid de tháirgeacht iomlán an úsáideora atá i gceist, nach bhféadfadh an Coimisiún a chinneadh cén tionchar a bheadh ag na dleachtanna ar bhrabúsacht iomlán an úsáideora. ([65]) D'áitigh an gearánach sa chás seo, ós rud é nach bhfuil sna dúigh bhána ach cuid de phunann Flint, gur cheart don Choimisiún teacht ar an gconclúid chéanna agus rinneadh sa chás ACF thuasluaite.

(508) Os a choinne sin, mhaígh an gearánach go mbeadh tionchar diúltach tromchúiseach ag an díolúine úsáide deiridh sin ar tháirgeoirí an Aontais a tháirgeann TiO_2, agus gur cheart anailís shonrach a dhéanamh air sin. D'áitigh siad dá ndeonófaí an díolúine úsáide deiridh, nach mbeadh táirgeoirí an Aontais in ann TiO_2 grafach a dhíol a thuilleadh ar mhargadh an Aontais.

(509) Ar deireadh, mhaígh an gearánach go raibh riosca ard imchéimniúcháin ann a bhain leis an díolúine sin. Bheadh sé ina chúis le dúshláin shuntasacha ó thaobh nádúr an táirge a fhíorú, agus d'fhéadfaí TiO_2 grafach a mhídhearbhú nó a atreorú chuig úsáidí deiridh eile dá bharr.

(510) Ar an taobh eile, mhaígh Flint nach raibh barúlacha an ghearánaigh maidir leis an díolúine úsáide deiridh sin *bona fide*, ós rud é nach ndearna siad ach barúlacha i gcoinne iarraidh Flint tar éis an nochta deiridh, beagnach bliain iomlán tar éis do Flint an iarraidh a dhéanamh ar dtús.

(511) Thairis sin, d'áitigh Flint gur cheart don Choimisiún diúltú d'argóintí an ghearánaigh maidir leis an gcaoi a bhféadfaí díolúine úsáide deiridh a úsáid chun an bonn a bhaint d'éifeachtacht na ndleachtanna. Mar gheall ar chineál an nós imeachta custaim sin, ní cheadaítear aon mhídhearbhú agus áirithítear go beacht leis an nós imeachta nach n-atreoraítear TiO_2 chuig úsáidí deiridh eile.

(512) Mhaígh Flint freisin nach mbaineann sé le hábhar nár chuir ach Flint freagra ceistneora isteach, ós rud é gur dheonaigh an Coimisiún díolúintí úsáide deiridh roimhe sin ar iarraidh ó úsáideoir comhoibríoch amháin. ([66])

(513) Maidir leis an gcéad argóint a rinne an gearánach, thug an Coimisiún dá aire, i measc na dtrí úsáideoir a d'iarr an díolúine úsáide deiridh, nár chuir ach Flint freagra ceistneora isteach a fíoraíodh. Mar sin féin, rinne Sun Chemical agus Siegwerk araon aighneachtaí i scríbhinn agus tionóladh éisteachtaí leo agus, dá bhrí sin, bhí an Coimisiún in ann sonraí fíoraithe Flint a chomhlánú le léargais bhreise.

(514) Chuir an Coimisiún in iúl, ar an taobh eile, nach ndearna an gearánach ach aighneacht amháin maidir leis an iarraidh ar dhíolúine úsáide deiridh sin le linn an imscrúdaithe, áit nár chuir sé i gcoinne ach na hargóintí a rinne Sun Chemical. An tráth céanna, cé gur chuir Flint a iarraidh ar dhíolúine úsáide deiridh isteach sa chéad deich lá den imscrúdú agus go ndearna sé roinnt aighneachtaí ina dhiaidh sin chun tacú lena mhaímh, mar a chuir Flint in iúl i gceart, níor chuir an gearánach i gcoinne na n-argóintí sin riamh.

(515) Ar bhonn na faisnéise a bhí ar fáil don Choimisiún, measadh go raibh thart ar 70 % de tháirgeacht dúch bán an Aontais ag na trí úsáideoir sin. Dá bhrí sin, mheas an Coimisiún go bhfuil a staid ionadaíoch ar thionscal na ndúch bán agus rinne sé a chonclúidí maidir leis an bhfaisnéis a bhí ar fáil dó.

([64]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2287 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2021 lena bhforchuirtear dleachtanna frithchúitimh cinntitheacha ar allmhairí scragaill tiontaire alúmanaim de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE)2021/2170 lena bhforchuirtear dleachtanna frithchúitimh cinntitheacha ar allmhairí scragaill tiontaire alúmanaim de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (IO L 458, 22.12.2021, lch. 344, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2021/2287/oj).

([65]) *Ibid,* aithris (738).

([66]) Amhail i Rialachán (AE) 2020/1336, aithrisí 618-628; Roinn 2.2.2 i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1784 ón gCoimisiún an 8 Deireadh Fómhair 2021 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí táirgí cothromrollta alúmanaim de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, (IO L 359, 11.10.2021, lch. 6).

(516) Ar an dara dul síos, d'ainneoin mhaímh an ghearánaigh, níor tháinig an Coimisiún ar an gconclúid in aithris (484) gur féidir leis an tionscal bán dúch iomlán TiO_2 grafach a cheannach ó sholáthróir amháin san Aontas agus ó dhá sholáthróir sa tSín ach gurbh amhlaidh an cás do Flint. Go deimhin, mar a léiríonn an chuid eile den aithris sin, d'fhéadfadh sé go gceannódh úsáideoirí eile grafach TiO_2 ó sholáthróirí eile freisin, i gcainníochtaí beaga.

(517) A mhéid a bhaineann leis an dearbhú nár iarr an Coimisiún aon fhaisnéis ar tháirgeoirí neamhshampláilte an Aontais maidir lena dtáirgeadh grafach TiO_2, bhí faisnéis ag an gCoimisiún ó thaobh na n-úsáideoirí de go bhfuil cainníochtaí teoranta á gceannach ag cuid de na húsáideoirí ó tháirgeoirí neamhshampláilte de chuid an Aontais. Mheabhraigh an Coimisiún arís nár cuireadh i gcoinne go fóinteach riamh na n-argóintí a rinne táirgeoirí dúch bán maidir le hinfhaighteacht soláthair.

(518) Baineann sé sin go háirithe le hargóintí Flint maidir leis an bhfios gnó sonrach is gá chun TiO_2 a tháirgeadh a oibríonn go maith i ndúigh bhána, ar bunaíodh cheana féin i gcás cumaisc Huntsman/Rockwood gurbh ann dó agus nach bhfuair ach líon beag táirgeoirí máistreacht air. Tar éis an chumaisc sin, thairis sin, b'éigean fios gnó ceann amháin den dá cheannaire margaidh de chuid an Aontais in TiO_2 grafach a dhífheistiú, agus cheannaigh eintiteas arb é LB Group anois é, a lean de bheith ag soláthar an ghráid TiO_2 sin don Aontas.

(519) Níor chuir an gearánach aon fhianaise chun cinn le linn an imscrúdaithe a chuirfeadh i gcoinne an mhéid sin agus a bhréagnódh ar an gcaoi sin an chonclúid go bhfuil infhaighteacht grád TiO_2 grafach de cháilíocht shásúil teoranta ar fud an domhain go dtí dornán táirgeoirí san Aontas agus sa tSín. Níor tharraing aon ní sna freagraí fíoraithe ar an gceistneoir ó tháirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais amhras ar an gconclúid sin ach oiread. Dá bhrí sin, níor aimsigh an Coimisiún aon chúis le teagmháil a dhéanamh leis na táirgeoirí neamhshampláilte de chuid an Aontais.

(520) Maidir leis an acmhainneacht atá ar fáil ag táirgeoir amháin de chuid an Aontais chun an margadh a sholáthar, cé go bhféadfadh acmhainneacht theoiriciúil a bheith aige, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid cheana féin nach dócha go dtiomnódh sé 7 % den acmhainneacht sin chun soláthar a dhéanamh do rud nach bhfuil ach 2,5 % den mhargadh i gceist leis.

(521) Níor thug an gearánach aon fhianaise a thabharfadh le fios a mhalairt. Os a choinne sin, tugann a mhaímh féin ó na barúlacha maidir leis an nochtadh deiridh le fios nach bhfuil aon dreasacht eacnamaíoch ann é sin a dhéanamh.

(522) Ar an tríú dul síos, d'easaontaigh an Coimisiún le dearbhú an ghearánaigh gur chuir an Coimisiún modheolaíocht éagsúil i bhfeidhm i gcás ACF. Déanann an Coimisiún measúnú ar gach iarraidh ar bhonn cás ar chás agus i bhfianaise na bhfíoras agus na faisnéise uile atá ar fáil. Dá bhrí sin, ós rud é nach bhféadfaí an tionchar ar bhrabúsacht iomlán an úsáideora a mheas i gcás ACF, ní fhágann sé sin go bhfuil an staid fhíorasach inchomparáide leis an gcás sin. Ar aon nós, is léir ón gcásdlí nach mór dlíthiúlacht rialacháin lena bhforchuirtear dleachtanna frithdhumpála a mheasúnú i bhfianaise rialacha dlíthiúla agus, go háirithe, i bhfianaise fhorálacha an bhun-Rialacháin, ní ar bhonn chleachtas líomhnaithe institiúidí an Aontais roimhe seo maidir le cinntí a dhéanamh. ([67])

(523) Go deimhin, mar a shonraigh an Coimisiún in aithrisí (488) go (490) , agus anailís á déanamh aige ar an bpictiúr foriomlán, lena n-áirítear minicíocht ard TiO_2 i struchtúr costais na ndúch bán agus fianaise nua a tugadh ar luaineacht ghnó na ndúch bán, chomh maith leis na héifeachtaí iarmhartacha a d'fhéadfadh a bheith ag tionscal na pacáistíochta iartheachtach, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go mbeadh tionchar suntasach ag na bearta ar tháirgeoirí dúch bán.

(524) An tráth céanna, chuir an Coimisiún amhras in iúl faoi dhearbhuithe an ghearánaigh go mbeidh tionchar diúltach tromchúiseach ag an díolúine úsáide deiridh sin ar tháirgeoirí an Aontais. Mar a luadh cheana, is ionann TiO_2 grafach agus sciar an-bheag, 2,5 %, den mhargadh iomlán, agus níos lú fós i dtéarmaí sciar díolacháin an táirgeora amháin de chuid an Aontais is iomaíche sa mhargadh sin.

(525) Thairis sin, níor thug an gearánach bunús leis an bhfáth nach mbeadh aon cheann de tháirgeoirí an Aontais, atá agus a bhí ag díol TiO_2 grafach leis an Aontas sna blianta roimhe sin, in ainneoin iomaíocht na Síne, in ann é sin a dhéanamh go tobann anois.

([67]) Féach mar shampla an breithiúnas ón 18 Deireadh Fómhair 2016, *Crown Equipment (Suzhou) agus Crown Gabelstapler v an Comhairle*, T-351/13, gan bheith foilsithe, EU:T:2016:616, mír 107.

(526) Ar deireadh, níor thug an gearánach bunús fónta lena mhaímh maidir leis an riosca imchéimniúcháin. Is éard is díolúine úsáide deiridh ann nós imeachta custaim trína bhfíoraíonn údaráis chustaim an raibh na táirgí allmhairithe faoi réir úsáid shonrach go deimhin. Dá bhrí sin, ní raibh aon chúis ag an gCoimisiún gan a chreidiúint go bhféadfaí TiO_2 a mhídhearbhú nó a atreorú chuig úsáidí deiridh eile mar thoradh ar an díolúine sin.

(527) Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún do mhaímh na ngearánach maidir leis an díolúine úsáide deiridh do tháirgeadh dúch bán le haghaidh priontála.

7.3.6. *Tosca eile*

(528) Rinne roinnt páirtithe leasmhara maímh freisin maidir le soláthar neamhleor TiO_2 san Aontas. Dúirt siad go raibh orthu aghaidh a thabhairt ar go leor ganntanas soláthair san am a chuaigh thart agus nuair a thiocfaidh borradh faoin ngeilleagar arís, go n-ardóidh praghsanna agus nach mbeidh cainníochtaí leordhóthanacha de TiO_2 ar fáil ó tháirgeoirí an Aontais fiú.

(529) Chuir an gearánach i gcoinne na maíomh sin, á rá go bhfuil siad réidh chun freastal ar éileamh an Aontais a luaithe a thabharfar cothroime iomaíochta ar ais. Thairis sin, d'áitigh an gearánach freisin go bhfuil méaduithe acmhainneachta iomadúla beartaithe i dtíortha eile amhail an Ríocht Aontaithe, an Araib Shádach agus SAM.

(530) D'admhaigh an Coimisiún nach leor acmhainneacht iomlán an Aontais chun freastal ar éileamh iomlán an Aontais. Ina theannta sin, níorbh fhéidir na méaduithe acmhainneachta a mhaígh an gearánach a fhíorú in aghaidh fianaise iontaofa.

(531) Mar sin féin, ar bhonn na faisnéise agus na fianaise atá ar fáil don Choimisiún, tá neart acmhainneachtaí TiO_2 ar fáil ar fud an domhain, agus ar a laghad tá tásca ann go leanfar den leathnú acmhainneachta sna blianta amach romhainn i réigiúin seachas an tSín. Fiú dá n-imeodh allmhairí ón tSín go hiomlán, d'fhéadfadh siad sin an bhearna soláthair a d'fhéadfadh a bheith ann a chúiteamh.

7.4. **An chonclúid maidir le leas an Aontais**

(532) Ar bhonn an mhéid thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach raibh aon chúis an-láidir ann i gcoinne dleachtanna frithdhumpála cinntitheacha a fhorchur ar dhé-ocsaíd tíotáiniam de thionscnamh na Síne.

(533) Mar sin féin, chun teorainn a chur le haon tionchar tromchúiseach a d'fhéadfadh a bheith ar na húsáideoirí atá ag brath go mór ar TiO_2 ina dtáirgeadh agus chun maolú a dhéanamh ar an éifeacht dhíobhálach thromchúiseach a d'fhéadfadh a bheith ag dleachtanna frithdhumpála ar líon mór úsáideoirí den sórt sin, agus an tráth céanna cosaint a áirithiú do thionscal an Aontais atá neamhchosanta ar éifeachtaí díobhálacha na n-allmhairí dumpáilte ón tSín, d'fhéach an Coimisiún ar mhodhnú a dhéanamh ar na dleachtanna.

(534) Ina mbarúlacha maidir leis an nochtadh deiridh, d'athdhearbhaigh roinnt páirtithe leasmhara a mbarúlacha go bhfuil an ráta frithdhumpála 32,3 % ró-ard agus go bhfágfaidh sé go mbeidh a ngnólachtaí neamhiomaíoch, agus gur cheart don Choimisiún na dleachtrátaí a laghdú.

(535) Tugadh aghaidh ar na barúlacha aonair agus sonracha uile maidir le leas an Aontais. Thairis sin, mar a mhínítear i roinn 8.2 thíos, d'athraigh an Coimisiún foirm na mbeart. Ní bhaileofar na dleachtanna mar chéatadán de luach sonraisc dearbhaithe, ach mar mhéid seasta in aghaidh an chileagraim, beag beann ar luach an tsonraisc. Mar a mhínítear in aithris (533) thuas agus i roinn 8.2 thíos, tá coinne leis go maolóidh sin tionchar na ndleachtanna ar na húsáideoirí.

8. BEARTA FRITHDHUMPÁLA CINNTITHEACHA

8.1. **Bearta cinntitheacha**

(536) Ar bhonn na gconclúidí ar ar thángthas orthu maidir le dumpáil, díobháil, cúisíocht, leibhéal na mbeart agus leas an Aontais, agus i gcomhréir le hAirteagal 9(4) den bhun-Rialachán, ba cheart bearta frithdhumpála cinntitheacha a fhorchur chun cosc a chur le tuilleadh díobhála do thionscal an Aontais de dheasca allmhairí dumpáilte an táirge lena mbaineann.

8.2. **Foirm na mbeart**

(537) Mar a mhínítear in aithris (533) thuas, mheas an Coimisiún gurbh iomchuí foirm na mbeart a mhodhnú. Mar a mhaígh roinnt páirtithe, tharla an tréimhse imscrúdúcháin i gcomhthráth le cor chun donais sa timthriall éilimh le haghaidh TiO_2. De réir na faisnéise margaidh atá ar fáil don Choimisiún, meastar go leanfaidh an t-éileamh agus na praghsanna araon ag méadú go ceann i bhfad, go dtí deireadh 2025 ar a laghad.

(538) Dá bhrí sin, mheas an Coimisiún go maolóidh forchur dleachtanna i bhfoirm dleachtanna sonracha tionchar na ndleachtanna ar na húsáideoirí ós rud é, i margadh atá ag dul i méid, go mbeidh sciar na ndleachtanna i bpraghas iomlán TiO_2 na Síne níos lú ná má fhorchuirtear dleachtanna mar dhleachtanna *ad valorem*. Go háirithe, léirigh meastacháin an Choimisiúin, ar bhonn na sonraí ón tréimhse imscrúdúcháin a bailíodh ó na húsáideoirí cheana féin, go laghdódh bearta i bhfoirm dleachtanna sonracha an tionchar ar bhrabúsacht na dtáirgeoirí páipéir maisiúcháin agus dúch bán idir 0,2 agus 0,5 pointe céatadáin ar an tréimhse imscrúdúcháin, agus go bhfanfadh gach rud eile comhionann.

(539) Ina theannta sin, beidh tionchar an-bheag ag na bearta ar úsáideoirí na ngrád TiO_2 an-speisialaithe, amhail iad siúd a allmhairíonn AAKO, a bhfuil a bpraghas roinnt orduithe méide níos airde ná na gráid a úsáidtear go coitianta.

(540) An tráth céanna, leis an leibhéal dleachtanna chuirfí ar chumas thionscal an Aontais téarnamh ó éifeachtaí na dumpála díobhálaí i gcomhthéacs an éilimh agus na bpraghsanna atá ag ardú agus na gcostas amhábhar atá ag laghdú ([68]). Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid dá bhrí sin, i bhfianaise imthosca sonracha an cháis seo lena bhforchuirtear bearta i bhfoirm dleachtanna sonracha, go mbainfear cothromaíocht chuí amach idir leas na n-úsáideoirí agus an gá atá ag tionscal an Aontais le cosaint ar allmhairí dumpáilte.

(541) Ar bhonn a bhfuil thuas, ba cheart na dleachtrátaí frithdhumpála cinntitheacha, arna sloinneadh ar phraghas CAL ag teorainn an Aontais, roimh an dleacht chustaim a íoc, agus mar mhéid seasta in aghaidh an chileagraim, a bheith mar a leanas:

Cuideachta	Corrlach dumpála (%)	Corrlach díobhála (%)	Ráta dleachta cinntithí (%)	Dleacht shonrach chinntitheach (EUR/kg)
Grúpa LB	32,3	53,4	32,3	0,74
Grúpa Anhui Gold Star	11,4	53,0	11,4	0,25
Cuideachtaí comhoibríocha eile	28,4	53,3	28,4	0,64
Gach cuideachta eile	32,3	53,4	32,3	0,74

(542) Na dleachtrátaí frithdhumpála le haghaidh cuideachtaí aonair a shonraítear sa Rialachán seo, bunaíodh iad ar bhonn thorthaí an imscrúdaithe seo. Dá bhrí sin, is léiriú iad ar an staid mar a suíodh le linn an imscrúdaithe seo maidir leis na cuideachtaí sin. Dá bhrí sin, tá na dleachtrátaí sin infheidhme go heisiach maidir le hallmhairí an táirge faoi imscrúdú de thionscnamh na tíre lena mbaineann agus arna tháirgeadh ag na heintitis dhlíthiúla ainmnithe.

(543) Sna barúlacha uaidh ar an nochtadh deiridh, thug LB Group le fios go mbeadh sé ní b'oiriúnaí dleachtanna sonracha ar leithligh a shocrú le haghaidh TiO_2 ó phróiseas sulfáite agus le haghaidh TiO_2 ó phróiseas clóiríde mar gheall ar na difríochtaí traidisiúnta sna praghsanna orthu.

([68]) Ar bhonn shonraí Fastmarkets, tá laghdú tagtha ar phraghas ilminíte, an príomh-amhábhar le haghaidh TiO_2 ó bhí an tréimhse imscrúdúcháin ann (ar fáil ar shuibscríobh ag https://www.fastmarkets.com/login/metals-and-mining/), agus foráiltear leis na sonraí faisnéise margaidh atá ar fáil do laghduithe costais go luath amach anseo i gcomparáid leis an tréimhse imscrúdúcháin.

(544) Mheabhraigh an Coimisiún ina leith sin, mar a sonraíodh cheana in aithrisí (67) go (71) den Rialachán sealadach, agus mar a deimhníodh in aithrisí (81) go (84) thuas, gur dhiúltaigh an Coimisiún don iarraidh anailísí ar leithligh a dhéanamh ar dhíobháil agus ar chúisíocht do na táirgí a thagann ón dá phróiseas táirgthe. Bheadh sin ina réamhchoinníoll chun dleachtanna frithdhumpála aonair a ríomh le haghaidh TiO_2 ó phróiseas sulfáite agus le haghaidh TiO_2 ó phróiseas clóiríde.

(545) In éagmais aon fhianaise nua chun cur i gcoinne an conclúide sin, dhiúltaigh an Coimisiún d'iarraidh LB Group dleachtanna sonracha ar leithligh a shocrú le haghaidh TiO_2 ó phróiseas sulfáite agus le haghaidh TiO_2 ó phróiseas clóiríde.

(546) Ina mbarúlacha maidir leis an nochtadh deiridh, d'iarr an gearánach, cé nár chuir sé in aghaidh chinneadh an Choimisiúin maidir leis an gcineál dleachtanna atá beartaithe, go gcuirfí clásal isteach sa Rialachán deiridh chun go bhféadfaí athbhreithniú a dhéanamh ar fhoirm na dleachta i gcás ina n-éireodh an dleacht sheasta neamhéifeachtúil den chuid is mó chun gníomhú in aghaidh na gcleachtas dumpála, chun go bhféadfaí athbhreithniú láithreach a dhéanamh.

(547) Thug an Coimisiún dá aire ina leith sin go mbeadh clásal den sórt sin iomarcach. I gcás ina gcinnfeadh an gearánach nó aon pháirtí eile nach leor na dleachtanna frithdhumpála chun gníomhú in aghaidh na gcleachtas dumpála (gan beann ar cé acu a shloinnfí nó nach sloinnfí iad mar dleachtanna *ad valorem* nó mar dhleachtanna sonracha), is féidir leis iarraidh ar athbhreithniú eatramhach a dhéanamh ar choinníoll go gcomhlíonfar na coinníollacha faoi Airteagal 11(3) den bhun-Rialachán.

(548) Maidir le hallmhairí an táirge lena mbaineann arna monarú ag aon chuideachta eile nach luaitear go sonrach i gcuid oibríochtúil an Rialacháin seo, lena n-áirítear eintitis i ndáil leo sin a luaitear go sonrach, ní féidir leo tairbhe a bhaint as na rátaí sin agus ba cheart iad a bheith faoi réir an ráta dleachta is infheidhme maidir le 'gach allmhaire eile de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne'.

(549) Féadfaidh cuideachta a iarraidh go gcuirfear na rátaí aonair sin maidir le dleacht frithdhumpála i bhfeidhm má athraíonn sí ainm a heintitis ina dhiaidh sin. Ní mór an iarraidh a chur faoi bhráid an Choimisiúin ([69]). Ní mór an fhaisnéis ábhartha uile a bheith san iarraidh ionas gur féidir a léiriú nach ndéantar difear leis an athrú do cheart na cuideachta tairbhiú den ráta dleachta is infheidhme maidir léi. Más amhlaidh nach ndéantar difear leis an athrú ar ainm na cuideachta do cheart na cuideachta tairbhiú den ráta dleachta is infheidhme maidir léi, foilseofar Rialachán maidir leis an athrú ainm in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

(550) Chun na rioscaí maidir le himchéimniú a íoslaghdú de bharr na difríochta i ndleachtrátaí, teastaíonn bearta speisialta chun cur i bhfeidhm cuí na ndleachtanna frithdhumpála aonair a áirithiú. Níl cur i bhfeidhm dleachtanna frithdhumpála aonair infheidhme ach amháin nuair a chuirtear sonrasc tráchtála bailí faoi bhráid údaráis chustaim na mBallstát. Ní mór an sonrasc a bheith i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 1(3) den Rialachán seo. Go dtí go gcuirfear an sonrasc sin i láthair, ba cheart allmhairí a bheith faoi réir na dleachta frithdhumpála is infheidhme maidir le 'gach allmhaire eile de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne'.

(551) Cé go bhfuil sé riachtanach an sonrasc sin a chur i láthair údaráis chustaim na mBallstát chun na dleachtrátaí frithdhumpála aonair a chur i bhfeidhm maidir le hallmhairí, ní hé an t-aon ghné é a chuirfidh na húdaráis chustaim san áireamh. Go deimhin, fiú má thugtar sonrasc d'údaráis chustaim na mBallstát a chomhlíonann na ceanglais uile a leagtar amach in Airteagal 1(3) den Rialachán seo, ba cheart dóibh a ngnáthsheiceálacha a dhéanamh agus féadfaidh siad, mar atá i ngach cás eile, doiciméid bhreise a éileamh (doiciméid loingseoireachta, etc.) chun cruinneas na sonraí atá sa dearbhú a fhíorú agus chun a áirithiú go mbeidh údar le cur i bhfeidhm an ráta dleachta ina dhiaidh sin, i gcomhréir leis an dlí custaim.

(552) Má thagann méadú suntasach ar an méid onnmhairí a dhéanann ceann de na cuideachtaí a thairbhíonn de na dleachtrátaí aonair is ísle, go háirithe tar éis fhorchur na mbeart lena mbaineann, d'fhéadfaí a mheas gurb éard atá i méadú den sórt sin ann féin athrú ar an bpatrún trádála de bharr fhorchur na mbeart de réir bhrí Airteagal 13(1) den bhun-Rialachán. Sna himthosca sin, féadfar imscrúdú frith-imchéimnithe a thionscnamh, ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha chun déanamh amhlaidh. Féadfar scrúdú a dhéanamh san imscrúdú sin, inter alia, ar an ngá atá le deireadh a chur le dleachtráta nó dleachtrátaí aonair agus ar an ngá le dleacht ar an leibhéal náisiúnta a fhorchur dá bharr sin.

([69]) An Coimisiún Eorpach, Ard-Stiúrthóireacht na Trádála, Stiúrthóireacht G, Wetstraat 170 Rue de la Loi, 1040 an Bhruiséil, an Bheilg.

(553) Chun a áirithiú go ndéanfar na dleachtanna frithdhumpála a fhorfheidhmiú mar is ceart, ba cheart feidhm a bheith leis an dleacht frithdhumpála le haghaidh gach allmhaire eile de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, ní hamháin maidir leis na táirgeoirí onnmhairiúcháin neamh-chomhoibríocha san imscrúdú seo, ach ina dteannta sin, maidir leis na táirgeoirí nach ndearna táirgí a onnmhairiú chuig an Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

(554) Táirgeoirí onnmhairiúcháin nach ndearna an táirge lena mbaineann a onnmhairiú chuig an Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin, ba cheart dóibh a bheith in ann a iarraidh ar an gCoimisiún go gcuirfí faoi réir an dleachtráta frithdhumpála iad le haghaidh cuideachtaí comhoibríocha nach bhfuil san áireamh sa sampla. Ba cheart don Choimisiún iarraidh den sórt sin a cheadú, ar choinníoll go gcomhlíontar trí choinníoll. Bheadh ar an táirgeoir onnmhairiúcháin nua an méid seo a leanas a léiriú: (i) nár onnmhairigh sé an táirge lena mbaineann chuig an Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin; (ii) nach bhfuil gaol aige le táirgeoir onnmhairiúcháin a rinne amhlaidh; agus (iii) gur onnmhairigh sé an táirge lena mbaineann ina dhiaidh sin nó go ndeachaigh sé faoi oibleagáid chonarthach neamh-inchúlghairthe déanamh amhlaidh i gcainníochtaí substaintiúla.

(555) Tar éis an nochta dheiridh, d'iarr an gearánach ar an gCoimisiún clásal a chur isteach sa Rialachán deiridh. Leis an gclásal a iarradh, d'fhéadfaí faireachán a dhéanamh ar allmhairí TiO_2 de thionscnamh Anhui Gold Star, rud a d'fhágfadh go bhféadfaí comparáid a dhéanamh idir an méid a allmhairítear go bliantúil ón gcuideachta sin isteach san Aontas agus an acmhainneacht uasta a thuairiscítear i bhfreagra an cheistneora. Tugtar faoi deara ina leith sin, bunaithe ar an gcód TARIC breise a sannadh do ghrúpa Anhui Gold Star, agus mar chuid de na gníomhaíochtaí faireacháin, go mbeidh an Coimisiún in ann breathnú ar mhéideanna a thagann isteach san Aontas ón onnmhaireoir sin agus measúnú a dhéanamh dá réir sin ar an ngá atá le haon ghníomhaíocht leantach.

8.3. **Bailiúchán cinntitheach na ndleachtanna sealadacha**

(556) D'áitigh Plastika Kritis nár cheart dleachtanna sealadacha a bhailiú sa chás seo. Mhaígh siad, mar gheall ar ionsaithe Houtis a chuir isteach ar na bealaí loingseoireachta tríd an Muir Rua, nár tháinig roinnt lastais a ordaíodh i mí Feabhra/mí an Mhárta agus a seoladh i mí Aibreáin nó i mí na Bealtaine chuig an gcalafort cinn scríbe go fóill.

(557) An tráth céanna, sholáthair cuid mhaith úsáideoirí TiO_2 tairiscintí agus shínigh siad conarthaí lena gcustaiméirí ar phraghsanna seasta agus beidh orthu na caillteanais uile a bhaineann leis na dleachtanna frithdhumpála a sheasamh. Dá bhrí sin, maíonn siad nár cheart aon dleacht a bhailiú ar lastais TiO_2 a seoladh roimh an dáta clárúcháin.

(558) Thug an Coimisiún dá aire i ndáil leis sin gur cheart go mbeadh na húsáideoirí ar an eolas faoin bhféidearthacht go bhforchuirfear dleachtanna frithdhumpála ar a laghad ón tráth a fhoilseofar an fógra tionscnaimh.

(559) I bhfianaise na gcorrlach dumpála a cinneadh agus an leibhéil díobhála a rinneadh do thionscal an Aontais, ba cheart na méideanna arna n-urrú trí bhíthin na ndleachtanna frithdhumpála sealadacha arna bhforchur leis an Rialachán sealadach a bhailiú go cinntitheach suas go dtí na leibhéil a bhunaítear faoin Rialachán seo.

(560) Sna barúlacha a thug sé maidir leis an nochtadh deiridh, mhaígh Flint nach léir ó théacs an nochta deiridh an mbeidh feidhm ag an díolúine úsáide deiridh freisin maidir leis na dleachtanna frithdhumpála sealadacha a fhorchuirtear sa Rialachán sealadach. Tar éis na gconclúidí in aithrisí (459) go (527) thuas, dheimhnigh an Coimisiún gur cheart dé-ocsaíd tíotáiniam a allmhairítear le haghaidh tháirgeadh dúch bán i gcomhair priontála a shaoradh ó dhleachtanna sealadacha, ar choinníoll go gcomhlíonfar na coinníollacha chun leas a bhaint as an nós imeachta úsáide deiridh.

(561) Ina bharúlacha maidir leis an nochtadh deiridh, d'iarr Plastika Kritis nach mbaileofaí aon dleacht ar TiO_2 a seoladh ón tSín roimh an dáta clárúcháin i mí an Mheithimh 2024, a bhféadfaí a dháta loingseoireachta a chruthú leis an mbille luchta ábhartha. Mhaígh Plastika Kritis go bhfuil bailiú na dleachtanna ó 12 Iúil 2024 ina gcúis le caillteanais mhóra d'úsáideoirí TiO_2 a d'ordaigh TiO_2 roimh an dáta clárúcháin, agus é ag maíomh gur ag an tráth sin 'nach bhféadfadh aon duine a shamhlú go gcuirfí an dleacht mhíréasúnta seo chun feidhme.'

(562) Chuir an Coimisiún in iúl ina leith sin nach ndéantar foráil sa bhun-Rialachán maidir leis an bhféidearthacht bailiú dleachtanna a bhunú ar dháta seolta an táirge lena mbaineann ón tír is ábhar don imscrúdú. Thairis sin, foilsíodh an fógra tionscnaimh sa chás seo an 13 Samhain 2023, agus leagadh amach amlínte an cháis ann. Ón tráth sin ar aghaidh, d'fhéadfadh na húsáideoirí ar a laghad a bheith ar an eolas go bhféadfaí dleachtanna sealadacha a ghlacadh. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún don iarraidh sin.

8.4. **Bailiú cúlghabhálach**

(563) Mar a luaitear i roinn 1.2 thuas, chuir an Coimisiún allmhairí an táirge faoi imscrúdú faoi réir a gcláraithe.

(564) Mar a leagtar amach in aithris (456) den Rialachán sealadach, ní raibh an Coimisiún in ann cinneadh a dhéanamh maidir le cur i bhfeidhm cúlghabhálach féideartha beart frithdhumpála ag an gcéim sin den imscrúdú. Dá bhrí sin, ní mór don Choimisiún cinneadh a dhéanamh, i gcomhréir le hAirteagal 10(4) den bhun-Rialachán, cé acu a bhaileofar nó nach mbaileofar bearta frithdhumpála cinntitheacha go cúlghabhálach maidir le hallmhairí le linn na tréimhse clárúcháin.

(565) Rinne cúig úsáideoir agus ASEFAPI roinnt aighneachtaí i gcoinne an chláraithe ón nóiméad a d'iarr an gearánach é. Chláraigh roinnt táirgeoirí péinte níos lú mar pháirtithe leasmhara tar éis clárúcháin, agus chuir cúig cinn acu barúlacha isteach i gcoinne chlárú na n-allmhairí. Na páirtithe leasmhara uile a chuir barúlacha isteach tar éis an Rialacháin shealadaigh, phléadáil siad i gcoinne bhailiú cúlghabhálach na ndleachtanna. D'áitigh an gearánach gur cheart iad a bhailiú.

(566) Le linn chéim chinntitheach an imscrúdaithe, rinneadh na sonraí a bailíodh i gcomhthéacs an chláraithe a mheasúnú. Rinne an Coimisiún anailís lena fháil amach ar comhlíonadh na critéir faoi Airteagal 10(4) den bhun-Rialachán maidir le bailiú cúlghabhálach na ndleachtanna cinntitheacha.

(567) Leagtar amach in Airteagal 10(4) den bhun-Rialachán na critéir maidir le cé acu is féidir nó nach féidir dleachtanna a bhailiú le linn na tréimhse clárúcháin.

(568) Comhlíontar an coinníoll in Airteagal 10(4)(a) den bhun-Rialachán toisc gur cláraíodh allmhairí i gcomhréir le hAirteagal 14(5) den bhun-Rialachán.

(569) Tugadh deis do na hallmhaireoirí barúil a thabhairt i gcomhréir le hAirteagal 10(4)(b) den bhun-Rialachán tar éis fhoilsiú an Rialacháin clárúcháin chomh maith le foilsiú an Rialacháin shealadaigh.

(570) Chuir roinnt páirtithe leasmhara in iúl go raibh siad i gcoinne an chlárúcháin.

(571) Mhaígh na páirtithe, ós rud é nach leor táirgeacht TiO_2 an Aontais chun freastal ar éileamh an Aontais, nach bhfuil aon rogha eile ag na húsáideoirí ach allmhairiú a dhéanamh.

(572) Chuir an Coimisiún in iúl i ndáil leis sin nach critéar é an fíoras gur allmhairíodh táirgí, agus an fíoras sin amháin, ar ar socraíodh an cinneadh allmhairí a chlárú. Ina ionad sin, rinne an Coimisiún measúnú féachaint an raibh ardú suntasach breise ar allmhairí ar dócha go mbainfeadh sé an bonn d'éifeacht cheartaitheach na dleachta. Rinne an Coimisiún measúnú ar éabhlóid na méideanna allmhairí in aithris (575) thíos.

(573) De bhun Airteagal 10(4)(c) den bhun-Rialachán, ní mór 'stair dumpála thar thréimhse fhada a bheith ann, nó bhí an t-allmhaireoir ar an eolas faoin dumpáil a mhéid a bhaineann le méid na dumpála agus na díobhála líomhnaithe nó cruthaithe, nó ba cheart dó a bheith ar an eolas faoi'. Sa chás seo, measann an Coimisiún go raibh na hallmhaireoirí ar an eolas faoin dumpáil a mhéid a bhaineann le méid na dumpála agus na díobhála a líomhnaítear a rinneadh nó a fuarthas ó dháta tionscnaimh an imscrúdaithe, nó gur cheart dóibh a bheith ar an eolas faoi, ar na cúiseanna a mhínítear in aithrisí (8) go (11) den Rialachán clárúcháin.

(574) Thairis sin, de bhun Airteagal 10(4)(d) den bhun-Rialachán, ní mór 'ardú suntasach breise ar allmhairí a bheith ann i dteannta leibhéal na n-allmhairí ba chúis le díobháil le linn na tréimhse imscrúdúcháin', ardú is dócha a bhainfidh an bonn go tromchúiseach d'éifeacht cheartaitheach na ndleachtanna cinntitheacha i bhfianaise uainiú agus mhéid na n-allmhairí sin agus imthosca eile.

(575) Rinne an Coimisiún anailís ar mheánmhéideanna agus meánphraghsanna míosúla na n-allmhairí le linn na tréimhse imscrúdúcháin iomláine agus chuir sé i gcomparáid iad le meánmhéideanna agus meánphraghsanna míosúla na n-allmhairí tar éis an tionscnaimh (tréimhse mhí na Nollag 2023 – mí Iúil 2024). Sa tréimhse tar éis an tionscnaimh rinneadh idirdhealú idir an tréimhse go dtí forchur na mbeart sealadach, ar thaobh amháin, agus an tréimhse go dtí teacht i bhfeidhm an chlárúcháin, ar an taobh eile.

Tábla 1

Comparáid le Tréimhse Imscrúdúcháin Iomlán	Méid (kg)	Meán míosúil	Meánphraghas (EUR/kg)	Athrú ar an Méid ón Tréimhse Imscrúdúcháin	Athrú ar an Meánphraghas in aghaidh an Aonaid ón Tréimhse Imscrúdúcháin
An Tréimhse Imscrúdúcháin	209 375 100	17 447 925	2,24	-	-
Tréimhse B1 ([1]) - Mí na Nollag 2023 - mí Iúil 2024	180 743 000	22 592 875	2,18	29,5 %	– 2,54 %
Tréimhse B2 - Mí na Nollag 2023 - Mí an Mheithimh 2024	161 975 300	23 139 329	2,17	32,6 %	– 2,83 %

Foinse: Eurostat

([1]) Ghlac an Coimisiún le tréimhse B1 mar thréimhse dar tús na chéad mhíosa iomláine tar éis an tionscnaimh, agus dar críoch na míosa iomláine deireanaí nuair a foilsíodh an Rialachán sealadach. Bhreathnaigh an Coimisiún ansin freisin ar thréimhse B2, ag tosú sa chéad mhí iomlán tar éis an tionscnaimh, agus ag críochnú sa mhí roimh theacht i bhfeidhm na mbeart sealadach.

(576) Nuair a chuirtear ceachtar de na tréimhsí (B1 nó B2) i gcomparáid le tréimhse iomlán an imscrúdaithe, tá méadú tagtha ar mheánmhéid na n-allmhairí ón tSín, thart ar 30 % agus tháinig laghdú thart ar – 2,7 % ar na praghsanna.

(577) Mar sin féin, ós rud é go bhfuil táscairí láidre séasúrachta in éileamh TiO_2 sa mhargadh (is airde an t-éileamh sa samhradh agus is ísle sa gheimhreadh), mheas an Coimisiún go léiríonn comparáid idir tréimhsí B1 agus B2 leis na tréimhsí céanna san imscrúdú staid an mhargaidh ar bhealach níos cruinne. Taispeántar an chomparáid seo sa tábla thíos.

Tábla 2

Comparáid idir na tréimhsí céanna	Méid (kg)	Meán míosúil	Meánphraghas (EUR/kg)	Athrú ar an Méid ón Tréimhse Imscrúdúcháin	Athrú ar an Meánphraghas in aghaidh an Aonaid ón Tréimhse Imscrúdúcháin
An Tréimhse Imscrúdúcháin An Tréimhse Chéanna B1 (Mí na Nollag 2022 - mí Iúil 2023)	154 839 500	19 354 938	2,22		
Tréimhse B1 (Mí na Nollag 2023 - mí Iúil 2024)	180 743 000	22 592 875	2,18	17 %	– 1,9 %
An Tréimhse Imscrúdúcháin An Tréimhse Chéanna B2 - (Mí na Nollag 2022 - mí an Mheithimh 2023)	129 414 500	18 487 786	2,25		
Tréimhse B2 (Mí na Nollag 2023 - mí an Mheithimh 2024)	161 975 300	23 139 329	2,17	25 %	– 3,2 %

Foinse: Eurostat

(578) Léirítear sa chomparáid thuas go bhfuil méadú 17 % tagtha ar mheánallmhairí míosúla ón tSín tar éis thionscnamh an cháis, is é sin suas go dtí bearta sealadacha agus, níos tábhachtaí fós, méadú 25 % i bhfianaise na chéad mhíosa iomláine tar éis fhoilsiú an fhógra tionscnaimh imscrúdaithe agus i bhfianaise na míosa iomláine deireanaí roimh fhorchur na mbeart sealadach.

(579) Mar sin féin, bunaithe ar mheastacháin arna soláthar ag tionscal an Aontais, tháinig méadú ar thomhaltas san Aontas le treocht chomhchosúil, is é sin méadú timpeall 25 %. Dá bhrí sin, bhí an méadú ar allmhairí i gcomhréir leis an treocht maidir le tomhaltas. Comhthacaítear leis sin a thuilleadh toisc gur thuairiscigh roinnt táirgeoirí de chuid an Aontais méadú ar mhéideanna díolachán le linn na tréimhse tar éis na tréimhse imscrúdúcháin.

(580) Mhaígh roinnt páirtithe freisin nach féidir a mheas go raibh méadú ollmhór ar allmhairí tar éis thionscnamh an cháis ach go bhfuil aon mhéadú a breathnaíodh i gcomhréir le treochtaí roimhe seo, i.e., méadú a raibh coinne leis ar an éileamh tar éis bhun an timthrialla.

(581) Ar bhonn na hanailíse thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach raibh aon fhianaise leordhóthanach ann gur sháraigh an t-ardú ar allmhairí an méadú ar an éileamh le linn na tréimhse tar éis na tréimhse imscrúdúcháin. Níor aimsigh an Coimisiún aon fhianaise ar stoc-charnadh ag na hallmhaireoirí ná níor cuireadh an fhianaise sin faoi bhráid an Choimisiúin. Thairis sin, thug an Coimisiún dá aire, mar a léirítear i dtábla 2 thuas, sa tréimhse tar éis na tréimhse imscrúdúcháin, gur tháinig laghdú suntasach ar an meánphraghas allmhairiúcháin, gan beann ar chineál na dtréimhsí a breithníodh, agus fiú nuair a chuirtear séasúracht san áireamh. Mar sin féin, bhí an laghdú i gcomhréir leis an laghdú ar chostas táirgthe a mheas tionscal an Aontais don tréimhse tar éis na tréimhse imscrúdúcháin. I bhfianaise a bhfuil thuas, níorbh fhéidir leis an gCoimisiún teacht ar an gconclúid gur dócha go mbainfeadh méadú na n-allmhairí an bonn go mór d'éifeacht cheartaitheach na dleachta frithdhumpála cinntithí atá le cur i bhfeidhm, de réir bhrí Airteagal 10(4)(d) den bhun-Rialachán.

(582) Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach gcomhlíontar na coinníollacha maidir le bailiú cúlghabhálach.

9. **FORÁIL CHRÍOCHNAITHEACH**

(583) I bhfianaise Airteagal 109 de Rialachán 2024/2509 (AE, Euratom) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([70]), nuair a bheidh méid le haisíoc tar éis breithiúnas ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, nó mar thoradh ar réiteach cairdiúil, is é an ráta úis a bheidh ann an ráta a chuireann an Banc Ceannais Eorpach i bhfeidhm maidir lena phríomhoibríochtaí athmhaoinithe, arna bhfoilsiú i sraith C d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ar an gcéad lá féilire de gach mí. Ní bheidh an ráta úis diúltach. Cuirfear tús leis an ús ón dáta a íocfar an méid a bheidh le haisíoc go dtí an dáta a mbeidh an aisíocaíocht dlite.

(584) Níor thug an Coiste a bunaíodh le hAirteagal 15(1) den bhun-Rialachán tuairim uaidh.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Forchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí dé-ocsaíde tíotáiniam, ag a bhfuil an fhoirmle cheimiceach TiO_2, i ngach foirm, mar ocsaídí tíotáiniam nó i líocha agus ullmhóidí atá bunaithe ar dhé-ocsaíd tíotáiniam, ina bhfuil, de réir meáchain, cion 80 % ar a laghad de dhé-ocsaíd tíotáiniam arna ríomh ar an ábhar tirim, ag a bhfuil méid cáithníní de gach cineál, a aicmítear faoi Uimhir Chláraithe Sheirbhís na gCoimrithe Ceimiceacha (CAS RN) 12065-65-5 agus 13463-67-7, a thagann faoi láthair faoi chóid AC
ex 2823 00 00 agus ex 3206 11 00 (cóid TARIC 2823 00 00 10 agus 2823 00 00 30, 3206 11 00 10, agus 3206 11 00 30) agus ar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne iad.

([70]) Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj).

2. Is mar a leanas a bheidh méid seasta na dleachta frithdhumpála cinntithí is infheidhme maidir leis an bpraghas glan, saor ag teorainn an Aontais, roimh dhleacht a íoc, atá ar na táirgí arna sonrú i mír 1 agus arna dtáirgeadh ag na cuideachtaí a liostaítear thíos:

Cuideachta	Méid seasta dleachta (EUR in aghaidh an kg)	Cód breise TARIC
Grúpa LB: — LB GROUP CO., LTD. — HENAN BILLIONS ADVANCED MATERIAL CO., LTD. — LB LUFENG TITANIUM INDUSTRY CO., LTD. — LB SICHUAN TITANIUM INDUSTRY CO., LTD. — LB XIANGYANG TITANIUM INDUSTRY CO., LTD.	0,74	89CB
Grúpa Anhui Gold Star: — Anhui Gold Star Titanium Dioxide (Group) Co., Ltd. — ANHUI GOLD STAR TITANIUM DIOXIDE TRADING COMPANY LIMITED	0,25	89CC
Cuideachtaí comhoibríocha eile a liostaítear san Iarscríbhinn	0,64	Féach an Iarscríbhinn
Gach allmhaire eile de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne	0,74	8999

3. Beidh cur i bhfeidhm na ndleachtrátaí aonair a sonraíodh le haghaidh na gcuideachtaí a luaitear i mír 2 coinníollach ar shonrasc tráchtála bailí a chur faoi bhráid údaráis chustaim na mBallstát, ar a mbeidh dearbhú arna dhátú agus arna shíniú ag oifigeach de chuid an eintitis ag a mbeidh an sonrasc sin á eisiúint, a shainaithneofar lena ainm agus lena fheidhm, arna dhréachtú mar a leanas: *'Déanaimse, mise a bhfuil mo shíniú leis seo, a dheimhniú maidir le (méid san aonad atá á úsáid againn) den (táirge lena mbaineann) a díoladh lena onnmhairiú chuig an Aontas Eorpach agus a chumhdaítear leis an sonrasc seo, gurbh é (ainm agus seoladh na cuideachta) (cód breise TARIC) a mhonaraigh é sa [tír lena mbaineann]. Dearbhaím gur iomlán agus gur ceart an fhaisnéis sa sonrasc seo.*' Go dtí go gcuirfear an sonrasc sin i láthair, beidh feidhm ag an dleacht is infheidhme maidir le gach allmhaire eile de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne.

4. I gcásanna ina ndearnadh damáiste d'earraí roimh theacht i saorchúrsaíocht dóibh agus, dá bhrí sin, go ndéantar an praghas iarbhír a íocadh nó atá le híoc a chionroinnt chun an luach custaim a chinneadh de bhun Airteagal 131(2) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 ón gCoimisiún ([71]), déanfar céatadán ar leith a chomhfhreagraíonn do chionroinnt an phraghais iarbhír a íocadh nó atá le híoc a bhaint de mhéid na dleachta frithdhumpála, arna ríomh ar bhonn na méideanna a shocraítear thuas.

5. Mura sonraítear a mhalairt, beidh feidhm leis na forálacha atá i bhfeidhm maidir le dleachtanna custaim.

Airteagal 2

Beidh an táirge a shonraítear in Airteagal 1(1) díolmhaithe ó dhleacht frithdhumpála chinntitheach má allmhairítear é lena úsáid i dtáirgeadh dúch grafach bán le haghaidh priontála.

([71]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 ón gCoimisiún an 24 Samhain 2015 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme forálacha áirithe de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (IO L 343, 29.12.2015, lch. 558).

Beidh an díolúine sin faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos i bhforálacha custaim an Aontais maidir leis an nós imeachta úsáide deiridh, go háirithe Airteagal 254 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([72]) (Cód Custaim an Aontais).

Airteagal 3

1. Na méideanna arna n-urrú trí bhíthin na dleachta frithdhumpála sealadaí faoi Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1923, déanfar iad a bhailiú go cinntitheach. Na méideanna arna n-urrú de bhreis ar an dleacht frithdhumpála, déanfar iad a scaoileadh.

2. Beidh feidhm ag an díolúine faoi Airteagal 2 freisin maidir leis an dleacht frithdhumpála shealadach faoi Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1923.

Airteagal 4

Féadfar Airteagal 1(2) a leasú chun táirgeoirí onnmhairiúcháin nua ó Dhaon-Phoblacht na Síne a chur leis agus iad a chur faoi réir mheánráta ualaithe iomchuí na dleachta frithdhumpála le haghaidh cuideachtaí comhoibríocha nár áiríodh sa sampla. Tabharfaidh táirgeoir onnmhairiúcháin nua fianaise maidir leis an méid seo a leanas:

(a) nach ndearna sé na hearraí a shonraítear in Airteagal 1(1) a onnmhairiú le linn na tréimhse imscrúdúcháin (an 1 Deireadh Fómhair 2022 go dtí an 30 Meán Fómhair 2023);

(b) nach bhfuil sé comhlachaithe le honnmhaireoir ná le táirgeoir atá faoi réir na mbeart arna bhforchur ag an Rialachán seo, agus a d'fhéadfadh comhoibriú san imscrúdú bunaidh; agus

(c) gur onnmhairigh sé iarbhír an táirge lena mbaineann, sin nó go bhfuil oibleagáid chonarthach neamh-inchúlghairthe air cainníocht shuntasach de a onnmhairiú chuig an Aontas tar éis dheireadh na tréimhse imscrúdúcháin.

Airteagal 5

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 17 Nollaig 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

([72]) Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais, (IO L 269, 10.10.2013, lch. 1).

IARSCRÍBHINN

Táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha de chuid Dhaon-Phoblacht na Síne nár sampláladh

Tír	Ainm	Cód breise TARIC
Daon-Phoblacht na Síne	ANHUI ANNADA TITANIUM INDUSTRY CO., LTD.	89CO
Daon-Phoblacht na Síne	CITIC Titanium Industry Co., Ltd	89CP
Daon-Phoblacht na Síne	Chongqing Titanium Industry Co., Ltd. of Pangang Group	89CQ
Daon-Phoblacht na Síne	Guangxi Bluestar Dahua Chemical Co., Ltd	89CR
Daon-Phoblacht na Síne	GUANGXI JINMAO TITANIUM CO., LTD	89CS
Daon-Phoblacht na Síne	GUANGDONG HUIYUN TITANIUM INDUSTRY CORPORATION LIMITED	89CT
Daon-Phoblacht na Síne	Guangxi Guangfeng Titanium Co., Ltd.	89CU
Daon-Phoblacht na Síne	Hebei Milson Titanium Dioxide Co.,Ltd	89CV
Daon-Phoblacht na Síne	Jinan Yuxing Chemical Co.,Ltd	89CW
Daon-Phoblacht na Síne	KUNMING DONGHAO TITANIUM CO., LTD.	89CX
Daon-Phoblacht na Síne	Nanjing Titanium Dioxide Chemical Co., Ltd.	89CY
Daon-Phoblacht na Síne	NINGBO XINFU TITANIUM DIOXIDE CO.,LTD	89CZ
Daon-Phoblacht na Síne	PANZHIHUA DARUI TECHNOLOGY CO.,LTD.	89DA
Daon-Phoblacht na Síne	PANZHIHUA DONGFANG TITANIUM INDUSTRY CO., LTD.	89DB
Daon-Phoblacht na Síne	PANZHIHUA KAIHAO TECHNOLOGY CO., LTD.	89DC
Daon-Phoblacht na Síne	Pangang Group Titanium Industry Co., Ltd	89DD
Daon-Phoblacht na Síne	SHANDONG XIANGHAI TITANIUM CO., LTD.	89DE
Daon-Phoblacht na Síne	SHANDONG DAWN TITANIUM INDUSTRY CO., LTD.	89DF
Daon-Phoblacht na Síne	SHANDONG DOGUIDE GROUP CO., LTD.	89DG
Daon-Phoblacht na Síne	SHANDONG JINHAI TITANIUM RESOURCES TECHNOLOGY CO., LTD.	89DH
Daon-Phoblacht na Síne	Xuzhou Titanium Dioxide Chemical Co., Ltd.	89DI
Daon-Phoblacht na Síne	Yibin Tianyuan Haifeng Hetai Co., Ltd	89DJ
Daon-Phoblacht na Síne	YUNNAN DAHUTONG TITANIUM INDUSTRY CO., LTD	89DK